Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2026)0009

Cearta aerphaisinéirí

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 21 Eanáir 2026 ar an seasamh ón gComhairle ar an dara léamh i ndáil le glacadh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás ina ndiúltaítear cead bordála dóibh nó i gcás ina gcuirtear eitiltí ar ceal nó ina gcuirtear moill fhada orthu agus Rialachán (CE) Uimh. 2027/97 maidir le dliteanas aeriompróra i ndáil le hiompar paisinéirí agus a gcuid bagáiste d'aer (10015/1/2025 – C10-0228/2025 – 2013/0072(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an dara léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh (10015/1/2025 – C10-0228/2025),
- ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 11 Iúil 2013[1],
- tar éis dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,
- ag féachaint don tuairim ón gCoimisiún (COM(2025)0630),
- ag féachaint dá seasamh ar an gcéad léamh[2] ar an togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2013)0130),
- ag féachaint do threoirlínte an Choiste um Iompar agus um Thurasóireacht an 13 Deireadh Fómhair 2025 de bhun Riail 74 dá Rialacha Nós Imeachta,
- ag féachaint d'Airteagal 294(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
- ag féachaint do Riail 68 dá Rialacha Nós Imeachta,
- ag féachaint don mholadh don dara léamh ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht (A10-0001/2026),

1. ag glacadh a seasaimh ar an dara léamh mar a leagtar amach ina

---

1 IO C 327, 12.11.2013, lch. 115.
2 IO C 93, 24.3.2017, lch. 336.

dhiaidh seo é;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

P10_TC2-COD(2013)0072

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 21 Eanáir 2026 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2026/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás ina ndiúltaítear cead bordála dóibh nó i gcás ina gcuirtear eitiltí ar ceal nó ina gcuirtear moill fhada orthu agus Rialachán (CE) Uimh. 2027/97 maidir le dliteanas aeriompróirí i ndáil le hiompar paisinéirí agus a gcuid bagáiste d'aer

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Tar éis dóibh dul i dteagmháil le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[2],

---

1 IO C 327, 12.11.2013, lch. 115.

2 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 5 Feabhra 2014 (IO C 93, 24.3.2017, lch. 336) agus seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an 29 Meán Fómhair 2025 (OJ C, C/2025/5782, 30.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5782/oj). Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 21 Eanáir 2026.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] agus le Rialachán (CE) Uimh. 2027/97 ón gComhairle[4], cuireadh go mór le cearta aerphaisinéirí a chosaint nuair a chuirtear isteach ar a bpleananna taistil toisc go ndiúltaítear cead bordála dóibh nó go gcuirtear moill fhada ar eitiltí nó mar gheall ar chealuithe nó ar bhagáiste a mhíláimhseáil.

(1a) Deimhníonn reachtóir an Aontais na haidhmeanna a chuirtear in iúl le hAithrisí 1 agus 4 maidir le reachtaíocht an Aontais i réimse an aeriompair chun ardleibhéal cosanta a áirithiú do phaisinéirí, chun na ceanglais maidir le cosaint tomhaltóirí i gcoitinne a chur san áireamh go hiomlán agus chun na caighdeáin chosanta a leagtar síos leis an Rialachán seo a ardú. Ba cheart é sin a dhéanamh trí chearta aerphaisinéirí a neartú, trí dheimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú d'aerphaisinéirí agus d'aeriompróirí araon agus trí phríomhrialuithe na Cúirte Breithiúnais a chódú ina léirmhíniú ar Rialachán (CE) Uimh. 261/2004, agus trína áirithiú go n-oibríonn aeriompróirí faoi choinníollacha comhchuibhithe i margadh léirscaoilte. Ciallaíonn sé sin freisin nár cheart na caighdeáin chosanta a leagtar síos le Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 a íosghrádú ar bhealach ar bith. Dá réir sin, ba cheart acmhainneacht iomlán chearta aerphaisinéirí, mar a chosnaítear faoi Rialacháin (CE) Uimh. 261/2004 agus (CE) Uimh. 2027/97, a bhaint amach agus ba cheart cur i bhfeidhm níos éifeachtaí, níos éifeachtúla agus

---

3 Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí sa chás go ndiúltaítear cead bordála dóibh agus i gcás ina gcuirtear eitiltí ar ceal nó go gcuirtear moill fhada orthu, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 295/91(IO L 46, 17.2.2004, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/261/oj).

4 Rialachán (CE) Uimh. 2027/97 an 9 Deireadh Fómhair 1997 maidir le dliteanas aeriompróirí i ndáil le hiompar paisinéirí agus a gcuid bagáiste d'aer (IO L 285, 17.10.1997, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1997/2027/oj).

níos comhsheasmhaí na gceart sin a áirithiú ar fud an Aontais, agus leasanna aeriompróirí á gcur san áireamh agus leanúint de chothromaíocht a bhaint amach idir leasanna aerphaisinéirí agus leasanna aeriompróirí. **[Leasú 1]**

(2) De dheasca roinnt easnamh a tháinig chun solais agus na cearta faoi Rialacháin (CE) Uimh. 261/2004 agus (CE) Uimh. 2027/97 á gcur chun feidhme, áfach, cuireadh cosc ar bhaint amach acmhainneacht iomlán na gceart sin ó thaobh chosaint na bpaisinéirí de. Chun a áirithiú go gcuirfear cearta aerphaisinéirí ar fud an Aontais i bhfeidhm ar bhealach níos éifeachtaí, níos éifeachtúla agus níos comhsheasmhaí, is gá roinnt leasuithe a dhéanamh ar an gcreat dlíthiúil reatha. Leagadh béim air sin i dteachtaireacht ón gCoimisiún an 27 Deireadh Fómhair 2010 dar teideal EU Citizenship Report 2010 Dismantling the obstacles to EU citizens' rights [Tuarascáil ar Shaoránacht an Aontais 2010, Na bacainní ar chearta shaoránaigh an Aontais a dhíchur], inar fógraíodh bearta chun sraith de chearta coiteanna a áirithiú go háirithe d'aerphaisinéirí agus chun forfheidhmiú leordhóthanach na gceart sin a áirithiú.

(3) ~~Léiríodh~~ Sa staidéar ar an leibhéal reatha cosanta a thugtar do chearta aerphaisinéirí san Aontas, arna shainordú agus arna fhoilsiú ag an gCoimisiún in 2020, (~~dá ngairtear ‘~~an staidéar~~’ anseo feasta~~ ***ón ngrúpa stiúrtha***) ***maítear*** gurb é an phríomhthosaíocht atá ag paisinéirí ná go dtabharfar cúnamh dóibh i gcás ina gcuirtear isteach ar thaisteal agus go dtairgfear athródú dóibh ionas go ~~dtagann siad isteach ar~~***sroichfidh siad*** a gceann scríbe a luaithe is féidir. ~~Léiríodh~~***Chuige sin, léirítear*** sa staidéar ***ón ngrúpa stiúrtha*** gur sa tríú háit, ~~de réir~~***as na trí rogha a chuirtear ar fáil i dtéarmaí*** thosaíochtaí na bpaisinéirí, atá íocaíocht an chúitimh. ~~Ar an taobh eile, léiríodh sa~~***Mar sin féin, ní fhéadtar tátal a bhaint as an*** staidéar ~~freisin go bhfuil fás~~***sin go mbeadh íocaíocht cúitimh ar rangú íseal i dtéarmaí thosaíochtaí na bpaisinéirí, ar thrí chúis. Ar an gcéad dul síos, tá claonadh*** suntasach ~~tagtha ar na dearbhchostais agus na costais choibhneasta arna dtabhú ag aeriompróirí trí chur chun feidhme~~***i ndearadh na gceisteanna cheana féin, rud a laghdaíonn na torthaí a d’fhéadfadh a bheith ann, ós rud é nach bhfuil na trí rogha a thugtar do na freagróirí inchomparáide de réir a gcineáil. Cé go ngeallann dhá cheann de na roghanna (cúnamh, athródú) faoiseamh láithreach ó fhadhb phráinneach (cur isteach ar eitiltí), níl an tríú rogha (cúiteamh) chomh láithreach ná chomh práinneach céanna de réir a cineáil. Le cúiteamh faoin*** Rialachán ~~(CE) Uimh. 261/2004 ó 2011~~***seo, féachtar le cúiteamh a thabhairt*** i leith ~~agus,~~***damáiste a fulaingíodh*** mar thoradh ~~air sin, d’fhéadfaí srian a chur~~***ar chur isteach, le híocaíocht a chuidíonn leis an bpaisinéir san fhadtéarma, seachas an fhadhb láithreach a réiteach (trí chúnamh nó athródú). Níl sé ach nádúrtha go gcuireann an gnáthfhreagróir an réiteach is lú práinní agus is lú láithrí (cúiteamh) sa tríú háit as na trí rogha.***

Mar sin féin, bheadh sé neamhbhailí go loighciúil agus go staitistiúil teacht ar an ~~líon bealaí a oibrítear nó d'fhéadfaí laghdú~~***gconclúid ón rangú sin go mbeadh tábhacht i bhfad níos ísle ag baint le cúiteamh a fháil don phaisinéir. Ar an dara dul síos, le dearadh na gceisteanna sa Staidéar, cruthaítear oibleagáid shaorga ar an bhfreagróir rogha*** a dhéanamh ***idir trí rogha agus iad a rangú, agus i réaltacht reatha Rialachán (CE) Uimh. 261/2004, tá na trí rogha sin ann taobh le chéile gan a bheith comheisiach ar bhealach ar bith.*** Ar an ~~nascacht a thairgeann aeriompróirí~~***tríú dul síos, eascraíonn an rangú sa staidéar ón ngrúpa stiúrtha as idirghníomhaíocht le tomhaltóirí agus le heagraíochtaí paisinéirí agus as taighde deisce, agus níl sé bunaithe ar shuirbhé cuimsitheach paisinéirí. Dá bhrí sin, chun claontacht i gceisteanna agus i modheolaíocht an chás-staidéir a sheachaint, b'fhiú dul i gcomhairle le suirbhéanna ionadaíocha breise ar thuairimí aerphaisinéirí maidir le cúiteamh faoin Rialachán seo. I suirbhé staidrimh[5] a rinne Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) in 2018 ar 10 350 saoránach a roghnaíodh go randamach ó dheich mBallstát, léiríodh an 'ceart chun cúitimh i gcás cealuithe nó i gcás nach gceadófaí bordáil' sa dara háit le 39.6% as deich rogha as a roghnódh paisinéirí trí cheart 'a mheasann siad a bheith ar na cearta is tábhachtaí', agus ní raibh an rogha thosaíochta, arb í an 'ceart chun iompar malartach a fháil i gcás moilleanna fada, cealuithe nó i gcás nach gceadófaí bordáil' ach beagán níos airde, ag 41.7 %.***

5 ***Cf. leathanach 22 de https://www.eca.europa.eu/Lists/ECADocuments/SR18_30/SR_PASSENGER_RIGHTS_EN.pdf***

I bhfianaise na difríochta diomaibhsí sin, níor cheart aon fhíorord tosaíochta a bhaint den dá rogha sin atá rangaithe go dlúth lena chéile. I bpobalbhreith YouGov a choimisiúnaigh gníomhaireacht éileamh, a rinneadh in earrach 2025, ina raibh 3059 saoránach as an nGearmáin, as an Spáinn agus as an Danmhairg, d'áitigh 70 % de na freagróirí go gcoinneofaí an riail chúitimh atá ann faoi láthair, agus chuir siad i bhfios go láidir nár cheart do phaisinéirí ~~san fhadtéarma. Dá bhrí sin, ba cheart don athbhreithniú~~***cearta a chailleadh maidir le coigilt costais imeallaí, agus nach raibh ach 14 % díobh i bhfabhar EUR 1 toimhdithe a shábháil ar phraghas an ticéid. Is é conclúid fiú an chomhlachais tionscail Airlines for Europe (A4E) óna phobalbhreith YouGov féin, lena léirítear tuairimí níos mó ná 6,000 tomhaltóir i gcúig Bhallstát, 'go dtacaíonn 75 % de phaisinéirí a bhí ar eitilt sna le 12 anuas le cloí leis na leibhéil chúitimh atá ann faoi láthair'[6]. Tacaíonn an fhianaise sin le cinneadh reachtóir an Aontais i gcomhthéacs an athbhreithnithe*** ar Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 ~~díriú go háirithe ar~~***gan íosghrádú a dhéanamh ar aon*** chearta ***atá ag*** paisinéirí ***cheana chun cúitimh, mar aon le cearta eile atá chomh tábhachtach céanna*** chun cúnaimh agus ***chun athródaithe. Ní mór an dá chatagóir ceart a scrúdaíodh san fhianaise thuas, 'cúiteamh' agus 'cúnamh agus*** athródú', ***a mheas ina n-iomláine agus níor cheart iad a chur i gcodarsnacht go saorga. Is féidir*** ~~agus~~ dreasachtaí eacnamaíocha aeriompróirí agus ~~tionchair~~***an tionchar*** ar nascacht ~~á gcur~~***a chur*** san áireamh ***go hiomlán, agus cearta aerphaisinéirí atá ann cheana agus ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí á gcaomhnú*** ag an am céanna. **[Leasú 2]**

---

6 ***Cf. A4E Preaseisiúint an 14 Deireadh Fómhair 2025 https://a4e.eu/publications/new-data-confirms-that-eu-passenger-rights-reform-is-out-of-sync-with-passenger-priorities/***

(3a) I gcomhréir le cuspóirí Rialachán (CE) Uimh. 261/2004, soláthraítear le staidéar neamhspleách piarmheasúnaithe ó 2023[7] fianaise láidir go bhfuil an Rialachán san fhoirm ina bhfuil sé faoi láthair éifeachtach chun meánmhoilleanna eitilte a laghdú. Sonraítear ann gur léir go bhfuil tábhacht eacnamaíoch ag baint leis an tionchar sin agus go bhfuil sé neamhspleách ar chinntí na n-aeriompróirí maidir le fad eitiltí sceidealaithe. Deimhnítear ann gur féidir diúltú go láidir, ó thaobh staidrimh de, don hipitéis nach mbeidh aon tionchar ann. Cuirtear i dtábhacht sa staidéar go bhfuil a thorthaí bailí freisin le haghaidh táscairí poncúlachta eitilte eile (moill ar theacht isteach agus cion na 'n-eitiltí in am') agus cuirtear in iúl go bhfuiltear i gcoinne sonraíochtaí malartacha a úsáid. Thairis sin, luaitear ann go bhfuil an éifeacht is mó ag an Rialachán atá ann faoi láthair i ndáil le laghdú moille ar bhealaí ina bhfuil an iomaíocht íseal. Cuirtear i bhfios go láidir, ó thaobh na heacnamaíochta de, go gcuirtear i bhfeidhm leis an scéim cúitimh faoi Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 an prionsabal gur cheart don pháirtí is fearr atá in ann é a chosc agus a bhainistiú ar an gcostas is ísle an dliteanas a íoc. Choimeádfadh aeriompróirí, seachas paisinéirí, smacht ar phoncúlacht trí sceidealú, pleanáil chothabhála, uainíochtaí foirne agus aerárthaí, agus straitéisí athshlánaithe ó shuaitheadh.

---

7 ***Cf. Gnutzmann and Spiewanowski in: Transport Policy 136 (2023) 155–168, cf. https://www.sciencedirect.com/science/article/pii/S0967070X23000768***

Trí dhliteanas i leith moill ar theacht ag an gceann scríbe deiridh a cheangal, sholáthrófaí leis an Rialachán dreasachtaí eacnamaíocha riachtanacha d'aeriompróirí chun moilleanna fada agus cealuithe a laghdú. Tacaíonn torthaí an staidéir seo le cinneadh reachtóir an Aontais an tairseach choiteann trí uair an chloig le haghaidh cúitimh a choinneáil ar bun agus a chur in iúl go sainráite i gcás cealaithe nó moille fada, na leibhéil chúitimh reatha agus na tairseacha achair: lena n-áiritheofar nach ndéanfar an leibhéal cosanta atá ann faoi láthair do chearta paisinéirí a íosghrádú, agus go mbeidh sé éifeachtach chun nascacht a mhéadú agus chun dreasachtaí eacnamaíocha d'aeriompróirí a choinneáil ar bun. **[Leasú 3]**

(4) Ba cheart paisinéirí atá ag taisteal ar eitilt a chumhdaítear le hOibleagáidí Seirbhíse Poiblí, ar tháille iomlán nó ar tháille laghdaithe, a bheith faoi réir na gceart céanna faoi Rialachán (CE) Uimh. 261/2004.

(5) ~~Chun an deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú d'aeriompróirí agus d'aerphaisinéirí, is gá sainmhíniú a thabhairt ar an gcoincheap 'imthosca urghnácha', a chuireann san áireamh an breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais i gCás C-549/07 (Friederike Wallentin-Hermann v Alitalia - Linee Aeree Italiane SpA)~~[8] ~~('breithiúnas i gCás C-549/07')~~ ~~maidir leis an léirmhíniú ar Rialachán (CE) Uimh. 261/2004. Ba cheart an~~***Tá*** coincheap '~~imthosca~~***na n-imthosca*** urghnácha' ***ina ábhar do neart cásdlí de chuid na Cúirte Breithiúnais. Ba cheart níos mó soiléireachta a thabhairt maidir le cad is***~~a shoiléiriú trí liostaí neamh-uileghabhálacha d'imthosca ar~~ imthosca urghnácha ***ann chun go bhféadfaí cearta aerphaisinéirí a fhorfheidhmiú go héifeachtach agus go comhsheasmhach. I bhfianaise an chásdlí, ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir teagmhais ar de thionscnamh 'inmheánach' iad agus teagmhais ar de thionscnamh 'seachtrach' iad nach mbaineann leis an aeriompróir oibriúcháin. Ba cheart a mheas go bhfuil teagmhais seachtrach nuair a eascraíonn siad as***~~iad nó ar~~ imthosca nach ***bhfuil neart ag an aeriompróir orthu agus nuair a eascraíonn siad as teagmhas nádúrtha nó as gníomh de chuid tríú páirtí. Ba cheart teagmhais sheachtracha den sórt sin a cháiliú go ginearálta mar*** imthosca urghnácha***. Teagmhais nach gcomhlíonann na critéir sin, ba cheart a mheas gur teagmhais inmheánacha iad agus níor cheart iad a cháiliú mar imthosca urghnácha***~~ iad~~. Ba cheart ~~don Choimisiún athbhreithniú~~***an t-idirdhealú sin a shoiléiriú tuilleadh trí bhíthin liosta uileghabhálach d'imthosca atá sainaitheanta go soiléir mar imthosca a bhféadfaí a mheas mar imthosca urghnácha.***

---

8 ~~Breithiúnas ón gCúirt (an Ceathrú Dlísheomra) an 22 Nollaig 2008, Friederike Wallentin-Hermann v Alitalia - Linee Aeree Italiane SpA, Cás C-549/07, ECLI:EU:C:2008:771.~~

Chun leasú a dhéanamh ar an liosta d'imthosca urghnácha ~~gach 3 bliana agus a mholadh, de réir mar is~~***, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún maidir le cur leis an liosta sin, i gcás inar gá. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin*** iomchuí ***le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[9]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint*** ~~, do Pharlaimint~~ na hEorpa agus ~~don~~***an*** Chomhairle ***na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe*** ~~an liosta a thabhairt cothrom le dáta~~. **[Leasú 4]**

---

9 ***Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1).***

(5a) I gcomhréir le Coinbhinsiún Montréal, ba cheart oibleagáidí aeriompróirí oibriúcháin a theorannú nó a eisiamh i gcásanna inar imthosca urghnácha nárbh fhéidir a sheachaint fiú dá ndéanfaí gach beart réasúnta ab fhéidir ba chúis leis an teagmhas. Tá tuilleadh sonraí curtha ar fáil ag an gCúirt Bhreithiúnais maidir le brí agus teorainneacha na hoibleagáide 'bearta réasúnta' a dhéanamh ina cásdlí. **[Leasú 5]**

~~(6) Sa breithiúnas uaithi i gCás C-549/07, dhearbhaigh an Chúirt Bhreithiúnais nárbh ionann fadhb theicniúil gan choinne agus imthoisc urghnách, ach amháin i gcás inar tháinig an fhadhb theicniúil gan choinne chun cinn mar gheall ar fhabht ceilte monaraíochta arna nochtadh ag monaróir an aerárthaigh nó ag údarás inniúil, nó mar gheall ar dhamáiste don aerárthach ar ghníomhartha sabaitéireachta nó sceimhlitheoireachta ba chúis leis. Mar sin féin, i bhfianaise na taithí a fuarthas agus mar gheall ar an tábhacht uileghabhálach a bhaineann lena áirithiú nach ndéanann na cearta a thugtar do phaisinéirí faoin Rialachán seo dochar don tsábháilteacht, faoi chúinsí áirithe, ba cheart gurb ionann fadhbanna teicniúla a bhaineann le trealamh áirithe agus imthosca urghnácha.~~ **[Leasú 6]**

(7) Sa bhreithiúnas uaithi i gCásanna Uamtha C-156/22, C-157/22 agus C-158/22 (TAP Portugal v flightright GmbH agus Myflyright GmbH)[10] maidir leis an léirmhíniú ar Rialachán (CE) Uimh. 261/2004, dhearbhaigh an Chúirt Bhreithiúnais nach imthoisc urghnách atá i gceist nuair a bhíonn ball foirne atá ríthábhachtach a bheith i láthair chun an eitilt a oibriú as láthair gan choinne mar gheall ar bhreoiteacht nó fiú mar gheall ar bhás gan choinne, tamall beag roimh imeacht eitilte. Mar sin féin, cé go bhfuil sé de dhualgas ar aeriompróirí gach beart réasúnta a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirfear duine eile in ionad an phíolóta nó an chomhphíolóta nó go gcuirfear na daoine is gá in ionad na foirne cábáin, chun a áirithiú go mbeidh an líon íosta daoine is gá ann, teastaíonn go leor ama agus bíonn costas ard airgeadais i gceist chun a áirithiú go gcomhlíontar an oibleagáid sin go praiticiúil lasmuigh de bhunáiteanna an aeriompróra. Dá bhrí sin, is iomchuí a fhoráil gur cheart gurb ionann breoiteacht nó bás gan choinne baill foirne a bhfuil sé ríthábhachtach go mbeadh sé nó sí i láthair, mar shampla nuair a tharlaíonn sé an lá roimh imeacht na heitilte, lasmuigh de bhunáiteanna an aeriompróra, agus imthoisc urghnách. **[Leasú 7]**

10 Breithiúnas ón gCúirt (an Tríú Dlísheomra) an 11 Bealtaine 2023, TAP Portugal v flightright GmbH agus Myflyright GmbH, Cásanna Uamtha C-156/22 go C-158/22, ECLI:EU:C:2023:393.

(8) Sna breithiúnais uaithi i gCásanna C-28/20 (Airhelp Ltd v Scandinavian Airlines System Denmark – Norway – Sweden)[11], C-195/17 (Helga Krüsemann agus Eile v TUIfly GmbH)[12], C-613/20 (CS v Eurowings GmbH)[13] agus C-287/20 (EL agus CP v Ryanair DAC)[14] maidir leis an léirmhíniú ar Rialachán (CE) Uimh.261/2004, dhearbhaigh an Chúirt nach imthosca urghnácha atá i gceist nuair a théann foireann an aeriompróra ar stailc. Mar sin féin, nuair a bhíonn stailc ann, ní thagann éilimh áirithe a dhéanann foireann aerlíne faoi shainchúram an aeriompróra agus níl neart aige orthu, amhail athruithe ar an aois scoir nó ar ranníocaíochtaí airgeadais nach féidir ach le húdaráis phoiblí aghaidh a thabhairt orthu. Dá bhrí sin, is iomchuí a fhoráil gur imthosca urghnácha atá i gceist nuair a théann foireann aerlíne ar stailceanna áirithe. **[Leasú 8]**

---

11 Breithiúnas ón gCúirt (an Mór-Dhlísheomra) an 23 Márta 2021, Airhelp Ltd v Scandinavian Airlines System Denmark – Norway – Sweden, Cás C 28/20, ECLI:EU:C:2021:226.

12 Breithiúnas ón gCúirt (an Tríú Dlísheomra) an 17 Aibreán 2018, Helga Krüsemann agus Eile v TUIfly GmbH, Cás C-195/17, ECLI:EU:C:2018:258.

13 Breithiúnas ón gCúirt (an Naoú Dlísheomra) an 6 Deireadh Fómhair 2021, CS v Eurowings GmbH, Cás C-613/20, ECLI:EU:C:2021:820.

14 Ordú na Cúirte (an tOchtú Dlísheomra) an 10 Eanáir 2022, EL agus CP v Ryanair DAC, Cás C-287/20, ECLI:EU:C:2022:1.

(9) Sa bhreithiúnas uaithi i gCás C-173/07 (Emirates Airlines - Direktion für Deutschland v Diether Schenkel)[15] maidir leis an léirmhíniú ar Rialachán (CE) Uimh. 261/2004, dhearbhaigh an Chúirt Bhreithiúnais nár sainmhíníodh an coincheap ‘eitilt’ de bhrí Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 ach léirmhínigh an Chúirt Bhreithiúnais gurb é atá sa choincheap sin go bunúsach oibríocht aeriompair, mar ‘aonad’ d’iompar den sórt sin, arna déanamh ag aeriompróir a shocraíonn cúrsa taistil na hoibríochta sin. Chun éiginnteacht a sheachaint agus i bhfianaise na taithí a fuarthas, ba cheart sainmhíniú soiléir ar ‘eitilt’, agus ar na coincheapa gaolmhara ‘nasceitilt’ agus ‘turas’, a sholáthar anois.

(10) Sa bhreithiúnas uaithi i gCás C-537/17 (Claudia Wegener v Royal Air Maroc SA)[16] maidir leis an léirmhíniú ar Rialachán (CE) Uimh. 261/2004, dhearbhaigh an Chúirt Bhreithiúnais go raibh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 maidir le haon chuid d’eitilt a bhí mar chuid de thuras amháin, gan beann ar an áit ar tharla an eitilt, lena n-áirítear eitiltí a oibrítear go hiomlán lasmuigh den Aontas. ***Ag tógáil ar an mbreithiúnas sin agus é mar aidhm leis cothrom iomaíochta a bhunú,*** nuair atá pointe tosaigh an imeachta suite i gcríoch Ballstáit a bhfuil feidhm ag na Conarthaí maidir léi, nó~~, nuair is aeriompróir oibriúcháin de chuid an Aontais é an t-aeriompróir oibriúcháin~~, nuair atá ceann scríbe deiridh an turais suite i gcríoch Ballstáit a bhfuil feidhm ag na Conarthaí maidir léi, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo. **[Leasú 9]**

---

15 Breithiúnas ón gCúirt (an Ceathrú Dlísheomra) an 10 Iúil 2008, Emirates Airlines - Direktion für Deutschland v Diether Schenkel, Cás C-173/07, ECLI:EU:C:2008:400.

16 Breithiúnas ón gCúirt (an tOchtú Dlísheomra) an 31 Bealtaine 2018, Claudia Wegener v Royal Air Maroc SA, Cás C-537/17, ECLI:EU:C:2018:361.

(11) Léiríodh sa Staidéar go bhfuil leibhéil éagsúla ann maidir leis an gcaoi atá Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 á chomhlíonadh ag aeriompróirí, agus go bhfuil leibhéal níos airde comhlíontachta á léiriú go ginearálta ag aeriompróirí de chuid an Aontais ná mar atá á léiriú ag aeriompróirí tríú tír. Dá bhrí sin, tríd an gcothrom iomaíochta a athbhunú idir aeriompróirí de chuid an Aontais agus aeriompróirí tríú tír agus trí fheabhas a chur ar inbhuanaitheacht eacnamaíoch aeriompróirí de chuid an Aontais, tacófar le hiomaíochas an Aontais agus, ar deireadh, cuirfear feabhas ar chosaint paisinéirí ar an iomlán.

(11a) Ar mhaithe le hiomaíocht idirnáisiúnta chóir agus chun a áirithiú go gcosnófar paisinéirí le creat aonfhoirmeach comhleanúnach ceart, ba cheart feidhm a bheith ag Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 maidir le gach turas laistigh den Aontas, agus maidir le gach turas a imíonn ón Aontas nó a thagann isteach san Aontas. **[Leasú 10]**

~~(12) Le hAirteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, aithnítear gnéithe speisialta na réigiún is forimeallaí, go háirithe de bharr a n-iargúltachta. I bhfianaise na taithí a fuarthas le Rialachán (CE) Uimh. 261/2004, is gá nascacht chríochach a áirithiú maidir leis na réigiúin is forimeallaí agus comhtháthú ar fud an Aontais a fheabhsú, rud a rachadh chun tairbhe do phaisinéirí ar deireadh. Mar gheall ar ghnéithe sonracha na dturas idir na réigiúin is forimeallaí agus críoch eile de chuid Ballstáit a bhfuil feidhm ag na Conarthaí maidir léi, ba cheart méid an chúitimh a chinneadh ar bhonn fhad iarbhír na dturas.~~ **[Leasú 11]**

(13) Is é an t-aeriompróir oibriúcháin a eisíonn nó a údaraíonn ticéid tar éis conradh aeriompair a thabhairt i gcrích le paisinéir. Ba cheart iad a bheith inaitheanta trí uimhir ticéid uathúil agus ba cheart tagairt uathúil a bheith iontu a bhaineann le conradh aeriompair aonair a eisítear tráth na háirithinte. Ba cheart a chumhdach leo eitilt nó nasceitilt amháin, gan cásanna ina stoptar ar an mbealach chun críoch teicniúil agus oibríochtúil a chur san áireamh. Ba cheart roinnt píosaí faisnéise a bheith iontu maidir leis an eitilt sin nó leis an nasceitilt sin amhail dáta na heitilte, aerfoirt an imeachta agus aerfoirt teacht isteach, na hamanna sceidealaithe imeachta agus teacht isteach, ainm agus sloinne an phaisinéara, uimhir na heitilte agus ainm an aeriompróra oibriúcháin.

(14) Sa bhreithiúnas uaithi i gCás C-22/11 (Finnair Oyj v Timy Lassooy)[17] maidir leis an léirmhíniú ar Rialachán (CE) Uimh. 261/2004, dhearbhaigh an Chúirt Bhreithiúnais nach mór an coincheap ‘cead bordála a dhiúltú’ a léirmhíniú mar choincheap a bhaineann, ní hamháin, le cásanna ina ndiúltaítear cead bordála i ngeall ar ró-áirithint ach le cásanna ina ndiúltaítear cead bordála ar fhorais eile freisin, amhail ar chúiseanna oibríochtúla. Maidir le paisinéirí a ~~thagann~~***chuireann iad féin*** i láthair chun bordála agus a ndiúltaítear cead bordála dóibh***,*** nó ar cuireadh in iúl dóibh roimh ré go ~~ndiúltófaí~~***ndiúltófar*** cead bordála dóibh***,*** in aghaidh a dtola, ba cheart iad a aisíoc ***agus a chúiteamh*** gan moill mhíchuí.**[Leasú 12]**

~~(15) Ag an am céanna, tá forais réasúnacha ann le cead bordála a dhiúltú do phaisinéirí, amhail an tsláinte, an tsábháilteacht, an tslándáil nó doiciméadacht taistil neamh-leordhóthanach. Tá forais réasúnacha ag aeriompróirí freisin le cead bordála a dhiúltú do phaisinéirí a léiríonn iompraíocht ainrianta a chuireann sábháilteacht nó slándáil eitilte i mbaol, dá dtagraítear sa Choinbhinsiún leasaithe um Chionta agus Gníomhartha áirithe eile a dhéantar ar Bord Aerárthaí a síníodh i dTóiceo an 14 Meán Fómhair 1963. Sna cásanna sin, ba cheart an dualgas cruthúnais a bheith ar an aeriompróir oibriúcháin.~~ **[Leasú 13]**

---

17 Breithiúnas ón gCúirt (an Tríú Dlísheomra) an 4 Deireadh Fómhair 2012, Finnair Oyj v Timy Lassooy, Cás C-22/11, ECLI:EU:C:2012:604.

(16) Chun leibhéil chosanta a fheabhsú, níor cheart cead bordála a dhiúltú do phaisinéirí atá ag filleadh ar an bhforas nach ndeachaigh siad ar an eitilt amach a chumhdaítear leis an gconradh aeriompair céanna.

(17) I láthair na huaire, gearrtar táillí riaracháin pionósacha ar phaisinéirí uaireanta as botúin litrithe ina n-ainmneacha a cheartú. Ba cheart ceartuithe réasúnta ar bhotúin áirithinte, nó athruithe riaracháin, a cheadú saor in aisce ar choinníoll nach mbeadh sé mar thoradh ar an gceartú nó an athrú a iarrtar go ndéanfaí am eitilte, dáta, cúrsa taistil nó an paisinéir féin a athrú.

(18) I gcás cealú, ba cheart é a bheith faoin bpaisinéir seachas faoin aeriompróir an rogha a dhéanamh idir aisíocaíocht a fháil, leanúint den turas trí athródú nó an turas a dhéanamh ***níos déanaí an lá céanna nó*** ar dháta níos déanaí. **[Leasú 14]**

(18a) I gcás ina gcealóidh paisinéir eitilt, ba cheart go mbeadh oibleagáid ar aeriompróirí cánacha a íocadh cheana féin a aisíoc saor in aisce. **[Leasú 15]**

(19) ~~Ba cheart do chomhlachtaí~~***Maidir le comhlachtaí*** bainistithe aerfoirt ag aerfoirt ~~ina láimhseáiltear níos mó ná 5~~***ag a bhfuil méid trách ta paisinéirí bliantúil nach lú ná ceithre*** mhilliún paisinéir ~~in aghaidh na~~***ar feadh trí*** bliana~~,, agus do sholáthraithe~~ ***as a chéile ar a laghad, agus soláthraithe*** seirbhísí riachtanacha aerfoirt, go háirithe aeriompróirí agus soláthróirí seirbhísí ar an talamh, ~~oibriú i gcomhar le chéile~~***soláthraithe seirbhísí loingseoireachta agus soláthraithe cúnaimh do phaisinéirí faoi mhíchumas agus do phaisinéirí a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, ba cheart dóibh bearta leordhóthanacha a dhéanamh chun comhordú agus comhar idir úsáideoirí aerfoirt a áirithiú*** chun íoslaghdú a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag eitiltí a gcuirtear isteach orthu roinnt mhaith uaireanta ar phaisinéirí. Chuige sin, ba cheart do chomhlachtaí bainistithe aerfoirt ~~pleananna teagmhasacha a ullmhú le haghaidh na gcásanna~~***a áirithiú go mbeidh comhordú leormhaith ann trí phlean teagmhasach iomchuí do tharluithe den sórt*** sin agus ~~ba cheart dóibh oibriú i gcomhar lena chéile agus na pleananna sin á~~***go n-oibreoidh siad le húdaráis náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla i*** bhforbairt~~. Ag gach aerfort eile,~~ ***pleananna den sórt sin.*** Ba cheart do ~~chomhlacht bainistithe an aerfoirt gach iarracht réasúnta a dhéanamh chun comhordú a dhéanamh le húsáideoirí an aerfoirt, agus chun socruithe a dhéanamh leo, i gcásanna ina bhféadfadh fuireach a bheith ar líon suntasach paisinéirí agus chun na paisinéirí a bhfuil fuireach orthu a choimeád ar an eolas~~***na Comhlachtaí Náisiúnta Forfheidhmiúcháin pleananna den sórt sin a mheasúnú agus, i gcás inar gá, a oiriúnú***. **[Leasú 16]**

(19a) ***Ba cheart d'aeriompróirí nósanna imeachta agus gníomhaíocht chomhordaithe a chur ar bun d'fhonn faisnéis leormhaith a chur ar fáil do phaisinéirí a bhfuil fuireach orthu. Ba cheart go léireodh na nósanna imeachta sin go soiléir cé atá freagrach ag gach aerfort do chúram, cúnamh, athródú nó aisíoc agus ba cheart go leagfaí amach na próisis agus na coinníollacha maidir le soláthar na seirbhísí sin.*** **[Leasú 17]**

(19b) ***D'fhonn cuidiú le paisinéirí i gcás cur isteach ar eitilt nó bagáiste moillithe, damáistithe nó caillte, ba cheart d'aeriompróirí pointí teagmhála a shocrú ag aerfoirt ag ar cheart dá bpearsanra nó dá dtríú páirtithe arna gcoimisiúnú acu an fhaisnéis is gá a chur ar fáil do phaisinéirí maidir lena gcearta, lena n-áirítear nósanna imeachta maidir le gearáin, agus cabhrú leo chun gníomhaíocht a dhéanamh láithreach.*** **[Leasú 18]**

(19c) I bhfianaise na spriocanna gairide atá ann le gearán a dhéanamh faoi bhagáiste moillithe, damáistithe nó caillte, ba cheart seirbhís speisialta d'éileamh bagáiste a chur ar bun ag gach aerfort ina mbeidh an fhéidearthacht ag paisinéirí gearán a thíolacadh ar theacht dóibh. Chun na críche sin, ba cheart d'aeriompróirí foirm ghearáin a chur ar fáil do phaisinéirí i ngach teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh. Nó d'fhéadfaí sin a dhéanamh trí bhíthin tuarascála coitinne ar neamhrialtacht maoine (PIR). Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun foirm na foirme caighdeánaithe éilimh a leagan síos trí ghníomhartha cur chun feidhme.
[Leasú 19]

(20) ~~Ba cheart a áireamh go sainráite i~~***Is é is cuspóir do*** Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 ~~go bhfuil an ceart chun cúitimh ag paisinéirí ag déileáil le moilleanna fada cúiteamh~~***cearta tomhaltóirí a neartú trí ardleibhéal cosanta a áirithiú d'aerphaisinéirí laistigh den mhargadh inmheánach***, i gcomhréir ~~leis an mbreithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais~~***le hAirteagal 38 den Chairt um Chearta Bunúsacha.*** I gCásanna uamtha C-402/07 (Christopher Sturgeon, Gabriel Sturgeon agus Alana Sturgeon v Condor Flugdienst GmbH) agus C-432/07 (Stefan Böck agus Cornelia Lepuschitz v Air France SA)[18] ('breithiúnas i gCásanna uamtha C-402/07 agus C-432/07')***, léirigh an Chúirt Bhreithiúnais an cuspóir sin trína n-aithint go ndéantar damáiste do phaisinéirí a bhfuil moill 3 uair an chloig nó níos mó ar a n-eitiltí i bhfoirm caillteanas ama dochúlaithe nach mór a chúiteamh go pras agus ar bhealach caighdeánaithe.***

---

18 Breithiúnas ón gCúirt (an Ceathrú Dlísheomra) an 19 Samhain 2009, Christopher Sturgeon, Gabriel Sturgeon agus Alana Sturgeon v Condor Flugdienst GmbH (C-402/07), agus Stefan Böck agus Cornelia Lepuschitz v Air France SA (C-432/07), Cásanna Uamtha C-402/07 agus C-432/07, ECLI:EU:C:2009:716.

Ag brath ar phrionsabal na córa comhionainne, dheimhnigh an Chúirt go ndéanann na moilleanna fada sin díobháil atá inchomparáide le cealuithe agus nach bhféadfaí údar oibiachtúil a thabhairt le difríocht sa chóir. Go sonrach, mheas an Chúirt, i gcás ina bhfuil an mhoill ar theacht eitilte cothrom le nó níos mó ná trí uair an chloig, go bhfuil na paisinéirí lena mbaineann i dteideal cúitimh, amhail paisinéirí ar cuireadh a n-eitilt bhunaidh ar ceal agus nach bhfuil aeriompróir in ann athródú a thairiscint dóibh i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 5(1)(c)(iii) den Rialachán, is é sin, ar eitilt nach n-imíonn níos mó ná uair an chloig roimh an am imeachta sceidealaithe agus a shroicheann a gceann scríbe deiridh níos lú ná dhá uair an chloig tar éis an ama teachta sceidealaithe. I gcomhréir le prionsabal na córa comhionainne ~~dá dtagraítear sa bhreithiúnas sin~~, ba cheart ~~feidhm~~***na cearta cúitimh sin a leathnú freisin chuig paisinéirí nár cuireadh a n-eitiltí ar ceal ach a fhulaingíonn caillteanas coibhéiseach ama mar gheall ar an eitilt*** a bheith ~~ag na rialacha céanna maidir le haisíocaíocht, athródú agus cúiteamh~~***tugtha ar aghaidh roimh an am imeachta agus a bheith faoi réir moille ar an teacht isteach***. ***Dá réir sin, chun coimircí láidre a choinneáil do phaisinéirí i gcomhréir le hAirteagal 38 den Chairt, chomh maith le cosaint aonfhoirmeach, deimhneacht dhlíthiúil agus forfheidhmiú éifeachtach a áirithiú ar fud na mBallstát, ba cheart a leagan amach go sainráite i Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 tairseach chomhchoiteann 3 uair an chloig le haghaidh cúitimh i gcás ina bhfulaingíonn paisinéirí caillteanas dochúlaithe ama atá cothrom le nó níos mó ná 3 uair an chloig i ndáil leis an bhfad a bhí beartaithe ag an aeriompróir ar dtús.*** **[Leasú 20]**

~~(21) Tagraíodh sa bhreithiúnas i gCásanna uamtha C-402/07 agus C-432/07 do thairseach aonair de 3 uair an chloig le haghaidh cúitimh i gcásanna ina mbíonn moill i gceist. Mar sin féin, léirítear leis an taithí a fuarthas ó glacadh Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 nach féidir go leor moilleanna a réiteach laistigh de na 3 uair an chloig dá dtagraítear sa bhreithiúnas sin agus, dá mbeadh tairseach ghearr ann, d'fhéadfadh méadú teacht ar líon na n-eitiltí a chuirtear ar ceal sa chás ina laghdaíonn aeriompróirí éifeachtaí iarmhartacha na n-eitiltí ar cuireadh moill orthu ar na heitiltí ina dhiaidh sin trí eitilt amháin nó níos mó a chur ar ceal le go mbeidh an t-aerárthach réidh le heitilt eile ina dhiaidh sin. I bhformhór na n-imthosca, b'fhearr fós leis an bpaisinéir moill ar eitilt seachas cealú toisc go bhfuil níos mó deimhneachta ann go dtagann an paisinéir isteach ar an gceann scríbe ábhartha a luaithe is féidir. Ar go leor bealaí, tá teorainn le minicíocht na n-eitiltí agus, i gcásanna cealú, ní féidir an paisinéir a athródú láithreach. Dá bhrí sin, is buntáiste don phaisinéir é an tairseach ama a mhéadú.~~ **[Leasú 21]**

~~(22) D'fhonn an nascacht a choinneáil ar bun, ba cheart na tairseacha arb os a gcionn a eascraíonn ceart chun cúitimh i gcás moilleanna a mhéadú chun an tionchar airgeadais agus iomaíochais ar an earnáil a chur san áireamh. Ar an gcaoi sin, beifear in ann a sheachaint go spreagfaí aon mhéadú ar mhinicíocht na gcealuithe nó srianta ar an líon bealaí a oibrítear nó laghduithe ar an nascacht a thairgtear do phaisinéirí san fhadtéarma. Chun a áirithiú go mbainfidh paisinéirí atá ag taisteal laistigh den Aontas leas as coinníollacha aonchineálacha cúitimh, ba cheart an tairseach chéanna a bheith ann maidir leis an taisteal uile a dhéantar laistigh den Aontas.~~ **[Leasú 22]**

(23) Is é is aidhm don chúiteamh caighdeánaithe a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 caillteanas ama is coiteann do gach paisinéir a chúiteamh. ~~D'fhéadfadh na méideanna a shocraítear i Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 dul thar luach an damáiste arna thabhú ag paisinéirí in go leor cásanna mar a shuitear le staidéir eacnamaíocha.~~ Is iomchuí, dá bhrí sin, ~~tairseacha éagsúla cúitimh~~***leibhéil chúitimh*** a shainiú de réir fhad na heitilte a gcuirtear isteach uirthi agus de réir na moille ar theacht isteach. **[Leasú 23]**

~~(24) I gcomhréir le hiarrachtaí an Aontais soghluaisteacht aeráidneodrach agus neamhdhíobhálach don chomhshaol a chur chun cinn, is iomchuí freisin a áirithiú go mbeidh creataí rialála do chearta paisinéirí le haghaidh gach modha iompair ag teacht le chéile a mhéid is féidir agus go ndéanfar an cúiteamh arna sholáthar idir modhanna iompair éagsúla a chothromú.~~ **[Leasú 24]**

(24a) Tá an Lipéad Astaíochtaí Eitilte arna bhunú de bhun Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2023/2405 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[19] ar fáil do na soláthraithe seirbhíse más mian leo faisnéis chruinn oibiachtúil maidir le tionchar a dtaisteal ar an gcomhshaol a thaispeáint ar bhealach inchomparáide, i bhformáid atá inrochtana go héasca ar a suíomhanna gréasáin agus ar thicéid. **[Leasú 25]**

---

19 ***Rialachán (AE) 2023/2405 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 maidir le cothrom na Féinne a áirithiú d'aeriompar inbhuanaithe (ReFuelEU Aviation) (IO L 2023/2405, 31.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2405/oj).***

(25) Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, ba cheart a dhearbhú go sainráite i Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 go bhfuil tionchar comhchosúil ar phaisinéirí ag athruithe ar sceidil eitiltí agus atá ag cealuithe ~~nó~~***,*** moilleanna ***nó cásanna ina ndiúltaítear cead bordála dóibh*** agus, dá bhrí sin, ba cheart na cearta céanna a bheith i gceist sa dá chás.**[Leasú 26]**

(26) Maidir le paisinéirí a chailleann nasceitilt atá mar chuid de thuras mar thoradh ar chur isteach***, athrú sceidil nó moill*** ar eitilt roimhe sin, ba cheart cúnamh cuí a thabhairt dóibh agus iad ag fanacht ar athródú. I gcásanna den sórt sin, i gcomhréir le prionsabal na córa comhionainne ***agus le breithiúnas na Cúirte Breithiúnais i gCás C-11/11 (Air France v. Folkerts)***[20], ba cheart paisinéirí a bheith i dteideal cúitimh ar cheann scríbe deiridh a n-eitilte malartaí nó a ~~n-iompair~~***n-iompair*** mhalartaigh a bhaint amach, ar bhonn comhchosúil le paisinéirí ar cuireadh isteach ar a n-eitiltí díreacha ***i bhfianaise an mhoillithe ar cheann scríbe a dturas a bhaint amach dóibh***. **[Leasú 27]**

---

20 ***Breithiúnas ón gCúirt (an Mór-Dhlísheomra) an 26 Feabhra 2013, Air France v Heinz-Gerke Folkerts agus Luz-Tereza Folkerts, Cás C-11/11, ECLI:EU:C:2013:106.***

(27) Tráth a chuirtear na ticéid in áirithe agus sula gceannaítear iad, ba cheart d'aeriompróirí, nó, i gcás inarb iomchuí, do na hidirghabhálaithe, a chur in iúl do na paisinéirí go soiléir an gcumhdófaí a bpleananna taistil le conradh aeriompair aonair agus eolas a thabhairt dóibh faoina gcearta faoi Rialachán (CE) Uimh. 261/2004, go háirithe maidir le nasceitiltí a chailltear.

(28) Chun cosaint do phaisinéirí a fheabhsú, ba cheart a shoiléiriú gur cheart do phaisinéirí, ar cuireadh moill orthu, tairbhe a bhaint as cearta chun cúnaimh agus chun cúitimh gan beann ar iad a bheith ag fanacht i gcríochfort an aerfoirt nó a bheith suite ar bord an aerárthaigh cheana. Ós rud é nach mbeadh rochtain ag na paisinéirí deireanacha sin ar na seirbhísí atá ar fáil sa chríochfort, áfach, ba cheart a gcearta a athneartú maidir le riachtanais bhunúsacha agus maidir leis an gceart chun díbhordála. Ní fhéadfar teorainn a chur leis an gceart chun díbhordála ach amháin má tá cúiseanna ann a bhaineann le sábháilteacht, inimirce, rialú aerthráchta nó slándáil. Má tá aeriompróir ar tí paisinéirí a dhíbhordáil ach má chuireann údaráis rialaithe aerthráchta in iúl dó go bhfuil an eitilt údaraithe éirí de thalamh ar ball beag, ba cheart cead a bheith aige diúltú paisinéirí a dhíbhordáil.

(29) I gcás ina roghnaíonn an paisinéir go ndéantar athródú a luaithe is féidir, is minic a chuireann an t-aeriompróir de choinníoll leis go mbeadh an t-athródú ag brath ar shuíocháin a bheith ar fáil ar a sheirbhísí féin, agus sa dóigh sin ní thugann sé dá phaisinéirí an rogha go ndéanfar athródú níos gasta trí bhíthin seirbhísí eile. Dá bhrí sin, ba cheart don iompróir roghanna eile a mholadh freisin maidir le hathródú, lena n-áirítear chuig aerfort malartach, trí bhealach eile, trí sheirbhísí iompróra eile nó trí mhodhanna iompair eile i gcás inar féidir leis sin dlús a chur leis an athródú. Ba cheart athródú malartach a bheith ag brath ar shuíocháin a bheith ar fáil. ~~Murar thairg an t-aeriompróir athródú agus má chuirtear síneadh 3 uair an chloig ar a laghad leis an tréimhse feithimh charntha, ba cheart an ceart a bheith ag an bpaisinéir a athródú féin nó a hathródú féin a shocrú chun a cheann scríbe deiridh nó a ceann scríbe deiridh a bhaint amach gan moill bhreise.~~ Ba cheart an t-athródú sin a bheith, faoi réir coinníollacha áirithe, ar chostas an aeriompróra agus ba cheart é a sholáthar faoi ~~choinníollacha~~***dhálaí*** iompair inchomparáide.

[Leasú 28]

(30) Agus paisinéirí á n-athródú, ba cheart d'aeriompróirí féachaint lena áirithiú gur féidir le paisinéirí taisteal lena mbagáiste, lena n-áirítear bagáiste a seiceáladh isteach agus nár seiceáladh isteach. Ba cheart cead ón bpaisinéir a bheith ag aeriompróir leanúint ar aghaidh ar shlí eile más rud é go bhféadfadh srianta ar iompar bagáiste a bheith ina gcúis le tuilleadh moille ar phaisinéirí atá ag fanacht le hathródú, gan dochar dá dhliteanas i leith bagáiste paisinéirí arna rialú le Rialachán (CE) Uimh. 2027/97 agus leis an gCoinbhinsiún um Aontú Rialacha Áirithe maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Aer, arna chomhaontú in Montréal an 28 Bealtaine 1999 ('Coinbhinsiún Montréal').

(31) D'fhéadfadh sé gur ar roinnt tosca agus ar na himthosca ar leith a bhraithfeadh sé cé acu atá nó nach bhfuil dálaí iompair inchomparáide. I gcás inar féidir agus i gcás nach mbeidh tuilleadh moille i gceist leis, níor cheart paisinéirí a íosghrádú chuig seirbhísí iompair d'aicme níos ísle i gcomparáid leis an gceann ar an áirithint. Ba cheart athródú a thairiscint gan aon chostas breise don phaisinéir, fiú má dhéantar paisinéirí a athródú le haeriompróir eile nó ar mhodh iompair eile nó in aicme níos airde nó ar tháille níos airde ná an táille a íocadh as an tseirbhís bhunaidh. Ba cheart iarraachtaí réasúnacha a dhéanamh chun naisc bhreise a sheachaint. ~~Agus aeriompróir eile nó modh iompair malartach á úsáid le haghaidh~~***Níor cheart daoine faoi mhíchumas ná daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a bheith faoi réir aon nasceitilt bhreise nuair a dhéantar iad a*** athródú, ***mura gcomhaontóidh an paisinéir a mhalairt.***

Ba cheart an t-am taistil iomlán a bheith chomh gar is féidir le réasún d'am taistil sceidealaithe na heitilte bunaidh***, agus na roghanna atá ar fáil ag an aerfort inar tharla an cur isteach á gcur san áireamh***, san aicme iompair chéanna nó níos airde más gá. Má tá roinnt eitiltí ar fáil lena mbaineann uainiú inchomparáide, ba cheart do phaisinéirí a bhfuil an ceart chun athródú acu glacadh leis an tairiscint athródaithe a rinne an ~~t-aeriompróir~~***t-aeriompróir***, lena n-áirítear leis na haeriompróirí sin atá ag comhoibriú leis an aeriompróir oibriúcháin***. Má sholáthraíonn an t-aeriompróir oibriúcháin athródú don phaisinéir faoi dhálaí iompair inchomparáide, ba cheart don phaisinéir glacadh leis an athródú sin. Má sholáthraíonn an t-aeriompróir oibriúcháin roghanna athródaithe don phaisinéir nach bhfuil faoi dhálaí iompair inchomparáide, d'fhéadfadh an paisinéir an t-athródú sin a dhiúltú. Ba cheart an ceart chun athródaithe, lena n-áirítear féin-athródú, a choinneáil***. Más rud é gur cuireadh cúnamh do dhaoine faoi mhíchumas nó do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe in áirithe i gcás na heitilte bunaidh, ba cheart an cúnamh sin a bheith ar fáil freisin ar an mbealach malartach i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[21]. **[Leasú 29]**

---

21 Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir leis na cearta atá ag daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus iad ag taisteal d'aer (IO L 204, 26.7.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1107/oj).

***(31a) I gcás inar chuir paisinéir an t-aeriompróir oibriúcháin ar an eolas faoina rogha leanúint dá thuras nó dá turas, agus murar thairg an t-aeriompróir oibriúcháin athródú laistigh de thrí uair an chloig, ba cheart an ceart a bheith ag an bpaisinéir a athródú nó a hathródú féin a shocrú faoi dhálaí iompair inchomparáide chun a cheann scríbe deiridh a bhaint amach gan a thuilleadh moille. Mar sin féin, ba cheart don phaisinéir leanúint de bheith i dteideal athródaithe ón aeriompróir oibriúcháin go dtí go gcuirfidh an paisinéir an t-aeriompróir oibriúcháin ar an eolas faoina chinneadh nó faoina cinneadh a athródú nó a hathródú féin a shocrú. Agus a n-athródú féin á shocrú acu, ba cheart do na paisinéirí teorainn a chur leis na speansais ach an méid is gá, is réasúnach agus is iomchuí.* [Leasú 30]**

***(31b) D'fhéadfaí cúnamh a theorannú nó a dhiúltú dá gcuirfeadh soláthar an chúnaimh féin moill bhreise ar phaisinéirí atá ag fanacht le heitilt mhoillithe nó leis an athródú. Má chuirtear moill ar eitilt déanach sa tráthnóna ach más féidir a bheith ag súil leis go n-imeoidh sí laistigh de thréimhse ghearr ama agus dá bhféadfadh moill i bhfad níos faide a bheith mar thoradh ar phaisinéirí a sheoladh chuig óstáin agus iad a thabhairt ar ais chuig an aerfort i lár na hoíche, ba cheart cead a bheith ag an aeriompróir diúltú lóistín in óstáin agus aistrithe comhfhreagracha a sholáthar. Ar an gcaoi chéanna, má tá aeriompróir ar tí bia agus deochanna a sholáthar ach má chuirtear in iúl dó go bhfuil an eitilt réidh le haghaidh bordála, ba cheart cead a bheith aige diúltú an cúnamh sin a sholáthar. Cé is moite de na cásanna sin, níor cheart an teorannú sin a chur i bhfeidhm ach amháin i gcásanna fíoreisceachtúla, ós rud é gur cheart gach iarracht a dhéanamh an mhíchaoithiúlacht a fhulaingíonn paisinéirí a laghdú.* [Leasú 31]**

(32) Ba cheart d’aeriompróirí cúnamh a thairiscint do phaisinéirí ón am sceidealaithe imeachta go dtí am imeachta a n-eitilte ~~nó a n-iompair mhalartaigh~~. I láthair na huaire, tá aeriompróirí faoi dhliteanas neamhtheoranta as lóistín a chur ar fáil dá bpaisinéirí i gcás ina maireann na himthosca urghnácha tréimhse fhada ama. ~~D’fhéadfadh an éiginnteacht sin mar aon le heaspa teorainn intuartha ama cobhsaíocht airgeadais an iompróra a chur i mbaol, agus d’fhéadfadh éifeachtaí diúltacha a bheith aige sin ar phaisinéirí ó thaobh nascachta de.~~ Dá bhrí sin, ba cheart d’aeriompróir a bheith in ann ***teorainn a chur le*** soláthar ***cúraim maidir leis an méid ama a chuirfear lóistín ar fáil agus, i gcásanna ina ndéanann na paisinéirí*** ~~an~~ lóistín a ~~theorannú do thrí~~***shocrú dóibh féin, maidir le costais agus cúram, go trí*** oíche. Ina theannta sin, le pleanáil theagmhasach agus luath-athródú, ba cheart an baol go mbeadh fuireach ar phaisinéirí ar feadh i bhfad a laghdú. **[Leasú 32]**

(33) D’fhéadfadh sé gur ghá don aeriompróir oibriúcháin aire ar leith a thabhairt do phaisinéirí a bhfuil riachtanais shonracha acu amhail daoine faoi mhíchumas, daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, leanaí neamhthionlactha, naíonáin, mná torracha agus daoine a bhfuil cúnamh leighis sonrach de dhíth orthu amhail daoine a bhfuil drochdhiaibéiteas nó titimeas orthu. Go háirithe, d’fhéadfadh sé a bheith níos deacra lóistín a shocrú nuair a chuirtear isteach ar eitiltí. Dá bhrí sin, níor cheart feidhm a bheith ag aon teorainneacha ar an gceart chun lóistín a fháil i gcás imthosca urghnácha maidir leis na ~~cineálacha sin daoine ar an gcoinníoll gur chuir siad an t-aeriompróir oibriúcháin ar an eolas in am tráth~~a***catagóirí sin paisinéirí ar chor ar bith***. **[Leasú 33]**

(33a) Ba cheart do na soláthraithe seirbhíse a áirithiú go bhfuil an ceart i gcónaí ag daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe feistí riospráide atá formheasta ó thoabh sábháilteachta de a úsáid saor in aisce ar aerárthaí. Ba cheart don Choimisiún liosta de threalamh ocsaigine leighis formheasta a tharraingt suas i gcomhar leis an tionscal agus leis na heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do dhaoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe agus aird chuí á tabhairt ar cheanglais sábháilteachta.
[Leasú 34]

(34) Tá feidhm freisin ag Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 maidir le paisinéirí a bhfuil an ~~t-aeriompar~~***t-aeriompar*** curtha in áirithe acu mar chuid de thaisteal láneagraithe. Is é is aidhm don Rialachán leasaitheach seo feabhas breise a chur ar an gcomhleanúnachas idir Treoir (AE) 2015/2302 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[22] agus Rialachán (CE) Uimh. 261/2004. Chuige sin, ***ba cheart paisinéirí a bheith in ann a roghnú cé acu den dá ghníomh dlí sin faoina ndéanfaidh siad a n-éilimh agus, i gcás inarb iomchuí, éilimh a dhéanamh faoin dá ghníomh dlí. Paisinéir, a bhfuil aeriompar curtha in áirithe aige mar chuid de phacáiste, ba cheart go mbeadh sé ábalta éilimh a dhéanamh faoin dá ghníomh dlí i gcás, mar shampla, ina bhfuair an paisinéir cúiteamh ón aeriompróir as eitilt ar cuireadh moill uirthi, ach go bhfuil sé i dteideal laghdú ar an bpraghas nó cúiteamh a dheonóidh an t-eagraí as seirbhísí sonracha, amhail oíche óstáin, béilí, turas nó imeachtaí eile, a cailleadh mar thoradh ar an eitilt ar cuireadh moill uirthi.***

---

22 Treoir (AE) 2015/2302 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le taisteal láneagraithe agus socruithe taistil gaolmhara, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 90/314/CEE ón gComhairle (IO L 326, 11.12.2015, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2015/2302/oj).

Mar sin féin, níor cheart cead a bheith ag paisinéirí cearta ~~comhfhreagracha~~ a charnadh~~, go háirithe~~ ***a mhéid a chosnaíonn an cúiteamh nó an laghdú praghais ábhartha a dheonaítear*** faoin dá ghníomh ~~dlí~~***an leas céanna nó a mhéid atá an cuspóir céanna acu***. ***Má chuireann paisinéirí a n-éileamh isteach leis an aeriompróir, ba cheart don aeriompróir méid iomlán an chúitimh atá dlite faoi Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 a íoc. Má dhéanann paisinéirí éileamh faoi Threoir (AE) 2015/2302, ba cheart an cúiteamh a íocann an t-aeriompróir a asbhaint ó íocaíochtaí atá dlite faoi Threoir (AE) 2015/2302 a mhéid a chosnaíonn na cearta foluiteacha an leas céanna nó a bhfuil an cuspóir céanna acu.*** **[Leasú 35]**

(35) Ní na haeriompróirí amháin atá freagrach as na cúiseanna le leibhéal reatha na moilleanna agus na n-eitiltí a chuirtear ar ceal san Aontas. Chun gach gníomhaí i slabhra na heitlíochta a spreagadh chun réitigh éifeachtúla agus thráthúla a lorg chun an chiotaí a dhéanann moilleanna agus cealuithe do phaisinéirí a íoslaghdú, níor cheart do Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 srian a chur leis an gceart atá ag aeriompróirí sásamh a lorg ó aon tríú páirtí ag a raibh baint leis an teagmhas ar gá cúiteamh a íoc nó oibleagáidí eile a chomhlíonadh.

(36) Sa bhreithiúnas uaithi i gCás C-502/18 (CS agus Eile v České aerolinie a.s.)[23] maidir leis an léirmhíniú ar Rialachán (CE) Uimh. 261/2004, dhearbhaigh an Chúirt Bhreithiúnais, i gcás nasceitiltí, laistigh de raon feidhme an Rialacháin sin, go bhfuil aon aeriompróir oibriúcháin a ghlac páirt i bhfeidhmiú ceann amháin ar a laghad de na nasceitiltí sin faoi dhliteanas an paisinéir a chúiteamh faoin Rialachán sin cé acu a cuireadh isteach ar an eitilt a d'oibrigh an t-aeriompróir sin nó nár cuireadh. Fiú má fhoráiltear le Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 go bhféadfadh iompróirí oibriúcháin a chomhlíonann dualgais faoi cúiteamh a lorg ó aon tríú páirtí, léiríodh sa Staidéar nach bhfuil an ceart chun sásaimh dá bhforáiltear sa Rialachán sin an-éifeachtach. Mar thoradh air sin, tá ualach díréireach airgeadais ar aeriompróirí de chuid an Aontais i gcomparáid le haeriompróirí tríú tír. D'fhonn iomaíochas aeriompróirí de chuid an Aontais a athbhunú i gcomhréir leis na moltaí sa tuarascáil ó mhí Mheán Fómhair 2024 dar teideal Future of European competitiveness [Todhchaí iomaíochas na hEorpa] ('tuarascáil Draghi'), agus d'fhonn nascacht a choinneáil ar bun, san fhadtéarma, ba cheart, dá bhrí sin, leis an athbhreithniú ar Rialachán (CE) Uimh. 261/2004, dliteanas aeriompróra a theorannú do na heitiltí a oibríonn sé mar aeriompróir oibriúcháin. **[Leasú 36]**

23 Breithiúnas ón gCúirt (an Naoú Dlísheomra) an 11 Iúil 2019, CS agus Eile v České aerolinie a.s., Cás C-502/18, ECLI:EU:C:2019:604.

(37) Le Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[24], cuirtear de cheangal ar an gconraitheoir aeriompair an paisinéir a chur ar an eolas faoi chéannacht an aeriompróra oibriúcháin agus, le Treoir 93/13/CCE ón gComhairle[25], cuirtear de cheangal ar an díoltóir nó an soláthraí faisnéis a sholáthar don tomhaltóir faoi théarmaí agus coinníollacha an chonartha. Ba cheart paisinéirí a chur ar an eolas ar dhóigh níos mionsonraithe faoina gcearta i gcásanna ina gcuirtear isteach ar eitilt, agus ba cheart faisnéis leordhóthanach a thabhairt dóibh freisin faoin gcúis ar cuireadh isteach ar an eitilt, a luaithe a bheidh an fhaisnéis sin ar fáil. Ba cheart ***don aeriompróir*** an fhaisnéis sin a sholáthar freisin i gcás ina bhfaigheann an paisinéir an ticéad trí idirghabhálaí atá bunaithe san Aontas. Ba cheart don aeriompróir nó don idirghabhálaí an fhaisnéis sin a sholáthar ar a laghad i bhformáid inrochtana agus, i gcás inarb iomchuí, trí 'bhrúfhógraí' mar a thugtar orthu ó fheidhmchláir mhóibíleacha nó ar mhodhanna digiteacha eile. **[Leasú 37]**

---

24 Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2005 maidir le liosta Comhphobail d'aeriompróirí a tharraingt suas a bheidh faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Chomhphobal agus maidir le paisinéirí aeriompair a chur ar an eolas faoi chéannacht an aeriompróra oibríochta, agus lena n-aisghairtear Airteagal 9 de Threoir 2004/36/CE (IO L 344, 27.12.2005, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2005/2111/oj).

25 Treoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagothroma i gconarthaí tomhaltóra (IO L 95, 21.4.1993, lch. 29, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1993/13/oj).

~~(38) Chun a áirithiú go bhforfheidhmeofar cearta paisinéirí ar bhealach níos fearr, ba cheart do na comhlachtaí náisiúnta forfheidhmiúcháin faireachán a dhéanamh ar fhorfheidhmiú Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 agus cinneadh a dhéanamh maidir le smachtbhannaí iomchuí lena spreagfaí comhlíonadh an Rialacháin sin.~~ **[Leasú 38]**

(38a) Socraíodh i dTuarascáil Speisialta 15/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa nach raibh forléargas maith ag comhlachtaí náisiúnta forfheidhmiúcháin ar chomhlíonadh cearta paisinéirí ag oibreoirí. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid freisin ina mheastóireachtaí go bhfuil éagsúlacht shuntasach i gcur chuige foriomlán na gcomhlachtaí náisiúnta forfheidhmiúcháin i leith faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na Rialachán: cé gur gnách le roinnt comhlachtaí náisiúnta forfheidhmiúcháin a bheith an-réamhghníomhach, is cosúil nach bhfreagraíonn comhlachtaí eile ach do ghearáin a fhaigheann siad. Chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh sin agus chun forfheidhmiú níos fearr ar chearta paisinéirí a áirithiú, ba cheart sásraí forfheidhmiúcháin a neartú trí neamhspleáchas a dheonú do chomhlachtaí náisiúnta forfheidhmiúcháin, trí shásra comhair trasteorann a bhunú, trína gcumhacht chun faisnéis a fháil ó iompróirí a fheabhsú, agus trí chóras pionóis níos éifeachtaí a chur chun feidhme. **[Leasú 39]**

(39) Chun a áirithiú go bhforfheidhmeofar cearta paisinéirí ar bhealach níos fearr, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain ag tomhaltóirí ar shásraí chun díospóidí a réiteach lasmuigh den chúirt tar éis do na tomhaltóirí sin gearán a dhéanamh leis an aeriompróir nó leis an idirghabhálaí nó iarraidh a chur faoi bhráid an aeriompróra nó an idirghabhálaí agus nár éirigh leis an ngearán nó an iarraidh sin. Ba cheart ~~nár dhochar na sásraí sin do cheart na mBallstát a chinneadh ar cheart~~***go mbeadh*** rannpháirtíocht na n-aeriompróirí ~~nó~~***agus*** na n-idirghabhálaithe ~~a bheith~~ éigeantach ***faoi raon feidhme an Rialacháin seo i nósanna imeachta um réiteach malartach díospóidí agus ba cheart a gcinntí a bheith ceangailteach***. **[Leasú 40]**

(39a) Toisc gur margadh comhtháite Aontais é an eitlíocht tráchtála, ba cheart go mbeadh bearta chun forfheidhmiú an Rialacháin seo a ráthú níos éifeachtaí ar leibhéal an Aontais le rannpháirtíocht mhéadaithe an Choimisiúin. Go sonrach, ba cheart don Choimisiún feasacht phoiblí a mhéadú maidir le comhlíonadh ceanglais chearta paisinéirí ag aeriompróirí trí liosta a fhoilsiú de na hiompróirí a mhainníonn go córasach an Rialachán seo a chomhlíonadh. **[Leasú 41]**

(40) Nuair a roghnaíonn paisinéirí aisíocaíocht a fháil seachas athródú a dhéanamh, ba cheart iad a aisíoc go huathoibríoch, go tráthúil, gan oibleagáid a bheith orthu iarraidh shonrach a thíolacadh.

(41) Ba cheart don aeriompróir nó don idirghabhálaí faisnéis leordhóthanach a thabhairt do phaisinéirí faoi na nósanna imeachta ábhartha a bhaineann le hiarrataí ar chúiteamh agus gearáin a chur faoi bhráid aeriompróirí nó idirghabhálaithe agus ba cheart dóibh freagra a fháil ó na haeriompróirí nó na hidirghabhálaithe go tráthúil. I gcás ina ngníomhachtaíonn comhlacht bainistithe an aerfoirt plean teagmhasach an aerfoirt, d'fhéadfaí síneadh a chur leis na sprioc-amanna le haghaidh freagra a thabhairt.

(42) Ba cheart an rogha a bheith ag paisinéirí freisin díospóidí aonair a chur faoi bhráid comhlacht nó comhlachtaí atá freagrach as díospóidí a réiteach lasmuigh den chúirt tar éis gearáin a dhéanamh leis an aeriompróir. Mar sin féin, ós rud é gur ceart bunúsach é an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil os comhair binse atá aitheanta faoi Airteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, níor cheart do na bearta sin rochtain paisinéirí ar an gcúirt a chosc ná bac a chur léi.

(43) Chun a chur ar chumas paisinéirí a gcearta maidir le hiarrataí, gearáin agus díospóidí aonair a fheidhmiú, ba cheart do phaisinéirí a bheith in ann iarratas a dhéanamh go díreach agus go pearsanta leis na haeriompróirí, na hidirghabhálaithe, nó na comhlachtaí ábhartha faoi Rialachán (CE) Uimh. 261/2004, ar bhealach soiléir agus inrochtana.

(44) Ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas[26], agus chun a áirithiú go ndéanfar an damáiste do threalamh soghluaisteachta, scriosadh nó cailliúint trealaimh soghluaisteachta, gortú do mhadra cuidithe aitheanta nó bás madra chuidithe aitheanta a chúiteamh suas le costas iomlán a athsholáthair, ba cheart d'aeriompróirí an deis a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, mar a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, dearbhú speisialta leasa a dhéanamh saor in aisce, lena gceadaítear dóibh, de bhun Choinbhinsiún Montréal, cúiteamh iomlán a lorg ***as caillteanas nó damáiste***. ***Ba cheart d'aeriompróirí paisinéirí a chur ar an eolas faoin dearbhú sin agus faoi na cearta gaolmhara aon uair a dhéanfaidh siad ticéad a chur in áirithint.*** **[Leasú 42]**

(45) I gcás ina gcaillteartear an trealamh soghluaisteachta a seiceáladh isteach, ina scriostar é nó ina ndéantar damáiste dó, ba cheart daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a bheith i dteideal athsholáthar sealadach an trealaimh soghluaisteachta sin a fháil láithreach ón aeriompróir. Ós rud é nach féidir madraí cuidithe aitheanta a athsholáthar go héasca, ba cheart réitigh shealadacha eile a sholáthar i gcás ina gcaillteartear madra cuidithe aitheanta, ina bhfaigheann sé bás nó ina ngortaítear é.

---

26 IO L 23, 27.1.2010, lch. 37, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2010/48(1)/oj.

(46) ~~Ní léir~~***Ba cheart go n-áiritheofaí le Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 an cuspóir atá aige caighdeáin a ardú maidir le cosaint agus faisnéis*** do phaisinéirí ~~i gcónaí cén bagáiste is cead dóibh a thabhairt ar bord aerárthaigh, ó thaobh toisí, meáchain nó líon na n-earraí a cheadaítear. Chun~~***, a gcearta a neartú agus*** a áirithiú go ~~mbeidh eolas iomlán ag paisinéirí ar na lamháltais bhagáiste atá mar chuid dá dticéad, maidir le bagáiste a seiceáladh isteach agus bagáiste nár seiceáladh isteach araon, ba cheart d'~~***n-oibreoidh*** aeriompróirí ~~na lamháltais sin a chur in iúl go soiléir tráth na háirithinte agus ag an aerfort. Chun compord pearsanta leordhóthanach a áirithiú le linn do phaisinéirí a bheith ag taisteal, agus mar a d'aithin an Chúirt~~***faoi choinníollacha comhchuibhithe, lena n-áirítear toisí bagáiste láimhe. I gcomhréir leis an mbreithiúnas ón gCúirt*** Bhreithiúnais ~~sa bhreithiúnas uaithi i gCás C-487/12 (Vueling~~***i gcás C-487/12 (Vueling*** Airlines SA v Instituto Galego de Consumo de la Xunta de Galicia ***Vueling***)[27], ba cheart ~~cead a bheith ag paisinéirí earraí pearsanta ar~~ ***bagáiste láimhe (i.e. bagáiste nach seiceáiltear isteach) a mheas gur '*** gné riachtanach ~~iad dá n-iompar a thabhairt isteach sa chábán saor in aisce,~~***' d'iompar paisinéirí é*** ar choinníoll go gcomhlíonann ~~na hearraí pearsanta na ceanglais sábháilteachta agus slándála is infheidhme agus go gcomhlíonann siad~~ ***an bagáiste sin '*** ceanglais réasúnacha ~~ó thaobh meáchain agus toisí de. Earraí pearsanta ar gné riachtanach iad d'~~***' i dtéarmaí a mheáchain agus a thoisí, agus nár cheart, dá bhrí sin, a*** iompar ~~paisinéirí, tuigtear gur earraí fíor-riachtanacha iad na hearraí sin le linn an turais agus féadfar a áireamh leo pasanna agus doiciméid taistil eile, cógais riachtanacha, feistí pearsanta agus ábhair léitheoireachta chomh maith le bia agus deoch is iomchuí d'fhad na heitilte~~***a chur faoi réir forlíonadh praghais. Ba cheart d'aerlínte toisí bagáiste cábáin a chur in iúl go soiléir do phaisinéirí freisin***. **[Leasú 43]**

---

27 Breithiúnas ón gCúirt (an Cúigiú Dlísheomra) an 18 Meán Fómhair 2014, Vueling Airlines SA v Instituto Galego de Consumo de la Xunta de Galicia, Cás C-487/12, ECLI:EU:C:2014:2232.

(46a) Ba cheart tuilleadh soiléireachta a thabhairt i gcás ina bhfágtar earra pearsanta nó bagáiste láimhe ar lár nó ina gcaillteár é i gcábán an aerárthaigh chun láimhseáil na n-iarrataí sin a éascú, chun próiseas cuíchóirithe a áirithiú agus chun aon ualach breise nó míchumarsáid do phaisinéirí a chosc. **[Leasú 44]**

~~(47) Ba cheart paisinéirí a chur ar an eolas, i bhformáid shoiléir agus inrochtana, tráth na háirithinte, faoi thoisí uasta agus meáchan uasta an bhagáiste is féidir leo a thabhairt isteach sa chábán. Gan dochar do phrionsabal na saoirse praghsála, ba cheart d'iompróirí polasaí réasúnta maidir le toisí bagáiste láimhe a leagan síos lena gceadaítear do phaisinéirí píosa bagáiste láimhe a thabhairt isteach sa chábán, ar choinníoll go gcomhlíonann sé na ceanglais sábháilteachta agus slándála is infheidhme. I bhfianaise éagsúlacht pholasaithe na n-aeriompróirí, is iomchuí, san athbhreithniú ar Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[28], measúnú a dhéanamh ar a indéanta a bheadh sé rialacha íosta aonfhoirmeacha a bhunú maidir le bagáiste láimhe.~~ **[Leasú 45]**

---

28 ~~Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh oibriú aersheirbhísí sa Chomhphobal (IO L 293, 31.10.2008, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1008/oj).~~

(48) Is féidir uirlisí ceoil a bheith thar a bheith luachmhar ó thaobh airgid, ealaíne agus staire de. Thairis sin, is é atá in uirlisí ceoil uirlisí cheird na gceoltóirí a úsáidtear go tráthrialta chun cleachtadh agus léiriú a dhéanamh agus ní féidir iad a ionadú go héasca. Dá bhrí sin, ba cheart do phaisinéirí a bheith i dteideal uirlisí ceoil a iompar isteach sa chábán faoina bhfreagracht féin, ar choinníoll go n-urramaíonn na huirlisí sin rialacha maidir le toilleadh, sábháilteacht agus slándáil agus polasaí an aeriompróra maidir le lamháltas uasta bagáiste. ***Chun deis a thabhairt do na paisinéirí lena mbaineann measúnú a dhéanamh i dtaobh an féidir an uirlis cheoil a stóráil sa chábán, ba cheart d'aeriompróirí iad a chur ar an eolas faoi mhéid na n-áiseanna stórála.*** Nuair a chomhlíontar ceanglais toillte, sábháilteachta agus slándála, ba cheart don aeriompróir féachaint le ligean do phaisinéirí uirlisí ceoil a iompar ar shuíocháin bhreise, ar choinníoll gur íocadh na táillí comhfhreagracha. I gcás nach féidir é sin a dhéanamh, ba cheart uirlisí ceoil a iompar, i gcás inar féidir, faoi na coinníollacha iomchuí in urrann lasta an aerárthaigh. Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. ~~2027/97~~***2027/97*** a leasú dá réir. **[Leasú 46]**

(49) I bhfianaise na sprioc-amanna gairide atá ann le gearán a dhéanamh maidir leis na cearta agus na hoibleagáidí a chumhdaítear le Rialachán (CE) Uimh. 2027/97, ba cheart d'aeriompróirí an deis a thabhairt do phaisinéirí gearán a dhéanamh trí fhoirm ghearáin a sholáthar dóibh i bhformáidí atá inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas agus daoine nach n-úsáideann uirlisí digiteacha. Ar a laghad, ba cheart d'aeriompróirí an fhoirm ghearáin a chur ar fáil ar fheidhmchlár mhóibíleacha na n-aeriompróirí agus ar a suíomhanna gréasáin. Leis an bhfoirm ghearáin sin, ba cheart a chur ar chumas an phaisinéara gearán a chomhdú láithreach faoi bhagáiste a ndearnadh damáiste dó, ar cuireadh moill air nó a cailleadh.

(50) Tá Airteagal 3(2) de Rialachán (CE) Uimh. 2027/97 imithe i léig anois toisc gur le Rialachán (CE) Uimh. 785/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[29] a rialaítear ábhair árachais anois. Ba cheart, dá bhrí sin, é a scriosadh.

---

29 Rialachán (CE) Uimh. 785/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir leis na ceanglais árachais a bhaineann le haeriompróirí agus le hoibreoirí aerárthaí, IO L 138, 30.4.2004, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/785/oj).

~~(51) Is gá d'aeriompróirí na teorainneacha airgeadaíochta dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2027/97 a leasú go tráthrialta chun forbairtí eacnamaíocha a chur san áireamh, de réir an athbhreithnithe a dhéanann an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) de bhun Airteagal 24(2) de Choinbhinsiún Montréal.~~ **[Leasú 47]**

(52) Leagadh béim i dtuarascáil Draghi ar a thábhachtaí atá ról an iompair d'iomaíochas an Aontais. Tugadh achoimre inti freisin ar an mbaol go n-atreorófaí gnó, de dheasca rialacháin neamhshiméadracha, ó mhoil iompair san Aontas chuig moil i gcomharsanacht an Aontais. Níl feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 maidir le paisinéirí a imíonn ó aerfort atá ~~suite~~***lonnaithe*** i dtríú tír chuig aerfort atá ~~suite~~***lonnaithe*** i gcríoch Ballstáit a bhfuil feidhm ag ~~na Conarthaí~~***an gConradh*** maidir ~~léi~~***leis,*** ach amháin más aeriompróir de chuid an Aontais é aeriompróir oibriúcháin na heitilte lena mbaineann. ~~Laistigh de 3 bliana ó chur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 261/2004, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar a indéanta atá sé~~***Tacaíonn na torthaí sin le cinneadh reachtóir an Aontais*** athbhreithniú a dhéanamh ar raon feidhme an Rialacháin ~~sin~~***seo*** d'fhonn ~~an leibhéal cosanta a thugtar do phaisinéirí~~***cosaint paisinéirí*** agus an cothrom iomaíochta idir aeriompróirí ~~de chuid~~ an Aontais agus aeriompróirí tríú tír a fheabhsú ~~a thuilleadh~~***tuilleadh***. **[Leasú 48]**

(53) ~~I gcomhthéacs an athbhreithnithe ar Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, ba cheart measúnú a dhéanamh i dtaobh ar cheart sásra a thabhairt isteach chun~~***Tá cosaint airgeadais*** paisinéirí ***i gcás ina dtarlaíonn cliseadh aerlíne ina chuid thábhachtach de chóras éifeachtach de chearta paisinéirí. Chun cosaint aerphaisinéirí a neartú*** ~~a chosaint~~ i gcás ~~dócmhainneacht~~***eitiltí a bheith curtha ar ceal mar gheall ar dhócmhainneacht*** aeriompróra ***nó oibríochtaí aeriompróra a bheith curtha ar fionraí mar gheall ar chúlghairm a cheadúnais oibríochta, ba cheart oibleagáid a bheith ar aeriompróirí fianaise leordhóthanach a sholáthar maidir le hurrús i ndáil le haisíocaíocht paisinéirí nó lena n-aisdúichiú***. **[Leasú 49]**

(53a) Trí chiste ráthaíochta nó scéim árachais éigeantach a chruthú, ba cheart go cuirfear ar chumas aeriompróirí, mar shampla, a áirithiú gur féidir paisinéirí a aisíoc nó a aisdúichiú nuair a chuirtear a n-eitiltí ar ceal mar gheall ar dhócmhainneacht aeriompróra nó mar gheall ar fhionraí a chuid oibríochtaí mar thoradh ar chúlghairm a cheadúnais oibríochta. **[Leasú 50]**

(54) ~~Bíonn cúinsí meitéareolaíocha an-dian sa Ghraonlainn agus is sainghné aici dlús daonra an-íseal agus iargúltacht na n-áiteanna a bhfuil daoine ina gcónaí iontu. Chun nascacht a áirithiú agus chun infhaighteacht eitiltí laistigh den Ghraonlainn a choinneáil ar bun, níor cheart eitiltí laistigh den Ghraonlainn a chumhdach leis na hoibleagáidí maidir le cúiteamh, lena n-áirítear i gcás inar nasceitiltí iad na heitiltí sin a thagann isteach i gcríoch Ballstáit a bhfuil feidhm ag na Conarthaí maidir léi nó a imíonn ón gcríoch sin.~~ **[Leasú 51]**

(55) ~~Ba cheart nár dhochar Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 do stádas agus ceannasacht chuing Ghiobráltar, áit a bhfuil aerfort Ghiobráltar suite, ná do sheasamh dlíthiúil Ríocht na Spáinne ina leith sin. Agus na himthosca reatha á gcur san áireamh agus chun deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar, ba cheart a shonrú nár cheart feidhm a bheith ag na rialacha a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 maidir le haerfort Ghiobráltar ach amháin más rud é, tar éis réiteach a fháil ar an díospóid idir Ríocht na Spáinne agus an Ríocht Aontaithe, go bhfuil Ríocht na Spáinne in ann rialú éifeachtach a fheidhmiú ar aerfort Ghiobráltar agus a áirithiú go gcuirtear na rialacha a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 i bhfeidhm maidir leis an aerfort sin agus gur foilsíodh fógra faoi réiteach na díospóide in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.~~ **[Leasú 52]**

(55a) ***Leis an Rialachán seo, urramaítear cearta bunúsacha a urramú agus cloí leis na prionsabail atá aitheanta go háirithe sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go sonrach maidir le cosaint tomhaltóirí, an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, toirmeasc ar aon idirdhealú, daoine faoi mhíchumas a lánpháirtiú, agus maidir leis an gceart chun leigheas éifeachtach agus triail chóir a fháil.*** **[Leasú 53]**

(55b) ***Chun feabhas a chur ar chosaint aerphaisinéirí lasmuigh de theorainneacha an Aontais, ba cheart aghaidh a thabhairt ar na cearta sin i gcomhaontuithe déthaobhacha agus idirnáisiúnta freisin.*** **[Leasú 54]**

(55c) ***Ba cheart saoráidí sonracha do phaisinéirí faoi mhíchumas tromchúiseach a mbeidh saoráidí feistis agus leithris (ar a dtugtar ' áiteanna feistis ') ag teastáil uathu a chur ar fáil gan aon chostas don phaisinéir ag gach aerfort an Aontais ina mbíonn méid bliantúil tráchta paisinéirí de níos mó ná 1 mhilliún paisinéir.*** **[Leasú 55]**

(56) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon cearta aerphaisinéirí a chosaint ar bhealach cóir cothrom, agus iomaíochas earnáil eitlíochta an Aontais á áirithiú agus nascacht á coinneáil ar bun do phaisinéirí san fhadtéarma, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr a fhairsinge, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

‘Article 1
Ábhar

Bunaítear leis an Rialachán seo, faoi na coinníollacha a shonraítear ann, cearta íosta d’aerphaisinéirí sna cásanna seo a leanas:

(a) diúltaítear cead bordála dóibh;

(b) cuirtear a n-eitilt ar ceal, tá moill uirthi nó déantar í a athsceidealú;

(c) cailleann siad nasceitilt;

(d) déantar iad a uasghrádú nó a íosghrádú.;’

(2) leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (b) go (f):

‘(b) ciallaíonn ‘aeriompróir oibriúcháin’ aeriompróir a fheidhmíonn eitilt, nó a bhfuil sé ar intinn aige eitilt a fheidhmiú, faoi chonradh aeriompair le paisinéir nó ar son duine eile, cibé acu an dlítheanach nó nádúrtha atá i gceist, a bhfuil conradh ag an aeriompróir leis an bpaisinéir sin, lena n-áirítear aeriompróir a úsáideann aerárthach de chuid aeriompróra eile, maille le foireann an aeriompróra eile sin nó dá huireasa, chun a chuid eitiltí a fheidhmiú;

(c) ciallaíonn ‘aeriompróir de chuid an Aontais’ aeriompróir a bhfuil ceadúnas bailí oibriúcháin aige a dheonaigh Ballstát i gcomhréir le forálacha Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*;

(ca) ciallaíonn “comhlacht bainistithe aerfoirt” comhlacht a bhfuil sé mar chuspóir aige faoi dhlíthe náisiúnta, faoi rialacháin nó faoi chonarthaí, i gcomhcheangal le gníomhaíochtaí eile nó á gceal, de réir mar a bheidh, riarachán agus bainistíocht a dhéanamh ar an aerfort nó ar bhonneagair líonra aerfoirt, agus comhordú agus rialú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na n-oibreoirí difriúla atá i láthair sna haerfoirt nó sa líonra aerfoirt lena mbaineann; **[Leasú 56]**

(d) ciallaíonn ‘eagraí’ duine de réir bhrí Airteagal 3, pointe (8), de Threoir (AE) 2015/2302 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[**];

(e) ciallaíonn ‘taisteal láneagraithe’ meascán de sheirbhísí taistil mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (2), de Threoir (AE) 2015/2302;

(f) ciallaíonn ‘ticéad’ fianaise bhailí, gan beann ar a foirm, go bhfuil conradh aeriompair ann;

***(fa) ciallaíonn ‘costas an ticéid’ an praghas deiridh atá le híoc ag deireadh an phróisis áirithinte lena n-áirítear an táille eitilte agus na cánacha, na muirir, na formhuirir agus na táillí uile is infheidhme a íoctar as gach seirbhís roghnach agus neamhroghnach a áirítear sa ticéad, cé is moite de tháillí idirghabhála, gan beann ar cibé acu ar íocadh na breiseanna agus na táillí sin in éineacht leis na táillí don tseirbhís iompair nó go leithleach ag céim níos déanaí;* [Leasú 57]**

***(fb) ciallaíonn ‘áirithint’ go bhfuil ticéad, nó cruthúnas eile, ag an bpaisinéir rud a léiríonn go bhfuil an áirithint glactha agus cláraithe ag an aeriompróir nó ag an eagraí.* [Leasú 58]**

---

* Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh oibriú aersheirbhísí sa Chomhphobal (IO L 293, 31.10.2008, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1008/oj)

** Treoir (AE) 2015/2302 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le taisteal láneagraithe agus socruithe taistil gaolmhara, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 90/314/CEE ón gComhairle (IO L, 326, 11.12.2015, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2015/2302/oj).;’

~~(b) scriostar pointe (g).~~**[Leasú 59]**

(c) cuirtear an méid seo a leanas in phointí (h) go (l):

‘(h) ciallaíonn ‘ceann scríbe deiridh’ ceann scríbe na heitilte nó ceann scríbe nasceitilt deiridh an turais;

(i) ~~ciallaíonn~~***cciallaíonn*** ‘duine faoi mhíchumas’ agus ‘duine a bhfuil a shoghluaisteacht ~~nó a soghluaisteacht~~ laghdaithe’ aon duine ~~ar~~ a bhfuil ~~mallachar fisiceach, meabhrach, intleachtúil~~ nó***a shoghluaisteacht laghdaithe nuair a bhíonn córas iompair á úsáid aige nó aici de bharr aon mhíchumais choirp (míchumas*** céadfach ***nó gluaisluaile***, buan nó sealadach***), de bharr míchumais nó mallachair intleachta, de bharr cúis mhíchumais ar bith eile nó aois, agus ar gá aird iomchuí a thabhairt air nó uirthi agus an tseirbhís a chuirtear ar fáil do na***~~, a d’fhéadfadh, ar idirghníomhú le bacainní éagsúla, bac a chur ar an duine sin úsáid iomlán agus éifeachtach a bhaint as modhanna iompair ar bhonn comhionann le~~ paisinéirí ~~eile nó a bhfuil soghluaisteacht an duine sin laghdaithe le linn modhanna iompair a úsáid de thoradh aoise~~***uile a oiriúnú dá riachtanais speisialta***; **[Leasú 60]**

(j) ciallaíonn ‘cead bordála a dhiúltú’ diúltú paisinéirí a iompar ar eitilt, cé gur tháinig siad i láthair chun bordála faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 4(1), nó i gcás inar cuireadh in iúl dóibh roimh ré go ndiúltófaí cead bordála dóibh in aghaidh a dtola~~, ach amháin i gcás ina bhfuil forais réasúnacha ann le cead bordála a dhiúltú dóibh, amhail an tsláinte, an tsábháilteacht, an tslándáil nó doiciméadacht taistil neamh-leordhóthanach;~~**. [Leasú 61]**

(k) ciallaíonn ‘duine deonach’ paisinéir a tháinig i láthair chun bordála faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 4(1) agus a fhreagraíonn go dearfach ar ghlao an aeriompróra ar phaisinéirí atá toilteanach gan an t-aerárthach le haghaidh a n-eitilte a bhordáil mar mhalairt ar shochair;

(l) ciallaíonn ‘cealú’ nach n-oibrítear eitilt a bhí beartaithe roimhe sin agus a raibh conradh aeriompair eisithe lena haghaidh, agus áirítear leis na cásanna seo a leanas:

(i) d’éirigh an t-aerárthach de thalamh ach, ar chúis éigin, rinneadh í a atreorú chuig aerfort eile nach é an ~~t-aerfort~~***t-aerfort*** teacht isteach a luaitear ar an ticéad, nó d’fhill an t-aerárthach ar an aerfort imeachta, agus ní raibh sé in ann leanúint ar aghaidh chuig an aerfort teacht isteach a luaitear ar an ticéad, ~~mura bhfreastalaíonn an t-aerfort teacht isteach iarbhír agus an t-aerfort teacht isteach a luaitear ar an ticéad ar an mbaile céanna, an chathair chéanna nó an réigiún céanna agus sholáthair an t-aeriompróir modh iompair don phaisinéir chuig an aerfort teacht isteach a luaitear ar an ticéad, nó~~***nó*** **[Leasú 62]**

(ii) ~~e~~isíodh ticéad le haghaidh eitilte do phaisinéir agus ina bhfuil an t-am imeachta a luaitear ar thicéad an phaisinéara tugtha níos mó ná aon uair an chloig chun tosaigh~~, ach amháin mura dtagann aon athrú ar na hamanna seicéail isteach ná ar na hamanna bordála, nó mura dtéann an paisinéir ar an eitilt athsceidealaithe;~~.’ **[Leasú 63]**

(d) cuirtear na pointí seo a leanas leis:

‘(m) ciallaíonn ‘tríú tír’ aon tír nó cuid de chríoch Ballstáit nach bhfuil feidhm ag na Conarthaí maidir léi;

(n) ciallaíonn ‘moill ar imeacht’ an difríocht ama idir am imeachta a luaitear ar thicéad an phaisinéara agus am imeachta iarbhír na heitilte;

(o) ciallaíonn ‘moill ar theacht isteach’ an difríocht ama idir am teacht isteach na heitilte a luaitear ar thicéad an phaisinéara agus am teacht isteach na heitilte; ***maidir le heitilt inar thurgbháil aerárthach ach a raibh air filleadh ar an aerfort imeachta ina dhiaidh sin agus gur thurgbháil sé arís ag tráth níos déanaí, measfar go raibh moill uirthi tráth a teachta;*** **[Leasú 64]**

(p) ciallaíonn ‘aicme iompair’ cuid de chábán paisinéirí an aerárthaigh ina bhfuil ~~suíocháin dhifriúla~~***cód sonrach a léirítear sa chonradh aeriompair nó meascán de shuíocháin éagsúla***, cumraíocht suíochán ~~dhifriúil nó difríocht ar bith eile maidir leis an~~***éagsúil agus difríochtaí eile sa*** tseirbhís***, amhail lónadóireacht shonrach,*** a chuirtear ar fáil do phaisinéirí i gcomparáid le codanna eile den chábán; **[Leasú 65]**

(q) ciallaíonn ‘conradh aeriompair’ conradh iompair arna thabhairt i gcrích idir aeriompróir nó a ghníomhaire údaraithe agus paisinéir ***nó paisinéirí,*** chun eitilt amháin nó níos mó a sholáthar; **[Leasú 66]**

~~(r) ciallaíonn ‘imthosca urghnácha’ imthosca nach dtarlaíonn, de bharr a gcineáil nó a dtionscnaimh, le linn ghnáthfheidhmiú ghníomhaíocht an aeriompróra lena mbaineann agus nach bhfuil neart iarbhír ag an aeriompróir orthu, amhail na himthosca sa liosta neamh-uileghabhálach d’imthosca urghnácha a leagtar amach i bpointe 1 den Iarscríbhinn, ach ní áirítear sna himthosca sin na himthosca sa liosta neamh-uileghabhálach d’imthosca a leagtar amach i bpointe 2 den Iarscríbhinn;~~ **[Leasú 67]**

(s) ciallaíonn ‘eitilt’ oibríocht aeriompair arna hoibriú ag aerárthach aonair idir dhá aerfort mar a shonraítear ar an ticéad trí chúrsa taistil réamhshocraithe, sceideal agus uimhir aitheantais aonair, beag beann ar cé acu a dhéantar nó nach ndéantar stopanna eatramhacha go heisiach chun críoch teicniúil agus oibríochtúil;

(t) ciallaíonn ‘nasceitilt’ eitilt atá beartaithe ***faoi chonradh iompair aonair nó faoi thagairt áirithinte aonair, nó faoin dá rud***, mar chuid de thuras, chun a chur ar chumas an phaisinéara imeacht ó phointe tosaigh an imeachta agus teacht isteach ar phointe idirthurais chun imeacht ansin ar eitilt eile, nó eitilt atá beartaithe chun a chur ar chumas an phaisinéara imeacht ó phointe idirthurais chun a chur ar chumas an phaisinéara pointe idirthurais eile nó ceann scríbe deiridh an phaisinéara a bhaint amach; **[Leasú 68]**

(u) ciallaíonn ‘briseadh turais’ stop a chuirtear d’aon ghnó le turas faoi chonradh aeriompair aonair ar feadh tréimhse níos faide ná an tréimhse is gá chun idirthuras díreach a dhéanamh nó, nuair a bhítear ag athrú go heitilt eile, ar feadh tréimhse a leanann ar aghaidh de ghnáth go dtí am imeachta na chéad nasceitilte eile agus áirítear leis sin, i gcásanna eisceachtúla, fanacht thar oíche.

(v) ciallaíonn ‘turas’ eitilt nó nasceitiltí a iompraíonn an paisinéir ó phointe tosaigh an imeachta chuig ceann scríbe deiridh an phaisinéara i gcomhréir le conradh aeriompair aonair, agus is turais ar leithligh iad na heitiltí amach agus na heitiltí fillte;

(w) ciallaíonn ‘am imeachta’ an t-am a fhágann an t-aerárthach an seastán imeachta, trí bheith brúite siar nó faoina chumhacht féin (am a fhágann an t-aerárthach na bloic);

(x) ciallaíonn ‘am teacht isteach’ an t-am a bhaineann an t-aerárthach amach an seastán teacht isteach agus a chuirtear síos a choscáin pháirceála (am a shroicheann an t-aerárthach na bloic);

(y) ciallaíonn ‘moill ar an tarmac’ tréimhse ama is faide ná 30 nóiméad ar lena linn a fhanann an t-aerárthach ar an talamh idir dúnadh dhoirse an aerárthaigh agus an t-am a éiríonn an t-aerárthach de thalamh, tráth imeachta, nó tréimhse ama is faide ná 30 nóiméad idir tuirlingt an aerárthaigh agus oscailt dhoirse an aerárthaigh, tráth teacht isteach;

(z) ciallaíonn ‘oíche’ an tréimhse idir meán oíche agus 06:00;

(za) ciallaíonn ‘leanbh’ duine faoi bhun 14 bliana d’aois ó dháta imeachta na heitilte nó na chéad nasceitilte faoi chonradh aeriompair;

(zaa) ciallaíonn ‘leanbh neamhthionlactha’ leanbh atá ag taisteal gan caomhnóir fásta in éineacht leis agus go bhfuil freagracht glactha ag an aeriompróir as aire a thabhairt dó i gcomhréir lena rialacha foilsithe;
[Leasú. 69]

(zb) ciallaíonn ‘naíonán’ duine faoi bhun 2 bhliain d’aois ó dháta imeachta na heitilte nó ó dháta na chéad nasceitilte faoi chonradh aeriompair;

(zc) ciallaíonn ‘meán marthanach’ aon ionstraim lena gcuirtear ar chumas an phaisinéara faisnéis a stóráil ar bhealach inrochtana lena húsáid amach anseo, go ceann tréimhse leordhóthanach chun críocha na faisnéise agus a fhágann gur féidir an fhaisnéis atá stóráilte a atáirgeadh gan í a athrú;

(zd) ciallaíonn ‘formáid inrochtana’ formáid lena dtugtar rochtain ar aon fhaisnéis ábhartha do dhuine faoi mhíchumas nó do dhuine a bhfuil a shoghluaisteacht nó a soghluaisteacht laghdaithe, lena n-áirítear trí rochtain a thabhairt don duine sin ar bhealach atá chomh furasta agus compordach leis an rochtain a thugtar do dhuine gan mhallachar ná míchumas, agus a chomhlíonann na ceanglais inrochtaineachta a shainítear i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme, go háirithe Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

(ze) ciallaíonn ‘cur isteach’ cead bordála a dhiúltú, cealú, moill ar imeacht, moill ar theacht isteach nó moill ar an tarmac;

(zf) ciallaíonn ‘pointe tosaigh an imeachta’ pointe imeachta na heitilte nó pointe imeachta na chéad nasceitilte de thuras.

(zfa) ciallaíonn 'earra pearsanta' píosa bagáiste nár seiceáladh isteach, a chomhlíonann ceanglais slándála agus sábháilteachta, agus ag a bhfuil uastoisí 40x30x15 cm nó ar an gcoinníoll go dtéann sé faoin suíochán os comhair an tsuíocháin ina bhfuil an paisinéir ina shuí nó ina suí; **[Leasú 70]**

(zfb) ciallaíonn 'bagáiste láimhe' píosa bagáiste nár seiceáladh isteach agus nach earra pearsanta é agus a chomhlíonann ceanglais slándála agus sábháilteachta. **[Leasú 71]**

---

* Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 i ndáil leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí (IO L 151, 7.6.2019, lch. 70, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/882/oj).;'

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

‘Article

Airteagal 3 Raon feidhme

1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) paisinéirí atá ag imeacht ó aerfort atá suite i gcríoch Ballstáit a bhfuil feidhm ag na Conarthaí maidir léi;

(b) paisinéirí ~~a imíonn~~***atá ag imeacht*** ó aerfort atá ~~suite~~***lonnaithe*** i dtríú tír chuig aerfort atá suite i gcríoch Ballstáit a bhfuil feidhm ag na Conarthaí maidir ~~léi, mura bhfuair~~***leis, ach amháin má fuair*** siad sochair ***choibhéiseacha*** nó cúiteamh ***coibhéiseach agus má*** ~~agus murar~~ tugadh cúnamh dóibh sa tríú tír sin~~, más aeriompróir de chuid an Aontais é aeriompróir oibriúcháin na heitilte lena mbaineann~~. **[Leasú 72]**

2. Beidh feidhm ag mír 1 ar an gcoinníoll gur fíor an méid seo a leanas i leith paisinéirí:

   (a) tá ticéad acu don eitilt lena mbaineann; nó

   (b) rinne aeriompróir nó idirghabhálaí iad a aistriú ón eitilt a raibh ticéad acu di go heitilt eile, is cuma cén chúis atá leis.

~~3. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le paisinéirí atá ag taisteal saor in aisce nó ar tháille laghdaithe nach bhfuil ar fáil, go díreach nó go hindíreach, don phobal. Beidh feidhm aige, áfach, maidir le paisinéirí a bhfuil ticéid acu arna n-eisiúint ag aeriompróir nó ag idirghabhálaí faoi chlár dílseachta do dhaoine a eitlíonn go minic nó faoi chlár tráchtála eile.~~ **[Leasú 73]**

4. Gan dochar d'Airteagal 8(2), pointe (d), ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo ach maidir le paisinéirí arna n-iompar in aerárthach mótarthrealmhaithe ag a bhfuil sciatháin dhobhogtha.

5. Mura sonraítear a mhalairt, beidh an t-aeriompróir oibriúcháin freagrach as na hoibleagáidí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh.

6. Gan dochar d’Airteagal 12 den Rialachán seo, beidh feidhm ag an Rialachán seo freisin maidir le paisinéirí a iompraítear ar eitilt a chumhdaítear le conradh taistil láneagraithe mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (3), de Threoir (AE) 2015/2302, ach amháin má fhoirceanntar an conradh taistil láneagraithe sin nó má dhéantar difear dá fheidhmíocht ar chúiseanna seachas cur isteach ar an eitilt sin.

~~7. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 7 den Rialachán seo, má tharlaíonn an cur isteach ar nasceitilt a imíonn ó aerfort sa Ghraonlainn agus a thagann isteach chuig aerfort sa Ghraonlainn.~~ **[Leasú 74]**

~~8. Ní dochar an Rialachán seo do sheasamh dlíthiúil Ríocht na Spáinne maidir le críoch Ghiobráltar, chomh maith leis an gcuing agus an t-aerfort a tógadh uirthi.~~**[Leasú 75]**

~~Beidh feidhm aige maidir le haerfort Ghiobráltar más rud é, tar éis a díospóide leis an Ríocht Aontaithe a réiteach, go mbeidh Ríocht na Spáinne in ann rialú éifeachtach a fheidhmiú ar an aerfort sin agus a áirithiú go gcuirfear na rialacha a leagtar amach sa Rialachán seo i bhfeidhm maidir leis an aerfort sin. Tabharfaidh Ríocht na Spáinne fógra don Choimisiún nuair a chomhlíonfar na coinníollacha sin agus foilseoidh an Coimisiún fógra maidir le réiteach na díospóide in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an aerfort sin ón gcéad lá den mhí tar éis dháta foilsithe an fhógra sin in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.;'~~ **[Leasú 76]**

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

‘Article

Airteagal 4 Cead bordála a dhiúltú

1. Beidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le paisinéirí a thagann i láthair chun bordála ag an ngeata, tar éis seiceáil isteach ar líne nó seiceáil isteach ag an aerfort a bheith déanta acu, mar a shonraítear agus ag an am arna chur in iúl roimh ré i scríbhinn (lena n-áirítear trí mheán leictreonach) ag an aeriompróir oibriúcháin, nó ag an idirghabhálaí, nó, mura sonraítear am bordála, tráth nach déanaí ná 45 nóiméad roimh an am imeachta a luaitear ar thicéad an phaisinéara. Beidh feidhm ag an Airteagal seo freisin maidir le paisinéirí nach dtagann i láthair chun bordála nuair a cuireadh in iúl dóibh roimh ré go ndiúltófaí cead bordála dóibh in aghaidh a dtola.

2. Nuair a mheasann aeriompróir oibriúcháin go réasúnta go ndiúltóidh sé cead bordála do ~~phaisinéirí~~***phaisinéir*** ar eitilt, cuirfidh sé na paisinéirí lena mbaineann ar an eolas láithreach. ~~An tráth céanna,~~ Sonróidh an t-aeriompróir oibriúcháin***, an tráth céanna,*** do na paisinéirí lena mbaineann a gcearta sonracha faoin Rialachán seo is infheidhme maidir leis an gcás, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an gceart chun aisíocaíochta ~~nó~~**,** athródú ~~faoi Airteagal 8~~***agus cúiteamh*** agus leis an gceart chun cúnaimh ~~faoi Airteagal 9~~***faoin Rialachán seo***. **[Leasú 77]**

Iarrfaidh an t-aeriompróir oibriúcháin daoine deonacha faoi choinníollacha atá le comhaontú idir gach duine deonach agus an t-aeriompróir oibriúcháin. ***Cuirfidh an t-aeriompróir na saorálaithe ar an eolas faoina gcearta i gcomhréir leis an Rialachán seo.*** Ní thiocfaidh an comhaontú ~~sin~~ le gach duine deonach maidir leis na sochair in ionad cheart an duine dheonaigh chun cúitimh mar a leagtar síos in Airteagal 7(1) ach amháin má fhormheasann an duine deonach é go sainráite trí bhíthin doiciméad sínithe nó aon mhodh digiteach ar mheán marthanach. In éagmais an fhormheasa sin, déanfaidh an t-aeriompróir oibriúcháin a dhiúltaíonn cead bordála cúiteamh a thabhairt don duine deonach~~, gan moill mhíchuí agus ar a dhéanaí laistigh de 7 lá féilire ón gcead bordála a dhiúltú~~ ***láithreach***, i gcomhréir le hAirteagal 7(1). **[Leasú 78]**

3. Mura bhfuil an líon daoine deonacha a thagann chun cinn leordhóthanach chun ligean do na paisinéirí eile a bhfuil ticéid acu chun dul ar bord na heitilte, ansin, féadfaidh an t-aeriompróir oibriúcháin cead bordála a dhiúltú do phaisinéirí in aghaidh a dtola, cé is moite de phaisinéirí dá dtagraítear in Airteagal 11.

4. An t-aeriompróir oibriúcháin a dhiúltaíonn cead bordála, sonróidh sé láithreach do na paisinéirí lena mbaineann an fhaisnéis faoi láimhseáil gearán faoi Airteagail 15a agus 16a.

   Déanfaidh an t-aeriompróir oibriúcháin a dhiúltaíonn cead bordála rogha idir aisíocaíocht agus athródú a thairiscint, gan moill mhíchuí agus ar bhealach soiléir, do na paisinéirí lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 8. De mhaolú ar Airteagal 8(1), pointe (a), nuair atá na paisinéirí ar diúltaíodh bordáil dóibh i dteideal aisíocaíochta, deonófar í ~~gan moill mhíchuí agus ar a dhéanaí laistigh de 7 lá féilire ón gcead bordála a dhiúltú~~***láithreach***.
   [Leasú 79]

Déanfaidh an t-aeriompróir oibriúcháin a dhiúltaíonn an cead bordála cúnamh a thairiscint do na paisinéirí lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 9. De mhaolú ar Airteagail 9(1), pointe (a), deonófar sólaistí láithreach.

An t-aeriompróir oibriúcháin a dhiúltaíonn cead bordála do phaisinéirí in aghaidh a dtola, tabharfaidh sé cúiteamh ***láithreach*** do na paisinéirí lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 7(1)~~, gan aon mhoill mhíchuí agus ar a dhéanaí laistigh de 7 lá féilire ón gcead bordála a dhiúltú~~. **[Leasú 80]**

5. ~~Beidh feidhm ag míreanna 3 agus 4 maidir le heitiltí fillte freisin i gcás ina ndiúltaítear cead bordála don phaisinéir ar an bhforas nach ndeachaigh an paisinéir ar eitilt amach a chumhdaítear leis an gconradh aeriompair céanna.~~ **[Leasú 81]**

5a. Ní dhiúltófar cead bordála don phaisinéir ar thuras fillte, lena n-áirítear ceann ina bhfuil eitiltí iomadúla, ar na forais nach ndearna an paisinéir an eitilt amach don ticéad fillte nó nach raibh muirear breise íoctha acu chun na críche sin. Má dhiúltaítear cead bordála do phaisinéirí i gcoinne a dtola ar fhorais den sórt sin, beidh feidhm ag an Airteagal seo. Sa bhreis air sin, déanfaidh an t-aeriompróir oibriúcháin na paisinéirí lena mbaineann a chúiteamh láithreach i gcomhréir le hAirteagal 7 agus cuideoidh sé leo i gcomhréir le hAirteagal 8 agus le hAirteagal 9. **[Leasú 82]**

~~6. I gcás ina n-éilíonn an paisinéir, nó idirghabhálaí, go ndéanfaí dearmad litrithe in ainm nó i gcéadainm nó céadainmneacha duine amháin de na paisinéirí nó roinnt díobh a cheartú nó i gcás ina ndéantar athrú riaracháin ar na hainmneacha sin, déanfaidh an t-aeriompróir oibriúcháin é a cheartú nó a athrú ar a laghad uair amháin suas le 48 uair an chloig roimh an imeacht gan aon mhuirear breise a ghearradh ar an bpaisinéir nó ar an idirghabhálaí.;'~~ **[Leasú 83]**

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5:

'Article
Airteagal 5 Cealú

1. I gcás ina gcuirtear eitilt ar ceal, cuirfidh aeriompróir oibriúcháin na heitilte a cuireadh ar ceal na paisinéirí lena mbaineann ar an eolas láithreach. An tráth céanna, sonróidh an t-aeriompróir oibriúcháin do na paisinéirí lena mbaineann a gcearta sonracha faoin Rialachán seo is infheidhme maidir leis an gcás, go háirithe a mhéid a bhaineann le haisíocaíocht nó athródú faoi Airteagal 8 agus cúnamh faoi Airteagal 9, chomh maith leis an bhfaisnéis faoin bpróiseas chun cúiteamh a iarraidh a shainítear in Airteagal 7 agus faoi láimhseáil gearán faoi Airteagail 15a agus 16a.

~~Sonróidh~~***Cuirfidh*** an t-aeriompróir oibriúcháin~~, gan aon mhoill mhíchuí, do~~ na paisinéirí lena mbaineann ~~na cúiseanna a bhí leis an gcealú. Beidh na paisinéirí i dteideal, arna iarraidh sin dóibh,~~***ar an eolas trí mheán leictreonach faoi*** na cúiseanna ~~a bhí~~ leis an gcealú a ~~fháil i scríbhinn. Soláthróidh an t-aeriompróir oibriúcháin~~***luaithe a bheidh*** an fhaisnéis sin ar ~~bhealach soiléir laistigh de 7 lá féilire ón iarraidh a thíolacadh~~***fáil, agus in aon chás tráth nach déanaí ná 30 nóiméad tar éis an ama imeachta sceidealaithe***. **[Leasú 84]**

2. Déanfaidh aeriompróir oibriúcháin na heitilte a cuireadh ar ceal rogha idir aisíocaíocht agus athródú a thairiscint, gan moill mhíchuí agus ar bhealach soiléir, do na paisinéirí lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 8.

3. Déanfaidh an t-aeriompróir oibriúcháin cúnamh a thairiscint do na paisinéirí lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 9.

4. Beidh sé de cheart ag paisinéirí cúiteamh a fháil ó aeriompróir oibriúcháin ~~n~~e***na*** heitilte a cuireadh ar ceal i gcomhréir le ~~hAirteagal~~***hAirteagail*** 7(1) agus ~~(3)~~***7(3)*** i gcás ina roghnaíonn siad aisíocaíocht i gcomhréir le hAirteagal 8(1), pointe (a), nó athródú i gcomhréir le hAirteagal 8(1), pointe (c), ~~nó~~***agus/nó*** i gcás ina mbaineann siad a gceann scríbe deiridh amach le moill ar theacht isteach dóibh a sháraíonn ~~na tairseacha~~***an tairseach*** a leagtar amach in Airteagal 7(2) tar éis dóibh athródú a roghnú i gcomhréir le hAirteagal 8(1), pointe (b). Chuige sin, soláthróidh an t-aeriompróir foirm réamhlíonta go córasach don phaisinéir i bhformáid inrochtana agus ar mheán marthanach ***i gcomhréir le hAirteagal 16aa de Rialachán [2023/0437(COD)] maidir le forfheidhmiú cearta paisinéirí san Aontas***. Tabharfaidh an t-aeriompróir freagra laistigh den sprioc-am a leagtar amach in Airteagal 7(5). **[Leasú 85]**

5. Ní bheidh sé d’oibleagáid ar aeriompróir oibriúcháin cúiteamh a íoc i gcomhréir le hAirteagal 7 más féidir leis a chruthú gurbh iad imthosca urghnácha ba chúis leis an gcealú agus nárbh fhéidir an cealú sin a sheachaint fiú dá ndéanfadh an t-aeriompróir gach beart réasúnta. Ní fhéadfar na himthosca urghnácha sin a agairt ach amháin a mhéid a ~~dhéanann siad difear don~~***chuireann siad isteach ar an*** eitilt lena mbaineann nó ~~do cheann amháin ar a laghad de na trí~~***ar an*** eitilt roimhe sin ~~san ord uainíochta a bhí pleanáilte don~~***arna hoibriú ag an*** aerárthach céanna, agus ar choinníoll go bhfuil nasc cúisíoch díreach idir an imthoisc sin agus ~~an eitilt a chur ar ceal~~***cealú na heitilte***. Is ar an aeriompróir oibriúcháin a bheidh an dualgas cruthúnais maidir le cé acu is ann nó nach ann don nasc cúisíoch díreach sin. ***I gcás nach dtabharfaidh an t-aeriompróir aon chruthúnas maidir le himthosca urghnácha i bhfoirm scríbhinn, íocfaidh an t-aeriompróir an cúiteamh dá dtagraítear in Airteagal 7.***
[Leasú 86]

6. Ní bheidh feidhm ag an gceart chun cúnamh a fháil faoi mhír 3 ná chun cúiteamh a fháil faoi mhír 4 más rud é gur cuireadh na paisinéirí ar an eolas faoin gcealú 14 lá féilire ar a laghad roimh an dáta imeachta a luaitear ar thicéad an phaisinéara. Is ar an aeriompróir oibriúcháin a bheidh an dualgas cruthúnais maidir leis na ceisteanna i dtaobh ar cuireadh an paisinéir ar an eolas gur cuireadh an eitilt ar ceal agus i dtaobh cathain a cuireadh an paisinéir ar an eolas faoin gcealú sin.;

***6a. I gcás cealú eitilte mar gheall ar dhócmhainneacht, ar fhéimheacht nó más rud é go ndéantar gníomhaíochtaí aeriompróra a chur ar fionraí nó a scor, beidh paisinéirí a bhfuil fuireach orthu i dteideal aisíocaíochta, an eitilt fillte go dtí an pointe imeachta nó athródú agus beidh siad i dteideal cúraim, mar a fhoráiltear in Airteagal 8 agus in Airteagal 9 den Rialachán seo. Mar an gcéanna, beidh aerphaisinéirí nach bhfuil tús curtha fós acu lena n-aistear i dteideal aisíocaíocht a fháil. Beidh ar aeriompróirí a chruthú go ndearna siad gach beart is gá, amhail polasaí árachais a ghlacadh nó cistí ráthaíochta a chruthú, foráil a dhéanamh do chúram, aisíocaíocht nó athródú paisinéirí a bhfuil fuireach orthu i gcás inarb infheidhme. Beidh na cearta sin infheidhme maidir le gach paisinéir lena mbaineann beag beann ar a n-áit chónaithe, pointe imeachta nó an áit ar cheannaigh siad a dticéad.’* **[Leasú 87]**

(6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6:

‘Article

Airteagal 6 Moill

1. Nuair a mheasann aeriompróir oibriúcháin go réasúnta go gcuirfear moill ar eitilt, cuirfidh sé na paisinéirí lena mbaineann ar an eolas láithreach, i gcás inar féidir, ach ar a dhéanaí, faoin am imeachta a luaitear ar thicéad an phaisinéara. A mhéid is féidir, gheobhaidh paisinéirí nuashonruithe tráthrialta i bhfíor-am. An tráth céanna, cuirfidh an t-aeriompróir oibriúcháin na paisinéirí lena mbaineann ar an eolas maidir lena gcearta sonracha faoin Rialachán seo is infheidhme maidir leis an gcás, go háirithe a mhéid a bhaineann le cúnamh faoi Airteagal 9, agus tabharfaidh sé dóibh an fhaisnéis faoin bpróiseas chun cúiteamh a iarraidh a shainítear in Airteagal 7 agus faoi láimhseáil gearán faoi Airteagail 15a agus 16a.

A luaithe a bheidh an fhaisnéis sin ar fáil, agus in aon chás tráth nach déanaí ná 30 nóiméad tar éis an ama imeachta sceidealaithe, sonróidh an t-aeriompróir oibriúcháin do na paisinéirí lena mbaineann~~, gan moill mhíchuí,~~ na cúiseanna ~~a bhí~~ leis an moill ar an eitilt. Tá na paisinéirí i dteideal, arna iarraidh sin dóibh, na cúiseanna a bhí leis an moill ar theacht isteach a fháil i scríbhinn. ~~Soláthróidh~~***Seolfaidh*** aeriompróir oibriúcháin na heitilte ar cuireadh moill uirthi an ~~fhaisnéis sin ar bhealach soiléir~~***fhoirm choiteann réamhlíonta chuig paisinéirí*** laistigh de ~~7 lá féilire ón iarraidh a thíolacadh~~***48 n-uair an chloig tar éis suaitheadh taistil chun críche aisíocaíochta agus cúitimh i gcomhréir le hAirteagal 6c***. **[Leasú 88]**

2. Déanfaidh an t-aeriompróir oibriúcháin cúnamh a thairiscint do na paisinéirí lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 9.

3. Nuair a bhaintear amach leis an moill ~~na tairseacha~~***an tairseach*** a leagtar amach in Airteagal 7(2) arna ríomh ón am imeachta a luaitear ar thicéad an phaisinéara, déanfaidh an ~~t-aeriompróir~~***t-aeriompróir*** oibriúcháin rogha idir aisíocaíocht agus athródú a thairiscint, gan moill mhíchuí, do na paisinéirí lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 8. **[Leasú 89]**

3a. Beidh sé de cheart ag paisinéirí cúiteamh a fháil ón iompróir oibriúcháin i gcomhréir le hAirteagal 7 i gcás ina n-imeoidh siad tráth nach déanaí ná uair an chloig roimh an am imeachta sceidealaithe agus ina mbainfidh siad a gceann scríbe deiridh amach le moill 2 uair an chloig nó níos mó tar éis an ama teachta sceidealaithe, ar choinníoll go bhfuil an t-am iomlán a chaill an paisinéir, is é sin an t-am roimh an imeacht agus tar éis na moille ar theacht isteach, cothrom leis an tairseach a leagtar amach in Airteagal 7(2) nó níos mó ná í. **[Leasú 90]**

4. Beidh sé de cheart ag na paisinéirí~~, arna iarraidh sin dóibh~~, cúiteamh a fháil ó aeriompróir oibriúcháin na heitilte ar cuireadh moill uirthi i gcomhréir le ~~hAirteagal~~***hAirteagail*** 7(1) agus ~~(3)~~***7(3)*** i gcás ina mbaineann siad a gceann scríbe deiridh amach le moill ar theacht isteach dóibh a sháraíonn ~~na tairseacha~~***an tairseach*** a leagtar amach in Airteagal 7(2). ***Chuige sin, déanfaidh an t-aeriompróir oibriúcháin, go córasach laistigh de 48 n-uair an chloig tar éis na moille, foirm réamhlíonta a sholáthar don phaisinéir i gcomhréir le hAirteagal 16aa de Rialachán [2023/0437(COD)] maidir le forfheidhmiú cearta paisinéirí san Aontas].*** **[Leasú 91]**

Beidh sé de cheart ag paisinéirí~~, arna iarraidh sin dóibh,~~ cúiteamh a fháil ó aeriompróir oibriúcháin na heitilte ar cuireadh moill uirthi i gcomhréir le ~~hAirteagal~~***hAirteagail*** 7(1) agus ~~(3)~~***7(3)*** i gcás ina roghnaíonn siad aisíocaíocht i gcomhréir le hAirteagal 8(1), pointe (a), nó athródú i gcomhréir le hAirteagal 8(1), pointe (c), nó i gcás ina mbaineann siad a gceann scríbe deiridh amach le moill ar theacht isteach ~~dóibh~~ a sháraíonn ~~na tairseacha~~***an tairseach*** a leagtar amach in Airteagal 7(2) tar éis dóibh athródú a roghnú i gcomhréir le hAirteagal 8(1), pointe (b). **[Leasú 92]**

5. Beidh feidhm ag an Airteagal seo freisin más rud é go ndearna an t-aeriompróir oibriúcháin an t-am imeachta, mar a léirítear ar thicéad an phaisinéara, a chur siar.

   Ní bheidh feidhm ag an gceart chun cúnamh a fháil faoi mhír 2 ná chun cúiteamh a fháil faoi mhír 4 más rud é gur cuireadh an paisinéir ar an eolas faoi athrú den sórt sin 14 lá féilire ar a laghad roimh an am imeachta a luaitear ar thicéad an phaisinéara. Is ar an aeriompróir oibriúcháin a bheidh an dualgas cruthúnais maidir leis na ceisteanna i dtaobh ar cuireadh an paisinéir ar an eolas faoin athrú ama agus i dtaobh cathain a cuireadh an paisinéir ar an eolas faoin athrú sin.

6. Ní bheidh ~~sé~~ d’oibleagáid ar aeriompróir oibriúcháin cúiteamh a íoc i gcomhréir le hAirteagal 7~~,~~ más féidir leis a chruthú gurbh iad imthosca urghnácha ba chúis leis an moill ar theacht isteach agus nárbh fhéidir an mhoill sin a sheachaint fiú dá ndéanfadh an ~~t-aeriompróir~~***t-aeriompróir*** gach beart réasúnta. Ní fhéadfar na himthosca urghnácha sin a agairt ach amháin a mhéid a ~~dhéanann siad difear don~~***chuireann siad isteach ar an*** eitilt lena mbaineann nó ~~do cheann amháin~~ ar a laghad ~~de na trí~~***ar an*** eitilt roimhe sin ~~san ord uainíochta a bhí pleanáilte don~~***arna hoibriú ag an*** aerárthach céanna, agus ar choinníoll go bhfuil nasc cúisíoch díreach idir an imthoisc sin agus an mhoill ar imeacht na heitilte ina dhiaidh sin. Is ar an aeriompróir oibriúcháin a bheidh an dualgas cruthúnais maidir le cé acu is ann nó nach ann don nasc cúisíoch díreach sin.~~;~~ ***I gcás nach dtabharfaidh an t-aeriompróir aon chruthúnas maidir le himthosca urghnácha i bhfoirm scríbhinn, íocfaidh an t-aeriompróir an cúiteamh dá dtagraítear in Airteagal 7. Ní dhíolmhaíonn an méid thuas na haeriompróirí ón gceanglas cúnamh a chur ar fáil do phaisinéirí, i gcomhréir le hAirteagal 9.’*** **[Leasú 93]**

(7) cuirtear na hairteagail seo a leanas isteach:

‘Article 6a

Moill ar an tarmac

1. I gcás moill ar an tarmac, soláthróidh an t-aeriompróir oibriúcháin nuashonruithe tráthrialta, fíor-ama do phaisinéirí, a mhéid is féidir.

2. Faoi réir srianta sábháilteachta nó slándála, i gcás ina dtarlaíonn moill ar an tarmac, áiritheoidh an t-aeriompróir oibriúcháin go mbeidh teas nó fuarú leordhóthanach i gcábán na bpaisinéirí agus go mbeidh rochtain saor in aisce ar shaoráidí leithris ar bord agus áiritheoidh sé go bhfaighidh na paisinéirí dá dtagraítear in Airteagal 11 an aire is gá. Mura rud é go gcuirfeadh sé síneadh leis an moill ar an tarmac nó mura rud é nach bhfuil sé comhoiriúnach le ceanglais aersháibháilteachta nó aershlándála, soláthróidh an t-aeriompróir oibriúcháin uisce óil saor in aisce ar bord.

3. I gcás ina bhfuil moill ar an tarmac a mhaireann ~~3~~***2*** uair an chloig in aerfort ***ina bhfuil trácht tráchtála paisinéirí*** atá suite i gcríoch Bhallstáit a bhfuil feidhm ag na Conarthaí maidir léi, rachaidh an t-aerárthach ar aghaidh chuig an ngeata nó chuig pointe oiriúnach díbhordála eile ~~mar a~~***ina*** ligfear do phaisinéirí díbhordáil. Tar éis an sprioc-ama sin, ní féidir cur le moill ar an tarmac ach amháin má tá cúiseanna ann a bhaineann le sábháilteacht, inimirce, rialú aerthráchta nó slándáil a fhágann nach féidir leis an aerárthach imeacht ón áit a bhfuil sé ar an tarmac. **[Leasú 94]**

4. Beidh paisinéirí a dhíbhordáiltear i gcomhréir le mír 3 i dteideal na gceart dá bhforáiltear faoi Airteagal 6 agus, i gcás inarb iomchuí, faoi Airteagal 11, agus an mhoill ar an tarmac agus an t-am imeachta a luaitear ar thicéad an phaisinéara á gcur san áireamh.

Article 6b

Nasceitilt a chaillteart le linn turais a dhéantar faoi chonradh aeriompair aonair

1. I gcás ina gcailleann paisinéir nasceitilt le linn turais toisc gur cuireadh isteach ar eitilt roimhe sin, beidh aeriompróir oibriúcháin na heitilte roimhe sin freagrach as athródú a sholáthar don phaisinéir i gcomhréir le hAirteagal 8(1), pointe (b), agus as cúnamh a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 9.

2. I gcás nach féidir leis an aeriompróir oibriúcháin an paisinéir a athródú laistigh den tréimhse ama a leagtar amach in Airteagal 7(2), pointí (a) agus (b), arna ríomh ón am imeachta a luaitear ar thicéad an phaisinéara don nasceitilt a cailleadh, déanfaidh an t-aeriompróir oibriúcháin rogha idir athródú agus aisíocaíocht a thairiscint, gan moill mhíchuí agus ar bhealach soiléir, do na paisinéirí lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 8.

3. Beidh sé de cheart ag paisinéirí freisin~~, arna iarraidh sin dóibh~~, cúiteamh a fháil ón aeriompróir a oibríonn an eitilt ar cuireadh isteach uirthi i gcomhréir le ~~hAirteagal~~***hAirteagail*** 7(1) agus ~~(3)~~***7(3)***, i gcás ina mbaineann siad a gceann scríbe deiridh amach le moill ar theacht isteach dóibh a sháraíonn ~~na tairseacha~~***an tairseach*** a leagtar amach in Airteagal 7(2). **[Leasú 95]**

Beidh sé de cheart ag paisinéirí~~, arna iarraidh sin dóibh~~, cúiteamh a fháil ón aeriompróir a oibríonn an eitilt ar cuireadh isteach uirthi i gcomhréir le ~~hAirteagal~~***hAirteagail*** 7(1) agus ~~(3)~~***7(3)*** i gcás ina roghnaíonn siad aisíocaíocht i gcomhréir le hAirteagal 8(1), pointe (a), nó athródú i gcomhréir le hAirteagal 8(1), pointe (c), nó i gcás ina mbaineann siad a gceann scríbe deiridh amach le moill ar theacht isteach dóibh a sháraíonn ~~na tairseacha~~***an tairseach*** a leagtar amach in Airteagal 7(2) tar éis dóibh athródú a roghnú i gcomhréir le hAirteagal 8(1), pointe (b). **[Leasú 96]**

I gcás ina bhfuil feidhm ag míreanna 2 agus 3 den Airteagal seo, déanfaidh an t-aeriompróir oibriúcháin, go córasach laistigh de 48 n-uair an chloig tar éis na nasceitilte a cailleadh, foirm réamhlíonta a sholáthar don phaisinéir i gcomhréir le hAirteagal 16aa de Rialachán [2023/0437(COD)] maidir le forfheidhmiú cearta paisinéirí san Aontas. **[Leasú 97]**

4. ~~I gcás ina mbeartaíonn paisinéir, agus ina ndéanann paisinéir, briseadh turais, measfar gurb é an t-aerfort ina ndéantar an briseadh turais ceann scríbe deiridh an phaisinéara.;~~ **[Leasú 98]**

Airteagal 6c
Imthosca urghnácha

1. Measfar gur teagmhais iad imthosca urghnácha nach dtarlaíonn de ghnáth, de bharr a gcineáil nó a dtionscnaimh, le linn fheidhmiú ghníomhaíocht an aeriompróra lena mbaineann agus nach bhfuil neart iarbhír ag an aeriompróir sin orthu. Chun críoch an Rialacháin seo, tá imthosca urghnácha teoranta do na himthosca a leagtar amach san Iarscríbhinn;

2. ***I gcás ina mbeidh ceart chun cúitimh ag paisinéir ón aeriompróir i gcomhréir le hAirteagail 4, 5 agus 6, seolfaidh an t-aeriompróir chuig an bpaisinéir i bhfoirm scríofa, laistigh de 48 n-uair an chloig, an fhaisnéis faoi imthosca urghnácha a bheith ann nó gan a bheith ann agus tabharfaidh sé rochtain ar fhoirm choiteann réamhlíonta i gcomhréir le [16aa de Rialachán [2023/..] maidir le forfheidhmiú cearta paisinéirí san Aontas].***

3. ***I gcás inar tharla teagmhas neamhghnách nach bhfuil neart ag Ballstát amháin nó níos mó air, agus a bhfuil mórthionchar aige ar aerthaisteal agus móriarmhairtí neamhfhabhracha aige d'earnáil na heitlíochta agus nach gcumhdaítear faoin Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 16h chun an liosta uileghabhálach a leagtar amach san Iarscríbhinn a leasú tríd an imthoisc urghnách ábhartha a chur leis, ar choinníoll go bhfuil géarghá leis sin chun freagairt ar theagmhas neamhghnách den sórt sin.'* [Leasú 99]**

(8) leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

‘Article 7

Ceart chun cúitimh

1. I gcás ina gcuirtear isteach ar eitilt, beidh feidhm ag na méideanna cúitimh seo a leanas faoi na coinníollacha a shainítear in Airteagal 4, 5, 6 nó 6a agus san Airteagal seo:

(a) EUR 300 i gcás gach ~~turais laistigh den Aontas agus i gcás thurais 3 500~~***turas de 1 500*** ciliméadar nó níos lú;
[Leasú 100]

(b) EUR ~~500 i gcás turais os cionn~~***400 do gach turas idir 1 500 km agus suas le*** 3 500 ~~ciliméadar.~~***km;*** **[Leasú 101]**

(ba) EUR 600 i gcás gach turas os cionn 3 000 ciliméadar;
[Leasú 102]

~~De mhaolú ar phointe (a), i gcás turais idir na réigiúin is forimeallaí agus críoch eile de chuid Ballstáit a bhfuil feidhm ag na Conarthaí maidir léi, déanfar méideanna an chúitimh a chinneadh ar bhonn fhad iarbhír na dturas.~~ **[Leasú 103]**

1a. Gach 3 bliana, glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe lena gcoigeartófar go huathoibríoch na méideanna cúitimh dá dtagraítear sa mhír seo chuig ráta boilscithe foriomlán comhcheangailte na 3 bliana roimhe sin bunaithe ar an Innéacs Eorpach de Phraghsanna do Thomhaltóirí arna fhoilsiú ag Eurostat de bhun Rialachán (AE) 2016/792[1] **[Leasú 104]**

2. I gcás moill ar theacht isteach tar éis athródú i ndiaidh ~~cealú~~***cealaithe*** faoi Airteagal 5, moill ar theacht isteach faoi Airteagal 6 nó moill ar theacht isteach tar éis nasceitilt a chailltear faoi Airteagal 6b, beidh feidhm ag an gceart chun cúitimh i gcás moilleanna ar theacht isteach***, nó tar éis caillteanais ama faoi Airteagal 6, mír 3a, de 3 uair an chloig nó*** níos mó***, gan beann ar fhad an turais.*** ~~ná:~~ **[Leasú 105]**

~~(a) 4 uair an chloig i gcás gach turais laistigh den Aontas agus i gcás thurais 3 500 ciliméadar nó níos lú;~~ **[Leasú 106]**

~~(b) 6 uair an chloig i gcás turais os cionn 3 500 ciliméadar.~~ **[Leasú 107]**

3. Agus na faid á gcinneadh chun críocha an Rialacháin seo, is é a bheidh mar bhonn leis an ríomh an fad idir pointe tosaigh an imeachta agus an ceann scríbe deiridh. I gcás nasceitilt, ní chuirfear san áireamh ach pointe tosaigh an imeachta agus aerfort an chinn scríbe deiridh. Déanfar na faid sin a thomhas trí mhodh an bhealaigh mhórchiorclaigh.

4. I gcás inar roghnaigh na paisinéirí leanúint ~~den turas~~***dá dturas*** de bhun Airteagal 8(1), ~~pointe (b)~~***pointí (a), (b) nó (c)***, agus ina dtarlaíonn cur isteach breise ar an eitilt le linn an athródaithe, ~~ní bheidh~~***seasfar le*** ceart ***an phaisinéara*** chun cúitimh ~~ag an bpaisinéir ach aon uair amháin~~ le linn ~~an turais~~***athródaithe*** chuig ~~an~~***a bpointe tosaigh imeachta nó chuig a*** gceann scríbe deiridh. **[Leasú 108]**

4a. Íocfar an cúiteamh dá dtagraítear i mír 1 trí aistriú bainc leictreonach chuig an gcuntas arna shonrú ag an bpaisinéir a bhfuil an iarraidh á cur isteach aige. Féadfaidh an t-aeriompróir oibríochta agus an paisinéir a bhfuil an iarraidh á cur isteach aige a chomhaontú, ar mheán marthanach, nach n-íocfar an cúiteamh ach le cárta creidmheasa nó le hairgead tirim. **[Leasú 109]**

4b. Is ar an aeriompróir oibriúcháin a bheidh an dualgas cruthúnais maidir le cathain agus conas a ghlac an paisinéir leis an gcomhaontú a bhaineann leis an gcineál íocaíochta cúitimh a leagtar amach i mír 4a den Airteagal seo.
[Leasú 110]

5. ~~Déanfaidh~~***Cuirfidh*** an paisinéir ~~iarrataí~~***na hiarrataí*** ar chúiteamh faoin Airteagal seo ***isteach trí úsáid a bhaint as an bhfoirm choiteann réamhlíonta a sheol an t-aeriompróir oibriúcháin laistigh de bhliain amháin***~~a thíolacadh de 6 mhí~~ ón dáta ~~imeachta iarbhír~~***a tharla an eitilt*** nó ón dáta ~~imeachta a luaitear ar thicéad an phaisinéara~~***a bhí sé sceidealta tarlú***. Laistigh de ~~14 lá féilire~~***7 lá oibre*** ón iarraidh a thíolacadh, íocfaidh an t-aeriompróir oibriúcháin an cúiteamh nó tabharfaidh sé údar maith don phaisinéir gan an cúiteamh a íoc i gcomhréir le hAirteagal 5(5) nó le hAirteagal 6(6) ***agus Airteagal 6c***, lena n-áirítear, más infheidhme, míniú soiléir, cuí-réasúnaithe maidir le himthosca urghnácha. ~~I gcás ina ngníomhachtaíonn comhlacht bainistithe an aerfoirt a phlean teagmhasach, féadfar síneadh 30 lá féilire a chur leis an sprioc-am sin.~~ **[Leasú 111]**

I gcás nach n-íocann an t-aeriompróir oibriúcháin an cúiteamh a iarrtar, féadfaidh an paisinéir gearán a thíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 16a.

6. ~~Íocfar an cúiteamh in airgead tirim nó, má chomhaontaíonn an paisinéir leis sin i ndoiciméad sínithe nó ar aon mhodh digiteach ar mheán marthanach, ar mhodh eile.;~~ **[Leasú 112]**

---

* ***Rialachán (AE) 2016/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hinnéacsanna comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí agus maidir leis an innéacs praghsanna tithe, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2494/95 ón gComhairle (IO L 135, 24.5.2016, lch. 11).';***

(9) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

'Article 8
An ceart chun aisíocaíochta nó chun athródú

1. I gcás ina gcuirtear isteach ar eitilt, ~~déanfar rogha a thairiscint do phaisinéirí, saor in aisce, idir na roghanna seo a leanas~~***déanfaidh an t-aeriompróir oibriúcháin, gan aon bhreithniú breise agus*** faoi na coinníollacha a ~~shainítear in Airteagal~~***leagtar amach in Airteagail*** 4, 5, 6, nó 6b agus san Airteagal seo***, rogha a thairiscint do na paisinéirí idir na roghanna seo a leanas, a chuirfear ar fáil saor in aisce***: **[Leasú 113]**

(a) aisíocaíocht uathoibríoch, ***tar éis an fhoirm choiteann réamhlíonta a chomhlánú*** laistigh de ~~14 lá féilire ó dháta imeachta na heitilte~~***7 lá oibre ón iarraidh a fháil ón bpaisinéir ar an eitilt*** ar cuireadh isteach uirthi, a luaitear ar thicéad an phaisinéara, ~~in airgead tirim nó, má chomhaontaíonn an paisinéir leis sin i ndoiciméad sínithe nó ar aon mhodh digiteach eile ar mheán marthanach, ar mhodh eile,~~***trí aistriú leictreonach bainc, aisíoc cárta creidmheasa nó trí ordú bainc amháin chuig an gcuntas atá léirithe ag an bpaisinéir údaraithe*** ar chostas iomlán na dticéad, don chuid den turas nó de na turais, nó do na codanna díobh sin, nach ndearnadh, agus don chuid den turas nó de na turais, nó do na codanna díobh sin, a rinneadh cheana mura bhfónann an eitilt a thuilleadh do phleananna taistil bunaidh an phaisinéara, mar aon le heitilt fillte, i gcás inarb ábhartha, chuig pointe tosaigh an imeachta, a luaithe is féidir tar éis an ama imeachta a luaitear ar thicéad an phaisinéara nó, arna gcomhaontú leis an bpaisinéir, roimh an am sin. **[Leasú 114]**

(b) leanúint de thuras an phaisinéara***, faoi choinníollacha iompair inchomparáide,*** tríd an bpaisinéir a athródú chuig a cheann scríbe deiridh nó a ceann scríbe deiridh a luaithe is féidir tar éis an ama imeachta a luaitear ar thicéad an phaisinéara nó, arna gcomhaontú leis an bpaisinéir, roimh an am sin; nó **[Leasú 115]**

(c) athródú a dhéanamh***, faoi choinníollacha iompair inchomparáide,*** chuig ~~ceann~~***an gceann*** scríbe ~~deiridh an phaisinéara~~ ar dháta níos déanaí ar chaoithiúlacht an phaisinéara, faoi réir suíocháin a bheith ar fáil. **[Leasú 116]**

Cuirfidh an t-aeriompróir oibriúcháin an fhaisnéis ar fáil do na paisinéirí de bhun an Airteagail seo ar bhealach soiléir gan débhrí trí mheán leictreonach, agus arna iarraidh sin don phaisinéir trí mhodhanna eile, amhail i bhfoirm páipéir. **[Leasú 117]**

~~I gcás ina ngníomhachtaíonn comhlacht bainistithe an aerfoirt a phlean teagmhasach i gcomhréir le hAirteagal 10a, féadfar síneadh 30 lá féilire a chur leis an sprioc-am dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo.~~ **[Leasú 118]**

2. Ionas go mbainfidh an paisinéir a cheann scríbe nó a ceann scríbe amach a luaithe is féidir mar a chinntear faoi mhír 1, ***agus an t-am taistil iomlán a bheith chomh gar is féidir le réasún d'am taistil sceidealaithe na heitilte bunaidh,*** déanfaidh an t-aeriompróir oibriúcháin ceann amháin ar a laghad de na roghanna malartacha seo a leanas ***a thairiscint*** a thairiscint don phaisinéir lena mheas agus lena chomhaontú i ndoiciméad sínithe nó ar aon mhodh digiteach eile ar mheán marthanach, faoi réir iad a bheith ar fáil agus ar choinníoll go bhfuil siad ~~sin~~ faoi choinníollacha iompair inchomparáide mar a leagtar amach sa chonradh aeriompair~~.~~***;*** **[Leasú 119]**

(a) eitilt nó nasceitiltí, a leanann an bealach céanna a leagtar amach sa chonradh aeriompair;

(b) ródú difriúil~~, lena n-áirítear chuig aerfoirt mhalartacha nó uathu leis an aerfort~~ ***idir na haerfoirt imeachta agus na haerfoirt teachta chéanna mar*** a luaitear sa chonradh aeriompair~~, agus sa chás sin, íocfaidh an t-aeriompróir oibriúcháin an costas a bhaineann leis an bpaisinéir a aistriú ón aerfort a luaitear sa chonradh aeriompair chuig an aerfort malartach nó chuig an aerfort a luaitear sa chonradh aeriompair ón aerfort malartach~~; **[Leasú 120]**

(ba) athródú chuig aerfoirt mhalartacha nó uathu leis na haerfoirt a luaitear sa chonradh aeriompair, agus sa chás sin, íocfaidh an t-aeriompróir oibriúcháin an costas a bhaineann leis an bpaisinéir a aistriú idir an t-aerfort a luaitear sa chonradh aeriompair agus an t-aerfort malartach; **[Leasú 121]**

(c) úsáid na seirbhísí arna n-oibriú ag aeriompróir eile; nó

(d) i gcás inarb iomchuí don fhad atá le taisteal, modh iompair eile a úsáid.

***I gcás athródaithe trí mhodh iompair eile nó le haeriompróir eile, leanfaidh an t-aeriompróir oibriúcháin de bheith freagrach as faisnéis, cúnamh agus athródú go dtí imeacht na seirbhíse athródaithe sin agus go dtí an tráth sin amháin. Leanfaidh an t-aeriompróir oibriúcháin de bheith freagrach as cúiteamh as moill ar theacht chuig an gceann scríbe deiridh i gcomhréir le hAirteagal 7. Beidh an t-iompróir a oibríonn an tseirbhís athródaithe freagrach as gach ceart eile a bhaineann leis an tseirbhís sin i gcomhréir le dlí an Aontais is infheidhme maidir le cearta paisinéirí le haghaidh an mhodha iompair sin.*[Leasú 122]**

3. I gcás inar chuir paisinéir an t-aeriompróir oibriúcháin ar an eolas faoina rogha leanúint dá thuras nó dá turas i gcomhréir le mír 1, pointe (b), agus mír 4, agus i gcás nár thairg an ~~t-aeriompróir~~***t-aeriompróir*** oibriúcháin athródú***, faoi choinníollacha iompair inchomparáide,*** laistigh de 3 uair an chloig, féadfaidh an paisinéir a athródú féin nó a hathródú féin a shocrú, i gcomhréir le mír 2. ***Má roghnaíonn an paisinéir a athródú nó a hathródú féin a shocrú, cuirfidh an paisinéir an t-aeriompróir oibriúcháin ar an eolas dá réir sin. Beidh an ceart chun diúltú do roghanna athródaithe ag an bpaisinéir mura mbeidh na roghanna athródaithe sin faoi choinníollacha iompair inchomparáide, agus, i gcás den sórt sin, déanfar a chearta nó a cearta chun cúnaimh a choimeád i gcomhréir le hAirteagal 9 agus é nó í ag fanacht le haghaidh an athródaithe.*** **[Leasú 123]**

I gcás cealú, beidh feidhm ag an gcéad fhomhír ón am imeachta a luaitear ar thicéad an phaisinéara.

Agus a n-athródú féin á shocrú acu, cuirfidh na paisinéirí teorainn leis na speansais ach an méid is gá, is réasúnach agus is iomchuí. Aisíocfaidh an ~~t-aeriompróir~~***t-aeriompróir*** oibriúcháin na speansais**,** nach mó iad ná 400 % de chostas iomlán an ticéid nó na dticéad arna dtabhú ag an bpaisinéir**,** laistigh de ~~14 lá féilire~~***7 lá oibre*** ón iarraidh a thíolacadh. ~~I gcás ina ngníomhachtaíonn comhlacht bainistithe an aerfoirt a phlean teagmhasach, féadfar síneadh 30 lá féilire a chur leis an sprioc-am sin.~~ **[Leasú 124]**

4. Féadfaidh paisinéir rogha a dhéanamh idir aisíocaíocht i gcomhréir le mír 1, pointe (a), nó athródú ar dháta níos déanaí i gcomhréir le mír 1, pointe (c), go dtí go mbeidh athródú atá tairgthe ag an aeriompróir oibriúcháin i gcomhréir le mír 1, pointe (b), glactha ag an bpaisinéir a luaithe is féidir nó go dtí go mbeidh rogha déanta ag an bpaisinéir athródú a shocrú é nó í féin i gcomhréir le mír 3.

Cuirfidh an paisinéir an t-aeriompróir oibriúcháin ar an eolas faoina rogha.;

4a. Cuirfidh an t-aeriompróir oibriúcháin an fhaisnéis ar fáil do na paisinéirí de bhun an Airteagail seo ar bhealach soiléir gan débhrí trí mheán leictreonach, agus arna iarraidh sin don phaisinéir trí mhodhanna eile, amhail i bhfoirm páipéir. Is ar an aeriompróir oibriúcháin a bheidh an dualgas cruthúnais maidir le rogha an phaisinéara. Chuige sin, áiritheoidh an t-aeriompróir oibriúcháin freisin go ndaingneofar an rogha a dhéanfaidh an paisinéir de bhun an Airteagail seo trí bhíthin doiciméad sínithe nó aon mhodh digiteach ar mheán marthanach.'; **[Leasú 125]**

(10) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

'Article 9
An ceart chun cúnaimh

1. I gcás ina ~~gcuirtear isteach ar eitilt agus faoi réir na gcoinníollacha dá dtagraítear in Airteagail 4, 5, 6, 6a agus 6b agus san~~***ndéantar tagairt don*** Airteagal seo~~, agus i gcás ina gcuirtear 2 uair an chloig ar a laghad leis an tréimhse feithimh dá n-eitilt nó dá n-iompar malartach~~, tairgfear do na paisinéirí~~,~~, saor in aisce, an méid seo a leanas: **[Leasú 126]**

(a) sólaistí gach 2 uair an chloig den tréimhse feithimh;

(b) béile tar éis 3 uair an chloig agus gach 5 uair an chloig laistigh den tréimhse feithimh, agus trí bhéile ar a mhéad curtha ar fáil in aghaidh an lae;

(c) ~~teachtaireachtaí téacs,~~ rochtain ar an idirlíon agus dhá ghlao gutháin. **[Leasú 127]**

Féadfaidh an t-aeriompróir oibriúcháin an cúnamh dá bhforáiltear faoin gcéad fhomhír a theorannú nó a dhiúltú dá gcuirfeadh soláthar an chúnaimh sin moill bhreise ar imeacht na heitilte ar cuireadh moill uirthi nó ar an athródú, lena n-áirítear imeacht an iompair mhalartaigh.

2. De bhreis air sin, i gcás ina mbeidh gá le fanacht oíche amháin nó níos mó agus paisinéirí ag fanacht leis an eitilt nó iompar malartach, tairgfear do phaisinéirí an méid seo a leanas saor in aisce:

(a) lóistín in óstán;

(b) iompar ón aerfort chuig an lóistín san óstán agus ar ais arís.

3. Féadfaidh an t-aeriompróir oibriúcháin dearbháin a úsáid chun a oibleagáidí faoi mhír 1, pointí (a) agus (b), agus mír 2 a chomhlíonadh. Beifear in ann na dearbháin arna soláthar i gcomhréir le mír 1 a úsáid i ngach siopa a sholáthraíonn bia agus sólaistí ag an aerfort ina bhfuil fuireach ar na paisinéirí lena mbaineann, ar bord a n-eitilte, agus, de réir mar is iomchuí, ag an ~~lóistín~~***gcóiríocht*** a sholáthraítear de bhun mhír 2, pointe (a). ***Ní féidir dearbhán arna sholáthar i gcomhréir le mír 2, pointe (a) a eisiúint ach amháin má tá seomra curtha in áirithe roimh ré ag an aeriompróir oibriúcháin don phaisinéir lena mbaineann.*** **[Leasú 128]**

4. I gcás nach gcomhlíonann an t-aeriompróir oibriúcháin a oibleagáidí faoi mhíreanna 1, 2 agus 3, féadfaidh na paisinéirí lena mbaineann a gcuid socruithe féin a dhéanamh. Aisíocfaidh an t-aeriompróir a oibríonn an eitilt ar cuireadh isteach uirthi na speansais arna dtabhú ag na paisinéirí laistigh de 14 lá féilire ón iarraidh ar aisíocaíocht a thíolacadh, a mhéid atá na speansais sin riachtanach, réasúnach agus comhréireach le fad na tréimhse feithimh agus le costais ***chóiríochta,*** na sólaistí agus na mbéilí ag suíomh an aerfoirt nó ag suíomh ~~an lóistín~~***na cóiríochta*** ina bhfuil fuireach ar na paisinéirí***. I gcás nach gcuirfidh an t-aeriompróir cóiríocht óstáin ar fáil laistigh de 3 uair an chloig, beidh sé de cheart ag an bpaisinéir a chóiríocht féin a shocrú agus aisíocfaidh an t-aeriompróir iad ar an admháil chomhfhreagrach a thabhairt ar aird, laistigh de sheacht lá oibre***. I gcás ina ngníomhachtaíonn comhlacht bainistithe an aerfoirt a phlean teagmhasach, féadfar síneadh ~~30~~***[…]*** lá féilire a chur leis an sprioc-am sin. ***Beidh an méid in-aisíoctha suas go huasteorainn óstáin dá dtagraítear in innéacs arna fhoilsiú ag an gCoimisiún lena léirítear praghsanna sna Ballstáit i gcomhréir le sonraí Eurostat arna n-iolrú faoi chomhéifeacht 2, chun infhaighteacht theoranta agus praghsáil buaic-ama a chur san áireamh agus chun soláthar cóiríochta trí na haeriompróirí oibriúcháin a dhreasú laistigh den sprioc-am 3 uair an chloig. I gcás nach leor an uasteorainn arna hiolrú faoin gcomhéifeacht chun ligean don phaisinéir lena mbaineann cóiríocht iomchuí a aimsiú, ní shaorfaidh an ceart chun féinsocrú cóiríochta ag an bpaisinéir an t-aeriompróir oibriúcháin óna oibleagáid cóiríocht a chur ar fáil.*** **[Leasú 129]**

5. Ag aerfoirt uile an Aontais ***ina bhfuil trácht tráchtála paisinéirí***, cuirfidh comhlacht bainistithe an aerfoirt socruithe i bhfeidhm chun a áirithiú gur féidir uisce óil agus stáisiúin athluchtaithe le haghaidh gléasanna leictreonacha a chur ar fáil, saor in aisce, gan beann ar an tráth den lá, an eitilt ná an críochfort. **[Leasú 130]**

6. Más imthosca urghnácha a chuir isteach ar an eitilt agus nárbh fhéidir an cur isteach sin a sheachaint fiú dá mba rud é go ndearna an t-aeriompróir gach beart réasúnta, féadfaidh an t-aeriompróir an lóistín a sholáthraítear i gcomhréir le mír 2, pointe (a), a theorannú do 3 oíche ar a mhéad.

7. I gcás ina roghnaíonn paisinéir aisíocaíocht de bhun Airteagal 8(1), pointe (a), agus é nó í ag pointe tosaigh an imeachta, nó i gcás ina roghnaíonn paisinéir athródú ar dháta níos déanaí de bhun Airteagal 8(1), pointe (c), ní bheidh tuilleadh ceart ag an bpaisinéir i ndáil le cúnamh faoi mhíreanna 1 agus 2 maidir leis an eitilt lena mbaineann.;’

(11) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

‘Article

Airteagal 10 Uasghrádú agus íosghrádú

1. Má chuireann an t-aeriompróir oibriúcháin paisinéir in aicme iompair níos airde ná an aicme dár ceannaíodh an ticéad, ní iarrfaidh sé aon íocaíocht fhorlíontach.

2. Má chuireann ~~an t-aeriompróir~~***aeriompróir*** oibriúcháin paisinéir in aicme iompair níos ísle ná an aicme ~~dár~~***ar lena haghaidh a*** ceannaíodh an ticéad, déanfaidh sé, gan aon iarraidh, laistigh de ~~14 lá féilire ón íosghrádú~~***7 lá oibre i ndiaidh an íosghrádaithe***, trí bhíthin na modhanna dá bhforáiltear in Airteagal 7(6), ~~cúiteamh a thabhairt don phaisinéir dar luach arb ionann é ar a laghad agus~~***aisíocaíocht***: **[Leasú 131]**

   (a) ~~40~~***30*** % de phraghas na heitilte i gcás ~~eitiltí 3 500~~***gach eitilte1 500*** ciliméadar nó níos lú~~;~~**,** nó **[Leasú 132]**

   (b) ~~75~~***50*** % de phraghas na heitilte i gcás ~~eitiltí os cionn~~***gach eitilte laistigh den Aontas atá níos faide ná 1 500 ciliméadar agus i gcás gach eitilte eile idir 1 500 agus*** 3 500 ciliméadar~~.~~***, nó*** **[Leasú 133]**

(ba) 75 % de chostas phraghas na heitilte i gcás gach eitilte nach dtiocfaidh faoi (a) ná (b) lena n-áirítear eitiltí idir críoch Eorpach na mBallstát agus na réigiúin is forimeallaí de chuid na Fraince. **[Leasú 134]**

3. I gcás nach luaitear praghas na heitilte ar an ticéad, ríomhfar an cúiteamh dá dtagraítear i mír 2 bunaithe ar an gcomhréir ábhartha idir fad na heitilte nuair a chuirtear i gcomparáid leis an bhfad iomlán a chumhdaítear leis an gconradh aeriompair é, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 7(3).

4. Ar phraghas na heitilte dá dtagraítear san Airteagal seo, ní áirítear cánacha ná muirir a luaitear ar an ticéad, ar choinníoll nach mbraitheann an ceanglas na cánacha agus na muirir sin a íoc ná méid na gcánacha agus na muirear sin ar an aicme iompair dár ceannaíodh an ticéad sin.

5. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le ~~buntáistí a áirítear i dtáille níos airde san aicme chéanna iompair~~***seirbhísí coimhdeacha,*** amhail suíocháin shonracha nó lónadóireacht***, atá neamhspleách ar an aicme iompair agus a dhíoltar ar leithligh***.~~;~~**[Leasú 135]**

(12) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

‘Article 10a

Pleananna teagmhasacha na n-aerfort

1. I gcás aerfort de chuid an Aontais ~~ar mó an trácht bliantúil~~***ag a bhfuil méid tráchta*** paisinéirí ~~ann ná 5~~***bliantúil nach lú ná ceithre*** mhilliún paisinéir ***ar feadh trí bliana as a chéile ar a laghad***, áiritheoidh comhlacht bainistithe an aerfoirt go gcomhordófar oibríochtaí chomhlacht bainistithe an aerfoirt agus na soláthraithe seirbhísí bunriachtanacha aerfoirt, go háirithe oibríochtaí na n-aeriompróirí, agus oibríochtaí sholáthróirí na seirbhísí ar an talamh, trí bhíthin plean cuí teagmhasach d’fhonn aghaidh a thabhairt ar chásanna ina bhféadfadh iliomad cealuithe, iliomad moilleanna ar eitiltí, nó an dá rud, tarlú, rud a d’fhágfadh go mbeadh fuireach ar líon suntasach paisinéirí ag an aerfort. ~~Cuirfear~~***Bunófar*** an plean teagmhasach ~~ar bun chun a~~***lena*** áirithiú go dtabharfar faisnéis leordhóthanach do phaisinéirí a mbeidh fuireach orthu agus ~~beidh~~***go mbeidh*** socruithe ann ionas go n-íoslaghdófar an t-achar a bheidh siad ag feitheamh agus an míchompord a bheidh orthu. **[Leasú 136]**

2. Cuirfear san áireamh i bpleananna teagmhasacha na n-aerfort riachtanais ar leith agus riachtanais aonair na bpaisinéirí dá dtagraítear in Airteagal 11.

3. Cuirfear an plean teagmhasach ar bun go háirithe le rannpháirtíocht Choiste na nÚsáideoirí Aerfoirt dá dtagraítear i dTreoir 96/67/CE ón gComhairle*, le rannpháirtíocht sholáthraithe na seirbhísí ar an talamh, agus le rannpháirtíocht soláthraithe seirbhísí bunriachtanacha aerfoirt eile***, lena n-áirítear soláthraithe cúnamh speisialta do phaisinéirí faoi mhíchumas nó do phaisinéirí a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe. Bunófar an plean teagmhasach le rannpháirtíocht na n-údarás ábhartha i gcás inarb iomchuí***. Áireofar sa phlean teagmhasach freisin sonraí teagmhála an duine nó na ndaoine a atá ainmnithe ag na haeriompróirí atá rannpháirteach i gCoiste na nÚsáideoirí Aerfoirt d'fhonn ionadaíocht a dhéanamh orthu ar an toirt i gcás iliomad cealuithe, iliomad moilleanna ar eitiltí, nó an dá rud. Áiritheoidh an t-aeriompróir go mbeidh na hacmhainní is gá ag aon duine atá ainmnithe aige chun cuidiú le paisinéirí i gcomhréir leis na hoibleagáidí a eascraíonn as an Rialachán seo i gcás ina gcuirtear isteach ar eitilt. **[Leasú 137]**

4. Cuirfidh comhlacht bainistithe an aerfoirt an plean teagmhasach in iúl do Choiste na nÚsáideoirí Aerfoirt dá dtagraítear i dTreoir 96/67/CE ***ón gComhairle*** agus, arna iarraidh sin, don chomhlacht náisiúnta forfheidhmiúcháin a ~~bhfuil sé de chúram air an Rialachán seo a fhorfheidhmiú faoi~~***ainmnítear de bhun*** Airteagal ~~16(1) den Rialachán seo~~***16. Déanfaidh an comhlacht náisiúnta forfheidhmiúcháin faireachán ar chomhlíontacht ceanglais an Airteagail seo ag an gcomhlacht bainistithe aerfoirt***.
[Leasú 138]

5. Féadfaidh Ballstát a chinneadh go bhfuil aerfort nach gcumhdaítear le mír 1, atá suite ar a chríoch, na hoibleagáidí a leagtar síos i míreanna 1 go 4 le comhlíonadh.

6. Ag aerfoirt de chuid an Aontais ina bhfuil trácht bliantúil paisinéirí atá faoi bhun na tairsí a leagtar síos i mír 1 nó nach gcumhdaítear le cinneadh ó Bhallstát faoi mhír 5, déanfaidh comhlacht bainistithe an aerfoirt gach iarracht réasúnta úsáideoirí aerfoirt a chomhordú agus socruithe a dhéanamh le húsáideoirí aerfoirt chun paisinéirí a bhfuil fuireach orthu a chur ar an eolas i gcás iliomad cealuithe, iliomad moilleanna ar eitiltí, nó an dá rud, rud a d’fhágfadh go mbeadh fuireach ar líon suntasach paisinéirí ag an aerfort.

---

* Treoir 96/67/CE ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 1996 maidir le rochtain ar mhargadh na láimhseála ar an talamh in aerfoirt Chomhphobail (IO L 272, 25.10.1996, lch. 36, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1996/67/oj).;’

(13) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 11:

‘Article 11

Paisinéirí a bhfuil riachtanais shonracha acu

-1. Beidh cearta daoine atá faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, ar cearta iad a leagtar síos faoin Airteagal seo, gan dochar do na cearta atá acu faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006. **[Leasú 139]**

1. Is i bhformáid inrochtana a sholáthrófar an fhaisnéis uile a sholáthraítear do phaisinéirí faoin Rialachán seo.

2. Beidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le daoine faoi mhíchumas, daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, naíonáin, leanaí neamhthionlactha agus mná torracha, ar choinníoll gur tugadh fógra don aeriompróir oibriúcháin faoina riachtanais shonracha cúnaimh tráth a fógraíodh an cur isteach, ar a dhéanaí. Beidh feidhm aige freisin maidir le daoine a bhfuil cúnamh sonrach leighis de dhíth orthu ar choinníoll gur tugadh fógra don aeriompróir oibriúcháin faoina riachtanais shonracha cúnaimh leighis tráth na seiceála isteach, ar a dhéanaí. Féadfaidh aeriompróirí oibriúcháin cruthúnas ar na riachtanais sin a éileamh.

Measfar go gcumhdaíonn an fógra sin gach turas faoi chonradh aeriompair.

3. ~~Tráth na seiceála isteach, ar a dhéanaí, agus ag brath ar na suíocháin atá ar fáil, tabharfar~~***Tabharfaidh an t-aeriompróir*** an deis, saor in aisce, d'aon duine atá ag tionlacan na ndaoine dá dtagraítear i mír 2 nó atá ag tionlacan linbh, ***faoin gconradh aeriompair céanna,*** a bheith curtha i suíochán in aice leis an duine nó leanbh sin. ***I gcás nach bhfuil suíocháin chóngaracha ar fáil, féachfaidh an t-aeriompróir le cúnamh a thabhairt don duine tionlacain nó do na daoine tionlacain chun suíocháin chóngaracha a aimsiú.*** **[Leasú 140]**

4. Ar dhul ar bord dóibh, tabharfaidh aeriompróirí oibriúcháin tosaíocht do na daoine dá dtagraítear i mír 2 agus d'aon duine nó d'aon mhadra cuidithe aitheanta atá á dtionlacan***, agus do leanaí i bpram nó naíchóiste lena nduine tionlacain chomh maith***. **[Leasú 141]**

4a. Áiritheoidh aeriompróirí oibriúcháin, gan aon chostas breise, gur féidir naíonáin agus leanaí a bhfuil gá acu le pram nó naíchóiste a iompar i bpram nó i naíchóiste suas go dtí an geata bordála nó doras an aerárthaigh, agus go gcuirfear pram nó naíchóiste ar fáil dóibh ag doras an aerárthaigh, mura bhfuil srianta sábháilteachta, slándála, acmhainneachta nó oibríochtúla ann. **[Leasú 142]**

4b. I gcás nach gcomhlíonann an t-aerfort a oibleagáidí faoi Airteagail 7 agus 8 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 agus, mar thoradh air sin, go gcailleann daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe nó mionaoisigh neamhthionlactha a n-eitilt, beidh an t-aeriompróir freagrach as cúiteamh, athródú agus cúnamh na bpaisinéirí sin i gcomhréir le hAirteagail 7, 8 agus 9 den Rialachán seo. Faoin ... [dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo], saineoidh an Coimisiún na socruithe mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm fhreagrachtaí faoi seach an aeriompróra agus chomhlacht bainistithe an aerfoirt agus na modhanna sásaimh, trí ghníomh cur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 16bd den Rialachán seo. Ní bhainfidh an gníomh cur chun feidhme sin an bonn de fhreagrachtaí an aeriompróra i ndáil le cúiteamh, athródú agus cúnamh paisinéirí faoin mír seo. **[Leasú 143]**

5. Agus an t-athródú agus an cúnamh á gcur i bhfeidhm acu i gcomhréir le hAirteagail 8 agus 9, tabharfaidh an t-aeriompróir oibriúcháin aire ar leith do na daoine dá dtagraítear i mír 2 a mhéid a bhaineann lena riachtanais. Soláthróidh aeriompróirí an t-athródú agus an cúnamh sin do na daoine sin, lena n-áirítear d'aon duine nó d'aon mhadra cuidithe aitheanta atá á dtionlacan, a luaithe is féidir.

6. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 9(6) maidir le paisinéir dá dtagraítear i mír 2, ná maidir le haon duine nó madraí cuidithe aitheanta atá á dtionlacan.;'

(13a) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

"Airteagal 11a
An ceart chun earra pearsanta agus bagáiste láimhe

1. Beidh sé de cheart i gcónaí ag paisinéirí earra pearsanta amháin a iompar ar bord, amhail mála beag, mála láimhe, mála droma nó mála ríomhaire glúine ar choinníoll gur féidir é a stuáil go sábháilte faoin suíochán os comhair an phaisinéara. Ní ghearrfaidh aeriompróirí aon chostais bhreise ná táillí breise ar an bpaisinéir sa bhreis ar phraghas an ticéid eitilte don earra pearsanta sin. Tá sé éigeantach go soláthróidh iompróirí faisnéis shoiléir, thrédhearcach, a bhfuil rochtain éasca uirthi maidir leis na ceanglais meáchain agus toise don earra pearsanta tráth na háirithinte agus tar éis don áirithint a bheith curtha i gcrích, chun a áirithiú go gcuirfear paisinéirí ar an eolas go hiomlán roimh a dturas.

2. ***Beidh sé de cheart i gcónaí ag paisinéirí píosa bagáiste láimhe amháin a iompar ar bord. Ní bheidh an bagáiste láimhe faoi réir forlíonadh praghais ar phraghas an ticéid eitilte laistigh de thoisí uasta 100 cm (suim an fhaid, an leithid, agus na hairde) agus d'uasmheáchan 7 gcileagram. Féadfaidh aeriompróirí forálacha éagsúla a chur i bhfeidhm maidir le bagáiste láimhe breise nó níos mó.***

   Féadfar an bagáiste láimhe a stóráil sa chábán aerárthaigh (mar bhagáiste cábáin) nó i mbolg an aerárthaigh. Ní fhéadfaidh an t-iompróir diúltú do bhagáiste láimhe a cheadú ar bord ach amháin ar fhorais slándála a bhaineann le meáchan nó méid an bhagáiste láimhe i ndáil le saintréithe an aerárthaigh.

   Soláthróidh iompróirí faisnéis shoiléir, thrédhearcach, a bhfuil rochtain éasca uirthi maidir leis na ceanglais meáchain agus toise don bhagáiste láimhe tráth na háirithinte agus tar éis don áirithint a bheith curtha i gcrích, chun a áirithiú go gcuirfear paisinéirí ar an eolas go hiomlán roimh a dturas.

***3. I gcás ina bhfágfar earra pearsanta nó bagáiste láimhe ar lár i gcábán an aerárthaigh, suífidh na haeriompróirí oibríochta agus na haeriompróirí conarthacha roimh ré cén páirtí a bheidh freagrach as aon iarrataí ina dhiaidh sin a láimhseáil. Cuirfidh an t-aeriompróir freagrach ainmnithe na paisinéirí ar an eolas go huathoibríoch, nuair a bheidh an áirithint críochnaithe, maidir leis an nós imeachta chun earraí pearsanta nó bagáiste láimhe ligthe i ndearmad a aisghabháil. Cuirfear an fhaisnéis sin in iúl ar bhealach soiléir cuimsitheach agus áireofar inti sonraí teagmhála leictreonacha, foirmeacha is infheidhme, agus aon sonraí ábhartha eile atá ag teastáil ón bpaisinéir chun iarraidh a thionscnamh.”* [Leasú 144]**

(13b) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

“Airteagal 11aa

An ceart chun ticéad a aistriú i gcás bhás an phaisinéara lena mbaineann nó i gcás bás dlúthdhuine teaghlaigh

1. ***Ceadófar ticéad a aistriú chuig duine eile i gcás bhás an phaisinéara lena mbaineann nó i gcás bás dlúthdhuine teaghlaigh. Féadfaidh an paisinéir lena mbaineann an caillteanas nó an duine a láimhseálann gnóthaí an phaisinéara éagtha a iarraidh go n-aistreofar an ticéad ach na doiciméid tacaíochta iomchuí a thíolacadh ar mheán marthanach.***
2. ***Beidh sé d'oibleagáid ar aeriompróirí, ar oibreoirí nó ar idirghabhálaithe iarrataí den sórt sin a phróiseáil faoi choinníollacha trédhearcacha cothroma.***
3. ***I gcás ina gcuirfear isteach iarraidh den sórt sin 72 uair an chloig ar a laghad roimh an eitilt agus ar dhoiciméadacht tacaíochta iomchuí a thíolacadh ar mheán marthanach, measfar í a bheith réasúnach i ngach cás agus ní bheidh sí faoi réir aon mhuirir bhreise.***

4. ***I gcás ina gcuirfear isteach iarraidh den sórt sin 72 uair an chloig ar a laghad roimh roimh imeacht na heitilte agus ar dhoiciméadacht tacaíochta iomchuí a thíolacadh ar mheán marthanach, cuirfidh an t-aeriompróir nó an t-idirghabhálaí an t-aistreoir ar an eolas faoi aon mhuirir a d'fhéadfaí a thabhú. Ní mór do na muirir sin a bheith réasúnta agus ní fhéadfaidh siad a bheith níos airde ná an costas iarbhír a bheidh le híoc ag an iompróir nó ag an idirghabhálaí chun an ticéad a aistriú."*** **[Leasú 145]**

(13c) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

"Airteagal 11b
Seiceáil isteach

1. ***Beidh sé de cheart ag paisinéirí seiceáil isteach ar líne nó ag an aerfort gan aon mhuirir bhreise a thabhú. Chun na críche sin, féadfaidh aeriompróirí stáisiúin seiceála isteach féinseirbhíse a sholáthar ag an aerfort chun an próiseas seiceála isteach a éascú.***

2. Beidh sé de cheart ag paisinéirí rogha a dhéanamh, dá rogha féin, pas bordála a úsáid i bhformáid pháipéir nó i bhformáid dhigiteach.” **[Leasú 146]**

(14) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 12:

‘Article 12

Cearta breise

1. Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do chearta paisinéirí a dheonaítear faoi ghníomhartha dlí eile, lena n-áirítear Treoir (AE) 2015/2302, mura bhforáiltear a mhalairt san Airteagal seo.

   Asbhainfear an cúiteamh a dheonaítear faoi Airteagal 7 nó Airteagal 10(2) den Rialachán seo ó chúiteamh nó laghdú praghsanna a dheonaítear faoi ghníomhartha dlí eile amhail Treoir (AE) 2015/2302, má chosnaíonn na cearta dá ndeonaítear an cúiteamh nó laghdú praghsanna an leas céanna nó má tá an cuspóir céanna acu. Ar an gcaoi chéanna, asbhainfear an cúiteamh nó laghdú praghsanna a dheonaítear faoi ghníomhartha dlí eile amhail Treoir (AE) 2015/2302 ó chúiteamh a dheonaítear faoi Airteagal 7 nó Airteagal 10(2) den Rialachán seo, má chosnaíonn na cearta dá ndeonaítear an cúiteamh nó laghdú praghsanna an leas céanna nó má tá an cuspóir céanna acu.

D’ainneoin an chirt atá ag eagraí taistil láneagraithe sásamh nó aisíocaíochtaí a lorg i gcomhréir le hAirteagal 22 de Threoir (AE) 2015/2302, gan dochar d’Airteagal 13 den Rialachán seo, agus de mhaolú ar Airteagal 8(1), pointe (a), más cuid de chonradh taistil láneagraithe mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (3), de Threoir (AE) 2015/2302 í an eitilt, ní bheidh aon cheart chun aisíocaíochta faoin Rialachán seo ag paisinéirí a mhéid a eascraíonn ceart comhfhreagrach as Treoir (AE) 2015/2302.

2. Gan dochar do phrionsabail agus rialacha ábhartha an dlí náisiúnta, lena n-áirítear cásdlí, ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le daoine deonacha faoi na coinníollacha a leagtar amach faoi Airteagal 4(2).

3. I gcás inar íocadh cúiteamh nó aisíocaíocht cheana féin leis an bpaisinéir faoi reachtaíocht tríú tír, asbhainfear méid an chúitimh nó na haisíocaíochta sin ó mhéid an chúitimh nó na haisíocaíochta a dheonaítear faoin Rialachán seo.;’

(14a) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

"Airteagal 12a

Botún litrithe a cheartú

1. Déanfaidh an t-aeriompróir oibriúcháin, tar éis dó iarraidh a fháil arna cur isteach 48 n-uair an chloig ar a dhéanaí roimh an am imeachta sceidealaithe, botúin litrithe in ainm paisinéara a cheartú nó ainm paisinéara a nuashonrú i gcás athrú riaracháin. Déanfar ceartúchán nó nuashonrú den sórt sin saor in aisce uair amháin ar a laghad.

2. Féadfaidh siad seo a leanas an iarraidh dá dtagraítear i mír 1 a chur isteach:

(a) paisinéir i ndáil le hainm an phaisinéara sin nó le hainm aon phaisinéara ar cuid é a thicéad den chonradh aeriompair céanna le ticéad an phaisinéara a bheidh an iarraidh á cur isteach acu;

(b) idirghabhálaí i ndáil le hainm paisinéara a ndearna an t-idirghabhálaí an áirithint ina leith.

Ní fhéadfaidh aon cheartú nó nuashonrú a dhéanfar de bhun mhír 1 a bheith ina aistriú ticéid ón bpaisinéir chuig duine eile.’; **[Leasú 147]**

(15) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 13:

‘Airteagal 13
Ceart chun sásaimh

I gcásanna ina n-íocann aeriompróir oibriúcháin cúiteamh nó ina gcomhlíonann sé na hoibleagáidí eile atá air faoin Rialachán seo, ní fhéadfar a léirmhíniú go gcuireann aon fhoráil sa Rialachán seo nó aon fhoráil sa dlí náisiúnta bac ar cheart an aeriompróra oibriúcháin cúiteamh a lorg ó dhuine ar bith, lena ~~n-áirítear~~***n-áirítear*** tríú páirtithe, i gcomhréir le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta is infheidhme.~~;~~ ***Ní dhéanfaidh an Rialachán seo, go háirithe, aon srian a chur ar cheart an aeriompróra oibriúcháin cúiteamh a lorg nó costais a aisghabháil ó aon tríú páirtí lena bhfuil conradh ag an aeriompróir oibriúcháin.’*** **[Leasú 148]**

(16) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 14:

‘Article 14

Oibleagáidí maidir le paisinéirí a chur ar an eolas

1. Áireoidh an t-aeriompróir oibriúcháin ***agus an t-idirghabhálaí*** ar a shuíomh gréasáin agus ar a aip mhóibíleach ***, ar bhealach soiléir, inrochtana agus gan débhrí ,*** fógra faisnéise ina sonraítear na cearta faoin Rialachán seo, lena n-áirítear ~~an próiseas~~***faisnéis faoin bpróiseas*** chun gearáin a láimhseáil. ***Chun an ceanglas sin a chomhlíonadh, féadfaidh an t-aeriompróir oibriúcháin úsáid a bhaint as achoimre ar fhorálacha an Rialacháin seo arna hullmhú agus arna cur ar fáil don phobal ag an gCoimisiún i dteangacha oifigiúla uile an Aontais.*** **[Leasú 149]**

2. Agus ticéid le haghaidh eitilte nó nasceitiltí á dtairiscint acu agus sula gceannófar ~~iad~~***ticéid do na heitiltí sin***, cuirfidh aeriompróirí agus idirghabhálaithe an paisinéir ar an eolas faoin méid seo a leanas:

(a) an cineál ticéid nó ticéad atá á dtairiscint, go háirithe cé acu an bhfuil an ticéad nó na ticéid cumhdaithe ag conradh aeriompair aonair nó ag meascán de chonarthaí aeriompair ar leithligh;

(b) cearta agus oibleagáidí an phaisinéara, an aeriompróra oibriúcháin agus an idirghabhálaí faoin Rialachán seo, mar a ghabhann leis an gconradh aeriompair, lena n-áirítear faisnéis faoin bpróiseas aisíocaíochta;

(ba) na seirbhísí taistil lárnacha agus forlíontaí roghnacha praghsanna

(c) an sprioc-am agus an nós imeachta faoinar féidir le paisinéir athrú ar ainm a iarraidh mar a shonraítear in Airteagal 4(6), gan aon mhuirear breise; agus

(d) téarmaí agus coinníollacha an chonartha aeriompair.

~~Chun an ceanglas faisnéise a leagtar amach i bpointe (b) den chéad fhomhír a chomhlíonadh, féadfaidh an t-aeriompróir agus an t-idirghabhálaí úsáid a bhaint as achoimre ar fhorálacha an Rialacháin seo arna hullmhú agus arna cur ar fáil don phobal ag an gCoimisiún i dteangacha oifigiúla uile an Aontais.~~ **[Leasú 150]**

~~3.~~ ~~Déanfaidh idirghabhálaí nó aeriompróir a dhíolann ticéid a chumhdaítear le meascán de chonarthaí aeriompair an paisinéir a chur ar an eolas, sula gceannófar iad, go bhfuil na ticéid cumhdaithe ag conarthaí aeriompair ar leithligh agus nach bhfuil feidhm ag na cearta faoi Airteagail 7, 8 agus 9 a bhaineann le cúiteamh, aisíocaíocht, athródú nó cúnamh i gcás eitiltí a chaillfear ina dhiaidh sin faoin gconradh aeriompair ar leithligh. Soláthrófar an fhaisnéis sin ar bhealach soiléir agus na ticéid á ndíol.~~

~~Soláthróidh aeriompróirí agus idirghabhálaithe an fhaisnéis de bhun na míre seo i dteanga an chonartha aeriompair agus i dteanga a úsáidtear go hidirnáisiúnta ar mheán marthanach.~~

[Leasú 151]

4. Áiritheoidh ***an*** comhlacht bainistithe ~~an~~ aerfoirt ***agus an t-aeriompróir oibriúcháin*** go gcuirfear an téacs seo a leanas ar taispeáint ~~ar bhealach soiléir ag na deasca seiceáil isteach~~ (lena n-áirítear ag meaisíní seiceáil isteach féinseirbhíse)***, ar shuíomh gréasáin*** agus ag an ngeata bordála***, sa dóigh is gur féidir le paisinéirí é a fheiceáil go soiléir***: 'Má dhiúltaítear cead bordála duit nó má chuirtear d'eitilt ar ceal nó má ~~chuirtear~~***tá*** moill 2 uair an chloig ar a laghad uirthi ***ag an aerfort imeachta, nó moill níos mó ná 3 uair an chloig uirthi tráth an ama teachta ag an gceann scríbe deiridh***, iarr ag an gcuntar seiceáil isteach nó ag an ngeata bordála an fógra faisnéise ina luaitear do chearta, go háirithe maidir le cúiteamh nó athródú, cúnamh agus cúiteamh féideartha'. Cuirfear an téacs sin ar taispeáint ar a laghad i dteanga nó teangacha shuíomh an aerfoirt agus i dteanga a úsáidtear go hidirnáisiúnta. ***Áiritheoidh comhlacht bainistithe an aerfoirt agus an t-aeriompróir oibriúcháin freisin go dtaispeánfar cód QR nó aon mhodh teicniúil eile ag na deasca seiceáil isteach, in aice leis an téacs, chun rochtain a fháil ar aip moibíleach an Choimisiúin maidir le cearta paisinéirí ina mbeidh achoimre ar an Rialachán seo.*** Chuige sin, comhoibreoidh comhlachtaí bainistithe aerfoirt le haeriompróirí oibriúcháin.; **[Leasú 152]**

***4a. Tráth na háirithinte, soláthróidh na haeriompróirí oibriúcháin faisnéis do phaisinéirí maidir leis na próisis chun gearáin a láimhseáil agus maidir leis na teorainneacha ama ábhartha mar a shainítear in Airteagal 15 aa. Beidh rochtain freisin ar fhaisnéis maidir le láimhseáil gearán ar shuíomhanna gréasáin agus ar aipeanna na n-aeriompróirí agus na n-idirghabhálaithe agus cuirfear in iúl í sa ríomhphost lena dtugtar fógra do phaisinéirí faoi aon teagmhas a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le feidhmiú na gceart a chumhdaítear sa Rialachán seo.*[Leasú 153]**

***4b. Bunóidh aeriompróirí, ag gach aerfort ina n-oibríonn siad, pointí teagmhála ag a n-áiritheoidh siad go mbeidh pearsanra teagmhála nó tríú páirtí arna gcoimisiúnú ag an aeriompróir lena mbaineann i láthair, a sholáthróidh an fhaisnéis is gá do phaisinéirí maidir lena gcearta, lena n-áirítear nósanna imeachta gearáin, chun cabhrú leo agus chun gníomh a dhéanamh láithreach i gcás eitiltí a bheith curtha ar ceal nó i gcás moill a bheith ar eitiltí, i gcás diúltú dul ar bord nó bagáiste a bheith caillte nó moill a bheith air. Le linn uaireanta oibriúcháin na n-aeriompróirí agus go dtí go ndíbhordálfaidh an paisinéir deireanach ón eitleán deireanach agus ar feadh na tréimhse ama ar féidir a bheith ag súil leis le réasún go gcuirfear foirmiúlachtaí pas agus custaim i gcrích, go n-aisghabhfar aon bhagáiste seiceáilte isteach agus go sroichfear an pointe teagmhála ainmnithe ar luas socair, beidh na pointí teagmhála sin ar fáil chun cúnamh a thabhairt do phaisinéirí maidir le, inter alia, aisíocaíocht, athródú, atháirithint agus glacadh le taisceadh a ngearán.* [Leasú 154]**

4c. Déanfaidh an t-aeriompróir oibriúcháin faisnéis atá inléite go soiléir agus trédhearcach a chur ar fáil do na paisinéirí faoi chearta paisinéirí agus teagmhálacha chun cabhair agus cúnamh a fháil maidir le ticéid leictreonacha agus leaganacha leictreonacha agus clóite den chárta bordála.
[Leasú 155]

4d. I gcás aon chur isteach ar thaisteal as a n-eascródh na cearta a leagtar amach sa Rialachán seo, déanfaidh an t-aeriompróir oibriúcháin, a luaithe is féidir, na paisinéirí a ndéantar difear dóibh a chur ar an eolas go hiomlán agus tabharfaidh sé fógra dóibh ina leagfar amach na rialacha maidir le haisíocaíocht, athródú, cúiteamh agus cúnamh i gcomhréir leis an Rialachán seo, lena n-áirítear faisnéis faoi theorainneacha a d'fhéadfadh a bheith ann de bhun Airteagal 9(4), i gcás inarb ábhartha, seolfaidh an t-aeriompróir oibriúcháin an fhoirm choiteann réamhlíonta chuig an bpaisinéir freisin de bhun Airteagal 15a. Tabharfar freisin don phaisinéir, i scríbhinn, mionsonraí teagmhála an chomhlachta náisiúnta forfheidhmiúcháin nó an chomhlachta eile arna ainmniú faoi Airteagal 16.
[Leasú 156]

4e. Soláthróidh aeriompróirí agus idirghabhálaithe, i gcás inarb iomchuí, an fhaisnéis de bhun an Airteagail seo i dteanga an chonartha aeriompair agus i dteanga a úsáidtear go hidirnáisiúnta agus ar mheán marthanach.

4f. Déanfar an fhaisnéis le haghaidh paisinéirí, agus an comhfhreagras leo, faoin Rialachán seo a sholáthar trí mheán leictreonach, i gcás inar féidir go teicniúil. I gcás ina soláthraítear faisnéis ar an modh sin, áiritheoidh aeriompróirí agus idirghabhálaithe gur féidir aon chomhfhreagras i scríbhinn, lena n-áirítear dáta agus am an chomhfhreagrais sin, a choimeád lena cheadú ina dhiaidh sin. Is ar aeriompróirí agus idirghabhálaithe a bheidh an dualgas cruthúnais maidir leis na ceisteanna i dtaobh an ndearna siad an fhaisnéis riachtanach a sholáthar do phaisinéirí agus cathain a rinne siad amhlaidh. Le gach modh cumarsáide cuirfear é ar a chumas don phaisinéir teagmháil a dhéanamh le haeriompróirí agus idirghabhálaithe go tapa agus saor in aisce agus cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach. **[Leasú 158]**

4g. ***Maidir le daoine dalla agus daoine lagamhairc, daoine faoi mhíchumas cognaíoch nó faoi mhíchumas intleachta, agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, cuirfear an tAirteagal seo i bhfeidhm trí mhodhanna iomchuí malartacha agus inrochtana a úsáid.*** **[Leasú 159]**

4h. ***Áiritheoidh an comhlacht bainistithe aerfoirt go mbeidh faisnéis ghinearálta ar chearta paisinéirí ar taispeáint go soiléir agus go feiceálach i limistéir an aerfoirt ina mbíonn na paisinéirí. Ar bhonn na faisnéise a fuarthas, áiritheoidh sé freisin go gcuirfear paisinéirí atá ag an aerfort ar an eolas faoi na cúiseanna i gcásanna moille agus cur isteach ar eitiltí, amhail cealú a n-eitilte, agus a gcearta i ndáil leis na moilleanna agus cur isteach sin, agus faoina gcearta i gcás go scoirfidh an aerlíne gan choinne dá hoibríochtaí, mar shampla i gcás a dócmhainneachta nó i gcás ina ndéantar a cheadúnas oibríochta a chúlghairm.*** **[Leasú 160]**

4i. ***I gcás ina gcuirfear eitilt ar ceal nó i gcás moill a bheith uirthi imeacht, cuirfidh an t-aeriompróir oibriúcháin paisinéirí ar an eolas faoi sin, lena n-áirítear an chúis leis an gcur isteach, a luaithe agus a bheidh an fhaisnéis sin ar fáil agus, ar aon chuma, tráth nach déanaí ná 30 nóiméad tar éis an ama imeachta sceidealaithe, agus cuirfear ar an eolas iad faoin am imeachta measta a luaithe atá an fhaisnéis sin ar fáil, ar choinníoll go bhfuil sonraí teagmhála an phaisinéara ag an aeriompróir i gcomhréir leis an [*Rialachán maidir le Forfheidhmiú] i gcás ina bhfuair an paisinéir an ticéad trí idirghabhálaí.*** **[Leasú 161]**

4j. ***Tabharfaidh aeriompróirí agus idirghabhálaithe cúnamh inrochtana, agus cúnamh teileafóin éifeachtach do gach paisinéir a luaithe agus a chuirtear eitilt in áirithint; cuirfidh an tseirbhís cúnaimh teileafóin seo faisnéis agus moltaí malartacha ar fáil i gcás ina gcuirtear isteach ar eitilt agus ní rachaidh sé, in imthosca ar bith, thar an gcostas a bhaineann le glao áitiúil.*** **[Leasú 162]**

4k. Luafar go feiceálach ar aon chumarsáid leictreonach don phaisinéir ina dtugtar fógra dó nó di faoin gcealú, faoi mhoill fhada, nó faoi athrú ar an sceideal go bhféadfadh sé go bhfuil an paisinéir i dteideal cúitimh agus/nó cúnaimh faoin Rialachán seo.' **[Leasú 163]**

(17) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

'Article 15a

Gearán a dhéanamh leis an aeriompróir nó leis an idirghabhálaí

1. ~~Déanfaidh~~***Bunóidh*** gach aeriompróir agus gach idirghabhálaí sásra láimhseála gearán ~~a chur ar bun~~ i gcás na gceart agus na n-oibleagáidí a chumhdaítear ~~leis an~~***sa*** Rialachán seo ina réimsí freagrachta faoi seach. ~~Cuirfidh siad a sonraí teagmhála ar fáil i dteanga an chonartha aeriompair agus i dteanga a úsáidtear go hidirnáisiúnta. Beidh fáil ag an bpobal ar mhionsonraí an phróisis láimhseála gearán, lena n-áirítear i bhformáid inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe. Cuirfidh siad paisinéirí ar an eolas freisin ar bhealach soiléir faoi shonraí teagmhála an chomhlachta nó na gcomhlachtaí a d'ainmnigh na Ballstáit de bhun Airteagal 16 agus faoin gcomhlacht nó faoi na comhlachtaí atá freagrach as díospóidí a réiteach lasmuigh den chúirt faoi Airteagal 16a agus, i gcás inarb ábhartha, faoina bhfreagrachtaí faoi seach. Beidh an fhaisnéis sin ar fáil i dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla na mBallstát ina bhfuil an t-aeriompróir agus an t-idirghabhálaí ag oibriú.** **[Leasú 164]**

2. ~~Nuair a thíolacann~~***Féadfaidh*** paisinéirí gearán ***a chur faoi bhráid aon iompróra nó aon idirghabhálaí i ndáil lena réimsí freagrachtaí faoi seach trí na sásraí***~~trí úsáid a bhaint as an sásra~~ dá dtagraítear i mír 1~~, tíolacfar an~~***. Cuirfear*** gearán ~~sin laistigh de 6 mhí ón dáta ar cuireadh isteach ar an eitilt lena mbaineann. Laistigh de 30 lá féilire ón ngearán a thíolacadh, soláthróidh an t-aeriompróir nó an t-idirghabhálaí ar cuireadh an gearán chuige freagra réasúnaithe nó, i gcásanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo, cuirfidh sé in iúl don phaisinéir go bhfaigheadh an paisinéir freagra deiridh laistigh de thréimhse níos lú ná 2 mhí ón dáta a tíolacadh an gearán. Beidh sa fhreagra freisin, i gcás nárbh fhéidir an díospóid a réiteach, sonraí teagmhála ábhartha an chomhlachta nó na gcomhlachtaí a ainmníodh faoi Airteagal 16 nó sonraí teagmhála an chomhlachta nó na gcomhlachtaí atá freagrach as díospóidí a réiteach lasmuigh den chúirt faoi Airteagal 16a, lena n-áirítear seoladh poist, suíomh gréasáin agus seoladh ríomhphoist comhlachta~~ den sórt sin ***isteach laistigh de bhliain amháin ón dáta a d'imigh an eitilt nó ón dáta a raibh sé sceidealaithe imeacht***~~nó comhlachtaí den sórt sin~~.

[Leasú 165]

2a. I gcás ina ndéanfaidh an t-aeriompróir imthosca urghnácha a agairt, déanfaidh sé, ina fhreagra, an paisinéir a chur ar an eolas faoi na himthosca sonracha atá ina gcúis leis an gcealú nó leis an moill. Léireoidh an t-aeriompróir freisin go ndearna sé gach beart réasúnta chun an cealú nó an mhoill a sheachaint. **[Leasú 166]**

2b. Is ar an aeriompróir agus ar an idirghabhálaí a bheidh an dualgas cruthúnais maidir leis an bhfaisnéis riachtanach a sholáthar do phaisinéirí. **[Leasú 167]**

3. ~~Ní dochar na gearáin a thíolacann paisinéirí trí úsáid a bhaint as an sásra dá dtagraítear i mír 1 dá gceart díospóidí a thíolacadh le haghaidh réiteach lasmuigh den chúirt i gcomhréir le hAirteagal 16a nó sásamh a lorg trí imeachtaí cúirte, faoi réir tréimhsí teorann i gcomhréir leis an dlí náisiúnta~~***Laistigh de 7 lá oibre ón ngearán a fháil, dearbhóidh an seolaí don phaisinéir go bhfuil an gearán faighte aige. Laistigh de 2 mhí ón ngearán a fháil, tabharfaidh an seolaí freagra réasúnaithe don phaisinéir. I gcás nach soláthróidh an seolaí an freagra sin laistigh den tréimhse 2 mhí sin, measfar go bhfuil sé tar éis glacadh le héilimh an phaisinéara.*** ~~;~~ **[Leasú 168]**

3a. Leis an bhfreagra réasúnaithe, cuirfidh an seolaí an paisinéir ar an eolas freisin ar bhealach soiléir faoi shonraí teagmhála an chomhlachta nó na gcomhlachtaí a d'ainmnigh na Ballstáit de bhun Airteagal 16 agus faoin gcomhlacht nó faoi na comhlachtaí atá freagrach as díospóidí a réiteach lasmuigh den chúirt faoi Airteagal 16a agus, i gcás inarb ábhartha, faoina bhfreagrachtaí faoi seach. **[Leasú 169]**

3b. I gcás ina ndéanfaidh an t-aeriompróir imthosca urghnácha a agairt, déanfaidh sé, ina fhreagra, an paisinéir a chur ar an eolas faoi na himthosca sonracha ba chúis leis an gcealú nó leis an moill. Léireoidh an t-aeriompróir freisin go ndearna sé gach beart réasúnta chun an cealú nó an mhoill a sheachaint. **[Leasú 170]**

3c. Is ar an aeriompróir agus ar an idirghabhálaí a bheidh an dualgas cruthúnais maidir leis an bhfaisnéis riachtanach a sholáthar do phaisinéirí.' **[Leasú 171]**

(18) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 16:

‘Article 16

~~Forfheidhmiú~~*Comhlachtaí náisiúnta* forfheidhmiúcháin ***a ainmniú*** **[Leasú 172]**

1. Ainmneoidh gach Ballstát comhlacht ~~náisiúnta forfheidhmiúcháin~~ nó comhlachtaí ~~náisiúnta forfheidhmiúcháin~~ a bheidh freagrach as forfheidhmiú ~~an Rialacháin seo a mhéid a bhaineann le turais chuig aerfoirt atá suite ar a chríoch agus a imíonn uathu. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoin gcomhlacht nó faoi na comhlachtaí atá ainmnithe acu i gcomhréir leis an mír seo.~~***na n-oibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán*** **[Leasú 173]**

2. ~~Déanfaidh an~~***Beidh gach*** comhlacht ~~náisiúnta forfheidhmiúcháin faireachán géar ar chomhlíonadh fhorálacha an Rialacháin seo agus déanfaidh sé na bearta is gá lena áirithiú go n-urramófar cearta na bpaisinéirí~~***neamhspleách ar aon aeriompróir, aon chomhlacht bainistithe aerfoirt agus aon idirghabhálaí nó leasanna tráchtála eile, ina eagrú, ina chinntí maoinithe, ina struchtúr dlíthiúil agus ina chinnteoireacht***. **[Leasú 174]**

2a. Cuirfidh na Ballstáit an comhlacht nó na comhlachtaí a ainmneofar i gcomhréir leis an Airteagal seo agus a dhualgais nó a ndualgais faoi seach, lena n-áirítear aon athrú orthu, in iúl don Choimisiún. Foilseoidh an Coimisiún agus an comhlacht nó na comhlachtaí atá ainmnithe an fhaisnéis sin ar a suíomhanna gréasáin. **[Leasú 175]**

~~3. Féadfaidh paisinéirí sáruithe líomhnaithe ar an Rialachán seo a thuairisciú don chomhlacht náisiúnta forfheidhmiúcháin. Féadfaidh an comhlacht náisiúnta forfheidhmiúcháin imscrúdú a dhéanamh ar na sáruithe líomhnaithe arna dtuairisciú agus cinneadh a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin bunaithe ar an bhfaisnéis atá sna tuairiscí sin.~~ **[Leasú 176]**

~~4. Beidh na smachtbhannaí a leagann na Ballstáit síos i leith sáruithe ar an Rialachán seo éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Go háirithe, beidh na smachtbhannaí sin leordhóthanach le dreasacht airgeadais a thabhairt d'iompróirí agus d'idirghabhálaithe an Rialachán seo a chomhlíonadh ar bhonn comhsheasmhach.~~**[Leasú 177]**

~~5. Faoin … [6 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo] agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, foilseoidh na comhlachtaí náisiúnta forfheidhmiúcháin, ar a suíomh gréasáin, tuarascáil faoina ngníomhaíochtaí, faoin ngníomhaíocht forfheidhmiúcháin agus faoin toradh a bhí uirthi, lena n-áirítear maidir leis na smachtbhannaí a cuireadh i bhfeidhm. Cuirfear na tuarascálacha sin faoi bhráid an Choimisiúin freisin.~~ **[Leasú 178]**

6. Cuirfidh aeriompróirí oibriúcháin agus idirghabhálaithe in iúl do na comhlachtaí náisiúnta forfheidhmiúcháin sonraí teagmhála an duine nó na ndaoine nó an chomhlachta a ainmníodh chun gníomhú agus chun doiciméid arna n-eisiúint ag an gcomhlacht náisiúnta forfheidhmiúcháin nó ag na comhlachtaí náisiúnta forfheidhmiúcháin a fháil thar a gceann ar bhonn buan, sa Bhallstát ina bhfuil siad ag oibriú, le haghaidh ábhair a chumhdaítear leis an Rialachán seo. Féadfaidh na comhlachtaí náisiúnta forfheidhmiúcháin an fhaisnéis sin a roinnt le chéile chun an Rialachán seo a fhorfheidhmiú.;’

(18a) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

"Airteagal 16 -a
Cúraimí forfheidhmiúcháin

1. Déanfaidh an comhlacht náisiúnta forfheidhmiúcháin faireachán géar ar chomhlíonadh an Rialacháin seo agus déanfaidh sé na bearta is gá chun a áirithiú go n-urramófar cearta paisinéirí.

2. Féadfaidh na comhlachtaí náisiúnta forfheidhmiúcháin a iarraidh ar aeriompróirí, comhlachtaí bainistithe aerfoirt agus idirghabhálaithe doiciméid agus faisnéis a sholáthar atá ábhartha chun a bhfeidhmeanna dá dtagraítear i mír 1 a chomhlíonadh. Soláthrófar na doiciméid agus an fhaisnéis sin laistigh de mhí amháin ón iarraidh a fháil, mura sonraíonn an comhlacht náisiúnta forfheidhmiúcháin a mhalairt.

3. Ar chomhlíonadh a bhfeidhmeanna dóibh, cuirfidh na comhlachtaí náisiúnta forfheidhmiúcháin san áireamh, i gcás inarb ábhartha, an fhaisnéis arna cur faoina mbráid ag an gcomhlacht eile arna ainmniú chun gearáin a láimhseáil mar a shainítear in Airteagal 16b mír 2.

4. ***Féadfaidh comhlachtaí náisiúnta forfheidhmiúcháin gníomhaíochtaí faireacháin a dhéanamh go comhpháirteach i gcás aersheirbhísí idir dhá Bhallstát nó níos mó.***

5. ***Déanfaidh na Ballstáit a áirithiú go dtabharfar cumhacht leordhóthanach dá gcomhlachtaí náisiúnta forfheidhmiúcháin faoi seach chun gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a dhéanamh.***

6. ***I gcás ina ndéanann an t-aeriompróir imthosca urghnácha a agairt mar údar le cúiteamh a dhiúltú faoin Rialachán seo, tabharfaidh an t-aeriompróir bunús lena éileamh trí fhianaise leormhaith a sholáthar maidir leis na himthosca sin agus maidir le saincheisteanna teicniúla gaolmhara don chomhlacht náisiúnta forfheidhmiúcháin laistigh de 48 uair an chloig. Thairis sin, léireoidh an t-aeriompróir go ndearnadh gach beart réasúnta chun cealú na heitilte i dtrácht nó an mhoill uirthi a chosc.***

7. Déanfaidh an Comhlacht Náisiúnta Forfheidhmiúcháin an fhaisnéis sin a scaipeadh chuig na comhlachtaí arna n-ainmniú le haghaidh réiteach malartach díospóidí de bhun an Rialacháin seo, i gcás ina mbeidh sí ar fáil.

8. Gach dhá bhliain, faoin 30 Meitheamh, foilseoidh na comhlachtaí náisiúnta forfheidhmiúcháin tuarascálacha ina mbeidh staidreamh maidir lena ngníomhaíocht, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, staidreamh maidir leis na pionóis arna gcur i bhfeidhm le linn an dá bhliain féilire roimhe sin.

9. Ar bhonn sonraí a cheanglaítear ar aeriompróirí, comhlachtaí bainistithe aerfoirt agus idirghabhálaithe a sholáthar maidir le caighdeáin cáilíochta seirbhíse mar a shainmhínítear in Airteagal 15a, foilseoidh an comhlacht náisiúnta forfheidhmiúcháin staidreamh maidir le líon agus cineál na ngearán, líon na gcealuithe, na gceadanna bordála a diúltaíodh agus na moilleanna agus a bhfad, agus sonraí maidir le bagáiste a cailleadh, ar cuireadh moill air nó a ndearnadh damáiste dó.

10. Tabharfaidh aeriompróirí agus idirghabhálaithe a sonraí teagmhála do chomhlacht náisiúnta forfheidhmiúcháin nó do chomhlachtaí náisiúnta forfheidhmiúcháin na mBallstát ina n-oibríonn siad.'" **[Leasú 179]**

(18b) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

"Airteagal 16 -aa
Gearáin á láimhseáil ag comhlachtaí náisiúnta forfheidhmiúcháin agus ag comhlachtaí eile

1. Gan dochar do chearta na dtomhaltóirí sásamh malartach a lorg de bhun Threoir 2013/11/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a], tar éis don phaisinéir gearán a dhéanamh, gan sásamh a fháil, leis an aeriompróir nó leis an idirghabhálaí de bhun Airteagal 13a, féadfaidh an paisinéir gearán a dhéanamh leis an gcomhlacht náisiúnta forfheidhmiúcháin nó le haon chomhlacht eile arna ainmniú faoi mhír 2 den Airteagal seo tráth nach déanaí ná bliain amháin tar éis faisnéis a fháil maidir le diúltú an aeriompróra nó an idirghabhálaí don ghearán bunaidh.

2. ***Féadfaidh aon phaisinéir gearán a dhéanamh faoi shárú líomhnaithe ar an Rialachán seo ag aon aerfort atá suite ar chríoch Ballstáit nó maidir le haon eitilt ó aon aerfort atá suite ar chríoch Ballstáit nó ó aon aerfort tríú tír chuig na haerfoirt sin, bíodh sé sin leis an gcomhlacht náisiúnta forfheidhmiúcháin, nó le haon chomhlacht eile arna ainmniú ag Ballstát chuige sin.***

3. ***Admhóidh an comhlacht náisiúnta forfheidhmiúcháin nó aon chomhlacht eile arna ainmniú faoi mhír 2 go bhfuarthas an gearán laistigh de 2 sheachtain ón ngearán a fháil. 3 mhí, ar a mhéad, a mhairfidh an nós imeachta láimhseála gearán ón dáta a bhunófar an comhad gearáin. Déanfar an próiseas láimhseála gearán inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe i bhformáid inrochtana.***

4. I gcás ina mbainfidh gearán le sáruithe líomhnaithe arna ndéanamh ag comhlacht bainistithe aerfoirt, is é an comhlacht náisiúnta forfheidhmiúcháin nó aon chomhlacht eile arna ainmniú faoi mhír 2 de chuid an Bhallstáit ar ar a chríoch a tharla an teagmhas a láimhseálfaidh an gearán.

5. Beidh comhlachtaí náisiúnta forfheidhmiúcháin nó aon chomhlacht eile arna ainmniú faoi mhír 2 den Airteagal seo in ann déileáil le gearáin aonair ó phaisinéirí agus tabharfar dóibh, ar a laghad, na híoschumhachtaí imscrúdaitheacha agus forfheidhmiúcháin a shainmhínítear in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2017/2394 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1b].

6. Beidh cinntí na gcomhlachtaí náisiúnta forfheidhmiúcháin nó aon chomhlachta eile arna ainmniú faoi mhír 2 ceangailteach ar an dá pháirtí agus in-fhorfheidhmithe, gan dochar do cheart na bpáirtithe rochtain a fháil ar an gcóras breithiúnach. ’

_____

[1a] ***Treoir 2013/11/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le réiteach malartach díospóidí ar dhíospóidí tomhaltóirí agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2009/22/CE (Treoir maidir le ADR le haghaidh tomhaltóirí) (IO L 165, 18.6.2013, lch. 63, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2013/11/oj).***

[1b] ***Rialachán (AE) 2017/2394 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le comhar idir na húdaráis náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004, (IO L 345, 27.12.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/2394/oj).”***

[Leasú 180]

(18c) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

"Airteagal 16 -ab

1. ***I gcás ina mbeidh comhlachtaí éagsúla ainmnithe ag Ballstát faoi Airteagail 16 agus 16b den Rialachán seo, déanfaidh na comhlachtaí sin malartú faisnéise ábhartha eatarthu a áirithiú, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679, chun cuidiú leis an gcomhlacht náisiúnta forfheidhmiúcháin a chúraimí maoirseachta agus forfheidhmiúcháin a dhéanamh, agus ionas gur féidir leis an gcomhlacht láimhseála gearán arna ainmniú faoi Airteagal 16b an fhaisnéis is gá a bhailiú chun gearáin aonair a scrúdú.***
2. ***Déanfaidh comhlachtaí náisiúnta forfheidhmiúcháin de chuid Ballstát éagsúil faisnéis a mhalartú faoina gcuid oibre agus faoina bprionsabail agus cleachtais chinnteoireachta chun críche comhordaithe trasteorann. Tabharfaidh an Coimisiún tacaíocht dóibh agus iad i mbun an chúraim sin."***
   [Leasú 181]

(18d) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

“Airteagal 16 -ac
Cigireachtaí ar chomhlachtaí náisiúnta forfheidhmiúcháin

1. Féadfaidh an Coimisiún cigireachtaí a dhéanamh ar chomhlachtaí náisiúnta forfheidhmiúcháin chun faireachán a dhéanamh ar na Ballstáit maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin agus chun moltaí a dhéanamh chun forfheidhmiú an Rialacháin a fheabhsú.

2. In am agus i dtráth roimh chigireacht, cuirfidh an Coimisiún an Ballstát lena mbaineann ar an eolas ina thaobh sin.

3. Cuirfear gach tuarascáil chigireachta ón gCoimisiún in iúl d’údarás náisiúnta forfheidhmiúcháin an Bhallstáit lena mbaineann, agus leagfaidh an t-údarás sin amach, ina fhreagra, na bearta a dhéanfar chun an neamhchomhlíonadh a shainaithnítear a leigheas agus tabharfaidh sé aghaidh ar na moltaí.

4. Cuirfear an tuarascáil, mar aon le freagra an chomhlachta náisiúnta forfheidhmiúcháin, in iúl dá éis sin do chomhlachtaí náisiúnta forfheidhmiúcháin na mBallstát eile, i gcás inarb iomchuí.” **[Leasú 182]**

(18e) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

"Airteagal 16 -ad
Pionóis

1. Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún maidir leis na rialacha agus na bearta sin agus tabharfaidh siad fógra dó gan mhoill faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear do na rialacha nó do na bearta sin.

2. Faoi chuimsiú an chomhair dá dtagraítear in Airteagal 16c, déanfaidh an comhlacht náisiúnta forfheidhmiúcháin atá inniúil chun críoch Airteagal 16 b (4) nó (5), arna iarraidh sin don chomhlacht náisiúnta forfheidhmiúcháin a bhfuil an gearán á láimhseáil aige, imscrúdú ar an sárú ar an Rialachán seo atá sainaitheanta ag an gcomhlacht sin agus, más gá, forchuirfidh sé pionóis." **[Leasú 183]**

(18f) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

"Airteagal 16 -ae
Comhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún

1. Seolfaidh na Ballstáit faisnéis ábhartha go tráthrialta chuig an gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, agus cuirfidh sé an fhaisnéis seo ar fáil i bhfoirm leictreonach do na Ballstáit eile.

2. Arna iarraidh sin don Choimisiún, déanfaidh na comhlachtaí náisiúnta forfheidhmiúcháin imscrúdú ar chleachtais amhrasta shonracha maidir le neamhchomhlíontacht leis na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo, ar neamhchomhlíontacht í ó aeriompróir nó roinnt aeriompróirí, nó comhlacht bainistithe aerfoirt nó roinnt comhlachtaí bainistithe aerfoirt agus tuairisceoidh siad a dtorthaí chuig an gCoimisiún laistigh de 4 mhí ón iarraidh a fháil.

3. Tríd an gCoiste dá dtagraítear in Airteagal 16a den [Rialachán maidir le Forfheidhmiú], tacóidh an Coimisiún le hidirphlé agus cuirfidh sé comhar chun cinn idir na Ballstáit maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Rialacháin seo ar an leibhéal náisiúnta.

4. Ar iarraidh ó Bhallstát, comhlacht náisiúnta forfheidhmiúcháin, nó ar a thionscnamh féin, scrúdóidh an Coimisiún cásanna ina dtagann difríochtaí chun cinn i gcur i bhfeidhm agus i bhforfheidhmiú aon cheann d'fhorálacha an Rialacháin seo.

5. Féadfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, treoirlínte a ghlacadh d'fhonn cur i bhfeidhm coiteann an Rialacháin seo a chur chun cinn." **[Leasú 184]**

(19) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

'Article
Airteagal 16a Díospóidí a réiteach lasmuigh den chúirt

Áiritheoidh na Ballstáit ~~gur féidir le haerphaisinéirí~~***go bhféadfaidh aerphaisinéirí*** díospóidí aonair maidir le gearáin nó ~~iarrataí~~***iarratais*** faoin Rialachán seo a ~~chur faoi bhráid an chomhlachta nó na gcomhlachtaí~~***thíolacadh do chomhlacht nó do chomhlachtaí*** atá freagrach as díospóidí a réiteach lasmuigh den chúirt. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoin gcomhlacht nó faoi na comhlachtaí ~~atá~~***a bheidh*** freagrach as díospóidí a ~~láimhseáil faoin~~***réiteach i gcomhréir leis an*** Airteagal seo. ~~Féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh gan an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm ach maidir le díospóidí idir~~***Beidh rannpháirtíocht*** aeriompróirí nó***agus*** idirghabhálaithe~~, ar thaobh amháin, agus tomhaltóirí~~ ***faoi raon feidhme an Rialacháin seo i nósanna imeachta um réiteach malartach díospóidí éigeantach agus beidh a gcinntí ceangailteach***, ***gan dochar do cheart na bpáirtithe rochtain a fháil*** ar an ~~taobh eile~~***gcóras breithiúnach***.;' **[Leasú 185]**

(19a) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

“Airteagal 16aa
Doiciméid chomhlíontachta

1. Déanfaidh aeriompróirí de chuid an Aontais doiciméad a thugann tuairisc réasúnta mionsonraithe go bhfuil a nósanna imeachta oibriúcháin leordhóthanach chun a áirithiú go gcloíonn siad go comhsheasmhach le hAirteagail ábhartha uile an Rialacháin seo a ullmhú agus a chur faoi bhráid chomhlacht náisiúnta forfheidhmiúcháin an Bhallstáit a d’eisigh a gceadúnas oibríochta de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 agus don Choimisiún faoin [1 Eanáir xxxx].

2. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, lena leagfar síos inneachar íosta do dhoiciméid chomhlíontachta den sórt sin. Maidir leis an inneachar íosta, beidh ann, ar a laghad, pleananna teagmhasacha maidir le cur isteach mór, ina sainaithnítear iad siúd atá freagrach as cúnamh agus cearta eile a sholáthar, na socruithe agus na nósanna imeachta praiticiúla trína ndéantar gearáin a láimhseáil agus cúnamh agus cúiteamh a chur ar fáil, agus na nósanna imeachta agus na teimpléid do chumarsáid le paisinéirí. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 16c(2).

3. ***Déanfaidh aon iompróir eile a sholáthraíonn seirbhísí ó aerfort Aontais doiciméad comhlíontachta a chur faoi bhráid chomhlachtaí náisiúnta forfheidhmiúcháin na mBallstát uile ina bhfeidhmíonn siad agus faoi bhráid an Choimisiúin.***

4. ***Déanfaidh aeriompróirí athbhreithniú ar na doiciméid chomhlíontachta agus cuirfidh siad leaganacha nuashonraithe faoi bhráid an chomhlachta náisiúnta forfheidhmiúcháin ábhartha nó na gcomhlachtaí náisiúnta forfheidhmiúcháin ábhartha agus faoi bhráid an Choimisiúin gach trí bliana ag tosú an [1 Eanáir xxxx].***

5. ***Cuirfidh an comhlacht náisiúnta forfheidhmiúcháin na doiciméid chomhlíontachta a thíolacfaidh aeriompróirí san áireamh agus seiceáil á dhéanamh aige, nuair is féidir, ar bhailíocht na ndoiciméad comhlíontachta i gcomparáid le faisnéis faoi ghearáin.”*** **[Leasú 186]**

(19b) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

“Airteagal 16ab
An tarmligean a fheidhmiú

1. ***Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.***

2. ***Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 6c agus Airteagal 7 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse cúig bliana amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.***

3. ***Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 6c agus Airteagal 7 a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh cúlghairme, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta arna sonrú sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.***

4. ***Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.***

5. ***A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra faoi do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith an tráth céanna.***

6. ***Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 6c agus Airteagal 7 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.”* **[Leasú 187]**

(19c) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

“Airteagal 16ac

Nós imeachta coiste

1. Beidh de chúnamh ag an gCoimisiún an Coiste um Chearta Paisinéirí, ar a mbeidh beirt ionadaithe ó gach Ballstát agus beidh ar a laghad duine amháin acu sin ina ionadaí ar chomhlacht náisiúnta forfheidhmiúcháin. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.” **[Leasú 188]**

(20) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 17:

‘Article 17

Athbhreithniú agus tuairisciú

~~1.~~

~~Faoin … [5 bliana, ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo] agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, tuairisceoidh an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le liosta na n-imthosca urghnácha a leagtar amach san Iarscríbhinn, i bhfianaise na dteagmhas a dhéanann difear d’oibriú tráthúil éifeachtach eitiltí a tharla le linn an 2 bhliain roimh gach tuarascáil.~~

~~Beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil nuair is gá.~~

[Leasú 189]

2. Faoin … [5 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo] agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, tuairisceoidh an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le hoibriú, forfheidhmiú agus torthaí an Rialacháin seo. Áireoidh an Coimisiún sa tuarascáil sin faisnéis faoi chosaint fheabhsaithe a thugtar d'aerphaisinéirí ar eitiltí arna n-oibriú ag aeriompróirí tríú tír chuig tríú tíortha agus uathu.

~~Áireofar sa tuarascáil sin freisin athbhreithniú ar na méideanna a leagtar amach in Airteagal 7(1) agus ar na céatadáin a leagtar amach in Airteagal 10(2), agus aird á tabhairt, inter alia, ar éabhlóid na dtáillí aeir, an ráta boilscithe agus an staidreamh maidir le cead bordála a diúltaíodh, cealuithe, moilleanna agus nasceitiltí a cailleadh atá inchurtha i leith aeriompróirí, chomh maith le staidreamh maidir le híosghrádú, le linn na 5 bliana roimhe sin.~~

[Leasú 190]

Sa tuarascáil atá le tíolacadh faoin … [5 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo] de bhun na chéad fhomhíre, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an méid seo a leanas freisin:

~~(a) a riachtanaí agus a indéanta atá sé athbhreithniú a dhéanamh ar raon feidhme an Rialacháin seo d'fhonn cosaint paisinéirí agus an cothrom iomaíochta idir aeriompróirí an Aontais agus aeriompróirí tríú tír, agus gnéithe nascachta, a fheabhsú tuilleadh. Go háirithe, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na rioscaí a bhaineann le coinbhleacht dlínsí agus ar na deacrachtaí a bhaineann le forfheidhmiú agus molfaidh sé bealaí chun na rioscaí sin a mhaolú agus chun aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí sin;~~ **[Leasú 191]**

~~(b) a riachtanaí atá sé na tairseacha a leagtar amach in Airteagal 7(2) a choigeartú ar bhonn staidreamh maidir le héabhlóid na moilleanna agus na gcealuithe le linn na 5 bliana roimh an measúnú ón gCoimisiún agus gach bliain ón … [2 bhliain ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo];~~ **[Leasú 192]**

(c) a indéanta atá sé tuilleadh uathoibrithe a dhéanamh ar iarrataí ar chúiteamh i leith moilleanna nó ar íocaíochtaí cúitimh ina leith sin.

Beidh tograí reachtacha ag gabháil leis an tuarascáil i gcás inar gá.;';

(21) déantar an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo a chur ag gabháil le Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 mar an Iarscríbhinn.

Airteagal 2

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2027/97 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, leasaítear mír 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) ciallaíonn 'aeriompróir de chuid an Aontais' aeriompróir a bhfuil ceadúnas bailí oibriúcháin aige a dheonaigh Ballstát i gcomhréir le forálacha Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*;

_____

* Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh oibriú aersheirbhísí sa Chomhphobal (IO L 293, 31.10.2008,, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1008/oj).'

(b) cuirtear na pointí seo a leanas leis:

‘(h) ciallaíonn ‘trealamh soghluaisteachta’ aon trealamh atá beartaithe chun cúnamh a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas nó do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, de réir bhrí Airteagal 2, pointe (a), de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, maidir lena soghluaiseacht;

(i) ciallaíonn ‘madra cuidithe aitheanta’ madra atá oilte go sonrach chun neamhspleáchas agus féinchinntiúchán daoine faoi mhíchumas a mhéadú agus a aithnítear go hoifigiúil i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta is infheidhme, i gcás inarb ann do rialacha den sórt sin;

(j) ciallaíonn ‘formáid inrochtana’ formáid lena dtugtar rochtain ar aon fhaisnéis ábhartha do dhuine faoi mhíchumas agus do dhuine a bhfuil a shoghluaisteacht nó a soghluaitseacht laghdaithe, lena n-áirítear trí rochtain a thabhairt don duine sin ar bhealach atá chomh furasta agus compordach leis an rochtain a thugtar do dhuine gan mhallachar ná míchumas, agus a chomhlíonann na ceanglais inrochtaineachta a shainítear i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme, go háirithe Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**;

(k) ciallaíonn ‘idirghabhálaí’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach, seachas iompróir, atá ag gníomhú, chun críoch a bhaineann lena thrádáil, lena ghnó nó lena ghairm, thar ceann iompróra nó paisinéara chun conradh iompair a thabhairt i gcrích;

(l) ciallaíonn ‘earra pearsanta’ píosa bagáiste nár seiceáladh isteach~~, ar gné riachtanach é d’iompar paisinéirí~~, a chomhlíonann ceanglais slándála agus sábháilteachta, agus ag a bhfuil uastoisí 40x30x15 cm nó ar an gcoinníoll go dtéann sé faoin suíochán os comhair an tsuíocháin ina bhfuil an paisinéir ina shuí nó ina suí; **[Leasú 193]**

(m) ciallaíonn ‘bagáiste láimhe’ píosa bagáiste nár seiceáladh isteach agus nach earra pearsanta é agus a chomhlíonann ceanglais slándála agus sábháilteachta.

_____

[*] Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir leis na cearta atá ag daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus iad ag taisteal d'aer (IO L 204, 26.7.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1107/oj).

[**]Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 i ndáil leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí (IO L 151, 7.6.2019, lch. 70, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/882/oj).;'

(2) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'Beidh dliteanas aeriompróra de chuid an Aontais i leith paisinéirí agus a gcuid bagáiste faoi rialú ag forálacha uile Choinbhinsiún Montréal a bhaineann leis an dliteanas sin. Áirítear leis sin dliteanas aeriompróra de chuid an Aontais maidir le moill ar phaisinéirí nó ar an mbagáiste.;'

(3) in Airteagal 3, ~~scriostar mír 2;~~***cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:***

“2. Ag gach aerfort laistigh den Aontas, bunóidh an t-aeriompróir de chuid an Aontais agus na láimhseálaithe ar an talamh atá ag gníomhú thar a cheann seirbhís a sholáthraíonn foirmeacha gearáin do phaisinéirí a cheadaíonn dóibh gearán a chur isteach láithreach faoi bhagáiste a ndearnadh damáiste dó nó a cailleadh ar theacht dóibh. Ar an gcaoi chéanna, áiritheoidh an t-aeriompróir de chuid an Aontais go dtabharfar rochtain éasca sho-úsáidte do phaisinéirí ar an bhfoirm ghearáin dá dtagraítear sa mhír seo trí chóid QR a úsáid. Déanfar cóid QR den sórt sin a chur in iúl agus a thaispeáint ar bhealach soiléir agus infheicthe, lena n-áirítear ag deasca seiceála isteach, ag deasca seirbhíse aerfoirt, ag geataí bordála agus ar shuíomh gréasáin an aeriompróra nó ar ardán coibhéiseach ar líne, ionas go mbeidh paisinéirí in ann rochtain a fháil ar an bhfoirm ghearáin go tapa agus gan deacracht mhíchuí. Maidir leis an bhfoirm ghearáin, a d’fhéadfadh a bheith i bhfoirm tuarascála ar neamhrialtacht maoine (PIR), glacfaidh an t-aeriompróir léi ag an aerfort mar ghearán de bhun Airteagal 31(2) de Choinbhinsiún Montréal. Ní dhéanfadh sin difear do cheart an phaisinéara gearán a dhéanamh ar mhodhanna eile laistigh de na spriocanna a leagtar síos i gCoinbhinsiún Montréal.’

[Leasú 194]

2a. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, ina leagtar síos foirm na foirme caighdeánaithe éilimh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin/scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 6f(2).” **[Leasú 195]**

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3a:

‘Airteagal 3a

An tsuim fhorlíontach a fhéadfaidh aeriompróir de chuid an Aontais a éileamh, i gcomhréir le hAirteagal 22(2) de Choinbhinsiún Montréal, agus gan dochar d’Airteagal 6a, nuair a dhéanann paisinéir dearbhú speisialta leasa i seachadadh a chuid bagáiste nó a cuid bagáiste ag an gceann scríbe, beidh an tsuim sin bunaithe ar tharaif a léiríonn na costais bhreise iompair agus árachais maidir leis an mbagáiste a bhfuil a luach os cionn na teorann dliteanais. Cuirfear an taraif ar fáil do phaisinéirí arna iarraidh sin dóibh.’;’

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5:

‘Airteagal 5

1. I gcás bás paisinéirí nó i gcás ina ngortaítear iad, íocfaidh an t-aeriompróir de chuid an Aontais, gan mhoill, agus i gcás ar bith tráth nach déanaí ná 15 lá tar éis chéannacht an duine nádúrtha atá i dteideal cúitimh a bheith suite, na réamhíocaíochtaí sin a d’fhéadfadh a bheith ag teastáil chun freastal ar riachtanais eacnamaíocha láithreacha ar bhonn atá comhréireach leis an gcruatan a fulaingíodh.

2. Gan dochar do mhír 1, ní bheidh réamhíocaíocht i gcás bás paisinéirí níos lú ná 16 %, in aghaidh an phaisinéara, den teorainn dliteanais a leagtar síos faoi Airteagal 21(1) de Choinbhinsiún Montréal agus ag an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta de bhun Airteagal 24(2) de Choinbhinsiún Montréal.’

3. Ní hionann réamhíocaíocht agus dliteanas a aithint agus féadfar í a fhritháireamh in aghaidh aon suimeanna a íocfar ina dhiaidh sin ar bhonn dliteanas aeriompróra de chuid an Aontais, ach ní bheidh sí in-aischurtha, ach amháin sna cásanna a fhorordaítear in Airteagal 20 de Choinbhinsiún Montréal nó i gcás nárbh é nó í an duine a fuair an réamhíocaíocht an duine a bhí i dteideal cúitimh.;

3a. Má tá bagáiste caillte, má tá moill air nó má dhéantar damáiste dó, tabharfaidh aerlínte cúiteamh ar dtús do na paisinéirí a bhfuil conradh curtha i gcrích acu leo sular féidir leo éileamh a dhéanamh i gcoinne na n-aerfort sin nó na soláthraithe seirbhíse don damáiste, nach gá gurb iad féin atá freagrach as.' **[Leasú 196]**

(6) leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. ***Agus iompar d’aer á dhíol san Aontas acu, soláthróidh na haeriompróirí faisnéis chuimsitheach do phaisinéirí ar bhealach soiléir agus inrochtana maidir leis na nósanna imeachta is infheidhme a bheidh le leanúint i gcás ina gcaillear bagáiste, i gcás ina bhfuil moill air nó i gcás ina ndéantar damáiste dó. Agus iompar d’aer á dhíol san Aontas acu,*** áiritheoidh na haeriompróirí ~~uile,~~ ~~agus iompar d’aer san Aontas á dhíol acu, go ndéanfar~~***go gcuirfear*** achoimre ar ~~na príomhfhorálacha lena rialaítear dliteanas i leith paisinéirí agus a gcuid bagáiste~~***fáil do phaisinéirí ag gach pointe díola***, lena n-áirítear ~~sprioc-amanna~~***na spriocdhátaí*** chun caingean ~~le haghaidh cúitimh~~ a chomhdú ***i ndáil le cúiteamh*** agus an ~~fhéidearthacht~~***deis chun*** dearbhú speisialta a dhéanamh maidir le bagáiste, ~~a chur ar fáil do phaisinéirí ag gach díolphointe,~~ lena n-áirítear díol ar an ~~teileafón~~***nguthán*** agus tríd an idirlíon. Chun an ceanglas faisnéise sin a chomhlíonadh, úsáidfidh aeriompróirí de chuid an Aontais an fógra atá san Iarscríbhinn. Ní féidir ***feidhm a bhaint as*** achoimre ~~ná~~***nó*** fógra den sórt sin ~~a úsáid~~ mar bhonn d’éileamh ar chúiteamh, ná chun forálacha an Rialacháin seo nó Choinbhinsiún Montréal a ~~léirmhíniú~~***léiriú***.~~;’;~~ **[Leasú 197]**

(aa) ***cuirtear an mhír seo a leanas isteach:***

> ***“Agus iompar d’aer á dhíol san Aontas acu, áiritheoidh na haeriompróirí uile go gcuirfear achoimre ar fáil do phaisinéirí ag gach pointe díola, lena n-áirítear díol ar an nguthán agus tríd an idirlíon, ar achoimre é de na príomhfhorálacha lena rialaítear dliteanas as paisinéirí agus a gcuid bagáiste, lena n-áirítear na spriocdhátaí chun caingean a chomhdú i ndáil le cúiteamh agus an deis chun dearbhú speisialta a dhéanamh maidir le bagáiste. Chun an ceanglas faisnéise sin a chomhlíonadh, úsáidfidh aeriompróirí de chuid an Aontais an fógra atá san Iarscríbhinn. Ní féidir feidhm a bhaint as achoimre nó fógra den sórt sin mar bhonn d’éileamh ar chúiteamh, ná chun forálacha an Rialacháin seo nó Choinbhinsiún Montréal a léiriú. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 6d chun na méideanna atá luaite san Iarscríbhinn a choigeartú, cé is moite den mhéid atá luaite in Airteagal 5(2), i bhfianaise cinnidh ón Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta de bhun Airteagal 24(2) de Choinbhinsiún Montréal.”`**
> **[Leasú 198]**

(b) i mír 2, cuirtear an fhleasc seo a leanas léi:

‘– an ceart dearbhú speisialta leasa a dhéanamh, saor in aisce, maidir le luach a dtrealaimh soghluaisteachta i gcás inar duine faoi mhíchumas nó duine a bhfuil a shoghluaisteacht nó a soghluaisteacht laghdaithe é nó í an paisinéir.;’

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. I gcás an iompair uile a dhéanann aeriompróirí de chuid an Aontais, is iad na teorainneacha a bhunaítear leis an Rialachán seo na teorainneacha a léirítear i gcomhréir leis na ceanglais faisnéise i míreanna 1 agus 2, ach amháin má chuireann aeriompróir de chuid an Aontais teorainneacha níos airde i bhfeidhm trí ghealltanas deonach ar a thionscnamh féin. I gcás an iompair uile a dhéanann aeriompróirí tríú tír, ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 ach amháin maidir le hiompar chuig an Aontas, ón Aontas nó laistigh den Aontas.;’

(d) cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

‘4. Cuirfidh gach aeriompróir foirm ar fáil, ar a bhfeidhmchláir mhóibíleacha agus ar a suíomhanna gréasáin, a chuireann ar chumas an phaisinéara gearán ar líne nó gearán cruachóipe a chomhdú láithreach faoi bhagáiste a ndearnadh damáiste dó, ar cuireadh moill air nó a cailleadh. Measfaidh an t-aeriompróir gurb é dáta tíolactha na foirme sin dáta comhdaithe an ghearáin de bhun Airteagal 31(2) agus 31(3) de Choinbhinsiún Montréal, fiú má iarrann an t-aeriompróir tuilleadh faisnéise ar dháta níos déanaí. Ní dhéanfaidh an mhír seo difear do cheart an phaisinéara gearán a thíolacadh ar mhodhanna eile laistigh de na sprioc-amanna a leagtar síos le Coinbhinsiún Montréal.

5. An fhaisnéis uile a sholáthraítear de bhun an Airteagail seo, agus foirmeacha gearáin, beidh siad i bhformáid inrochtana agus cuirfear ar fáil iad freisin do dhaoine nach n-úsáideann uirlisí digiteacha.

6. Beidh feidhm ag na hoibleagáidí faisnéise uile de bhun an Airteagail seo freisin maidir le hidirghabhálaithe, agus iompar d'aer chuig an Aontas, ón Aontas nó laistigh den Aontas á dhíol acu.;'

(7) cuirtear na hairteagail seo a leanas isteach:

'Article 6a

1. Aon uair a bheidh trealamh soghluaisteachta a seiceáladh isteach nó ~~madra~~***madraí*** cuidithe aitheanta á ~~iompar~~***n-iompar*** ag aeriompróir de chuid an Aontais, ***cuirfidh sé paisinéirí ar an eolas faoina gcearta agus*** áiritheoidh ~~sé~~***siad*** go dtabharfar an rogha do gach duine faoi mhíchumas nó gach duine a bhfuil a shoghluaisteacht nó a soghluaisteacht laghdaithe dearbhú speisialta leasa sa seachadadh ag ceann scríbe a dhéanamh, i bhformáid inrochtana, de bhun Airteagal 22(2) de Choinbhinsiún Montréal, tráth na háirithinte, ag an am céanna leis an bhfógra de bhun Airteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 agus, ar a dhéanaí, nuair a thugtar an trealamh don aeriompróir agus, i gcás madra cuidithe aitheanta, tráth bordála. Sa chás sin, ní ghearrfaidh an t-aeriompróir de chuid an Aontais táille bhreise ar na paisinéirí lena mbaineann. ***Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos foirm-mhúnla a bheidh le húsáid i gcomhair dearbhú leasa. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 59(2).*** I gcás ina scriostar trealamh, ina gcaillltear é~~,~~, ina ndéantar damáiste dó nó ina gcuirtear moill air, nó i gcás bás madra chuidithe aitheanta nó i gcás ina ngortaítear é, féadfaidh an t-aeriompróir de chuid an Aontais a cheangal ar an duine faoi mhíchumas nó ar an duine a bhfuil a shoghluaisteacht nó a soghluaisteacht laghdaithe cruthúnas a sholáthar ar an gcostas a bhaineann le hathsholáthar an trealaimh soghluaisteachta nó an mhadra chuidithe aitheanta, lena n-áirítear an costas a bhaineann

le hathsholáthar sealadach, chun tacú leis an méid a dhearbhaítear sa dearbhú speisialta leasa.**[Leasú 199]**

Agus iompar d’aer á dhíol thar ceann aeriompróra de chuid an Aontais, ~~tabharfaidh~~***cuirfidh*** na hidirghabhálaithe ***na paisinéirí ar an eolas faoina gcearta agus tabharfaidh siad*** rogha do na paisinéirí lena mbaineann dearbhú speisialta leasa a dhéanamh, i bhformáid inrochtana, de bhun Airteagal 22(2) de Choinbhinsiún Montréal, tráth na háirithinte, ag an am céanna leis an bhfógra de bhun Airteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006. Tabharfar an dearbhú speisialta leasa sin faoi na coinníollacha céanna a leagtar amach sa chéad fhomhír. Tarchuirfidh an t-idirghabhálaí an dearbhú chuig an aeriompróir de chuid an Aontais a luaithe is féidir. **[Leasú 200]**

2. I gcás scriosadh, cailliúint, damáiste nó moill i dtaca le hiompar trealaimh soghluaisteachta a seiceáladh isteach nó i gcás bás madra chuidithe e aitheanta nó i gcás ina ngortaítear madra cuidithe aitheanta, beidh an t-aeriompróir de chuid an Aontais faoi dhliteanas suim a íoc nach mó í ná an tsuim a dhearbhaigh an paisinéir; ach amháin má chruthaíonn sé go bhfuil an tsuim a éilítear níos mó ná leas iarbhír an duine sa seachadadh ag ceann scríbe.

3. I gcás ina bhfuil feidhm ag mír 2, agus gan dochar d’Airteagail 7 agus 8 agus d’Iarscríbhinn I, an ceathrú fomhír, de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, déanfaidh aeriompróirí an Aontais gach iarracht réasúnta go pras chun athsholáthairtí sealadacha a bhfuil gá leo láithreach a sholáthar le haghaidh trealamh soghluaisteachta a seiceáladh isteach agus réitigh shealadacha a sholáthar a mhéid a bhaineann le hathsholáthar madraí cuidithe aitheanta. Ceadófar don duine faoi mhíchumas nó don duine a bhfuil a shoghluaisteacht nó a soghluaisteacht laghdaithe an t-athsholáthar sealadach sin a choimeád saor in aisce go dtí go n-íocfar an cúiteamh dá dtagraítear i mír 2 nó go dtí go mbeidh na daoine dlítheanacha nó nádúrtha cúitithe ag aeriompróirí an Aontais as na costais a bhaineann le trealamh soghluaisteachta nó madra cuidithe aitheanta a athsholáthar go sealadach.

4. Ní hionann mír 3 a chomhlíonadh agus dliteanas an aeriompróra de chuid an Aontais a aithint.

Airteagal 6aa

1. Áiritheoidh an comhlacht náisiúnta forfheidhmiúcháin arna ainmniú faoi Airteagal 16 de Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 go gcomhlíonfar an Rialachán seo. Chuige sin, déanfaidh sé faireachán ar na nithe seo a leanas:

(a) téarmaí agus coinníollacha conarthaí aeriompair;

(b) tairiscint chórasach dearbhaithe leasa speisialta do threalamh soghluaisteachta cláraithe, agus tairiscint chórasach leibhéal iomchuí cúitimh i gcás damáiste a bheith déanta do threalamh soghluaisteachta;

(c) réamhíocaíocht arna déanamh faoi Airteagal 5(1) nuair is infheidhme;

(d) cur i bhfeidhm Airteagal 6.

2. Chun faireachán a dhéanamh ar chosaint paisinéirí a bhfuil a soghluaiseacht laghdaithe agus paisinéirí faoi mhíchumas i gcás ina ndéantar damáiste dá dtrealamh soghluaisteachta nó d'fheistí cúnta, scrúdóidh an comhlacht náisiúnta forfheidhmiúcháin freisin an fhaisnéis ar ghearáin a bhaineann le trealamh soghluaisteachta arna gcur isteach chuig na comhlachtaí arna n-ainmniú faoi Airteagal 16a de Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 agus cuirfidh sé an fhaisnéis sin san áireamh.

3. Beidh na smachtbhannaí a leagfaidh na Ballstáit síos le haghaidh sáruithe ar an Rialachán seo éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

4. Ina dtuarascálacha bliantúla de bhun Airteagal 16(6) de Rialachán (CE) 261/2004, foilseoidh na Comhlachtaí Náisiúnta Forfheidhmiúcháin staidreamh freisin ar a ngníomhaíochtaí agus ar na smachtbhannaí arna gcur i bhfeidhm maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo.
[Leasú 201]

Article 6b

1. Gan dochar do Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, cuirfidh gach aeriompróir agus idirghabhálaí, agus iompar d'aer chuig an Aontas, ón Aontas nó laistigh den Aontas á dhíol acu, an méid seo a leanas in iúl go soiléir, i bhformáid inrochtana, tráth na háirithinte, agus ar a bhfeidhmchláir mhóibíleacha agus ar a suíomh gréasáin, agus, thairis sin, i gcás aeriompróirí, cuirfidh siad an méid seo a leanas ar fáil freisin, arna iarraidh sin ag an aerfort (lena n-áirítear ag meaisíní seiceáil isteach féinseirbhíse):

- an lamháltas uasta bagáiste i dtéarmaí toise agus meáchain a cheadaítear do phaisinéirí a iompar sa chábán agus i mbolg an aerárthaigh, a chomhfhreagraíonn don táille don aicme iompair le haghaidh gach ceann de na heitiltí a áirítear in áirithint paisinéara;
- aon srianta ar líon na n-earraí a mbeadh feidhm leo laistigh de lamháltas uasta bagáiste áirithe;
- na coinníollacha faoina n-iompraítear earraí leochaileacha nó luachmhara, amhail uirlisí ceoil, trealamh spóirt, naíchóistí agus naíshuíocháin, i gcábán na bpaisinéirí nó i mbolg lasta an aerárthaigh;
- gan dochar do mhír 2, muirir bhreise a d'fhéadfaí a ghearradh ar bhagáiste a seiceáladh isteach agus nár seiceáladh isteach a iompar, lena n-áirítear uirlisí ceoil dá dtagraítear in Airteagal 6c,

– na cúiseanna sonracha a d’fhéadfadh bac a chur ar bhagáiste nár seiceáladh isteach a iompar sa chábán de bhun mhír 3.

Ní mór seirbhísí taistil lárnacha agus muirir bhreise a bheith so-aitheanta go soiléir agus ní mór a bheith in ann iad a cheannach ar leithligh óna chéile. **[Leasú 202]**

Má aistrítear bagáiste láimhe ó chábán an aerárthaigh go dtína bholg roimh bhordáil nó roimh éirí de thalamh, ní mór é a thabhairt ar ais do phaisinéirí mar bhagáiste láimhe agus iad ag díbhordáil. **[Leasú 203]**

2. Gan dochar do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, ceadóidh aeriompróirí do phaisinéirí earra pearsanta ***agus bagáiste láimhe*** a iompar ***laistigh de na toisí uasta 100 cm (suim an fhaid, an leithid, agus na hairde)*** sa chábán ***agus*** gan aon chostas breise ***i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh***. ***261/2004. Féadfar méid bagáiste cábáin atá ceadaithe a chur in iúl i dtoisí uasta nó i meáchain uasta den mhéid bagáiste cábáin atá ceadaithe in aghaidh an phaisinéara, nó an dá cheann, ach gan aon srian ar líon sonrach na n-ítimí a iompraítear.*** **[Leasú 204]**

3. I gcás ina gcuirtear bac ar earra pearsanta dá dtagraítear i mír 2 nó bagáiste láimhe a iompar sa chábán ar chúiseanna sonracha, amhail cúiseanna sábháilteachta, cúiseanna toillte nó athrú ar an gcineál aerárthaigh ó rinneadh an áirithint, féadfaidh an t-aeriompróir an bagáiste sin nár seiceáladh isteach a iompar i mbolg an aerárthaigh, ach gan aon chostas breise a ghearradh ar an bpaisinéir.

4. Beidh feidhm ag míreanna 2 agus 3 maidir le gach aeriompróir a imíonn ó aerfort atá suite i gcríoch Ballstáit a bhfuil feidhm ag na Conarthaí maidir léi agus maidir le gach aeriompróir ~~de chuid an Aontais~~ a thagann isteach i gcríoch Ballstáit a bhfuil feidhm ag na Conarthaí maidir léi. **[Leasú 205]**

5. Ní dhéanann an tAirteagal seo difear do na srianta ar bhagáiste nár seiceáladh isteach arna mbunú le rialacha de chuid an Aontais amhail iad siúd a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 ón gCoimisiún** agus le rialacha slándála agus sábháilteachta idirnáisiúnta.

Airteagal 6c

1. Tabharfaidh aeriompróir de chuid an Aontais cead do phaisinéir uirlis ceoil a iompar ***isteach*** i gcábán na bpaisinéirí in aerárthach, faoi réir ~~na~~ rialacha slándála agus sábháilteachta ~~is~~ infheidhme agus faoi réir shonraíochtaí ~~teicniúla~~ agus shrianta teicniúla an aerárthaigh lena mbaineann. Glacfar le huirlisí ceoil lena n-iompar i gcábán aerárthaigh ar choinníoll gur féidir na huirlisí sin a stuáil go sábháilte in urrann oiriúnach bagáiste laistigh den chábán nó faoi shuíochán iomchuí paisinéara. ***Nuair a glacfar í le haghaidh iompar laistigh de chábán an aerárthaigh, beidh uirlis cheoil mar chuid den mhéid bagáiste láimhe atá ceadaithe don phaisinéir.*** Féadfaidh ~~aeriompróir~~***an t-aeriompróir*** a chinneadh ~~gur cuid den lamháltas bagáiste nár seiceáladh isteach a cheadaítear do phaisinéir í uirlis ceoil agus nach mbeidh uirlis ceoil á~~***go bhfuil muirir bhreise le bheith i bhfeidhm don bhagáiste láimhe atá le*** hiompar sa bhreis ar an ~~lamháltas sin~~***méid bagáiste atá ceadaithe***. **[Leasú 206]**

2. ~~Faoi réir na rialacha slándála agus sábháilteachta is infheidhme,~~ I gcás ina bhfuil uirlis ~~ceoil~~***cheoil*** rómhór lena stuáil go sábháilte in urrann ***bagáiste*** oiriúnach ~~bagáiste~~ sa chábán nó faoi shuíochán ~~iomchuí~~ paisinéara ***iomchuí***, féadfaidh aeriompróir a iarraidh go n-íocfar táille ***taistil eile más gá uirlis*** ~~eile i gcás ina ndéantar uirlisí ceoil~~ den sórt sin a iompar mar bhagáiste ~~nár seiceáladh isteach ar shuíochán eile~~***láimhe ar dhara suíochán***. ***Ní bheidh táille breise den sórt sin faoi réir na cánach ábhartha imeachta aerfoirt a íoc. I gcás ina gceannaítear*** ~~Ina theannta sin, féadfar a chur de cheangal ar phaisinéirí suíocháin chóngaracha a roghnú agus a cheannach don phaisinéir agus don uirlis cheoil araon,~~ suíochán ~~fuinneoige don~~***eile déanfaidh an t-aeriompróir iarrachtaí réasúnacha an paisinéir agus an*** uirlis cheoil ~~a bheidh i gceann amháin acu i gcónaí. Iomprófar uirlisí ceoil i gcuid de bholg lasta an aerárthaigh atá téite, i gcás ina bhfuil a leithéid ar fáil agus má iarrtar é, faoi réir na rialacha sábháilteachta is infheidhme agus faoi réir shrianta spáis agus shonraíochtaí teicniúla an aerárthaigh~~ lena mbaineann ***a shuí ina aice a chéile***.**[Leasú 207]**

***2a. Iomprófar uirlisí ceoil i gcuid théite de bholg lasta an aerárthaigh, má tá a leithéid ar fáil agus má iarrtar é, faoi réir rialacha sábháilteachta infheidhme agus faoi réir shrianta spáis agus shonraíochtaí teicniúla an aerárthaigh lena mbaineann. Soláthróidh aeriompróirí clibeanna speisialta a bheidh ar taispeáint go soiléir ar uirlisí ceoil chun a áirithiú go ndéanfar iad a láimhseáil leis an gcúram is gá. Ní cheadófar ach uirlisí atá pacáistithe i gceart i gcoimeádán docht agus/nó i gcoimeádán crua-bhlaoisce atá deartha go sonrach le haghaidh nithe den sórt sin a iompar mar lasta aerárthaigh.* [Leasú 208]**

***2b. Léireoidh aeriompróir go soiléir tráth na háirithinte agus ina chuid téarmaí agus coinníollacha an bonn ar a n-iomprófar uirlisí ceoil, lena n-áirítear na muirir is infheidhme, na saoráidí maidir le hiompar uirlisí ceoil atá ar fáil ar an aerárthach lena mbaineann agus toisí na saoráidí sin. I gcás ina gcaithfear an dara suíochán a chur in áirithe, déanfar an fhéidearthacht a thairiscint do phaisinéirí an dara suíochán sin a chur in áirithe ar líne.*[Leasú 209]**

---

* Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na slándála eitlíochta sibhialta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2320/2002 (IO L 97, 9.4.2008, lch. 72), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/300/oj).

** Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 ón gCoimisiún an 5 Samhain 2015 lena leagtar síos bearta mionsonraithe le haghaidh chur chun feidhme na mbunchaighdeán comhchoiteann maidir le slándáil eitlíochta (IO L 299, 14.11.2015, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/1998/oj).;

Airteagal 6b

1. Beidh an Coiste um Chearta Paisinéirí de chúnamh ag an gCoimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. **[Leasú 210]**

(8) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7:

‘Article 7

Faoin … [~~5~~***3*** bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo], cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le hoibriú agus torthaí an Rialacháin seo. ***Beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil nuair is gá.’;*** **[Leasú 211]**

(9) cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2027/97.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

~~Beidh feidhm aige ón … [2 bhliain ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo].~~ **[Leasú 212]**

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*

IARSCRÍBHINN I

‘Iarscríbhinn

~~IARSCRÍBHINN~~*Liosta cuimsitheach d’imthosca is féidir a mheas mar imthosca urghnácha chun críocha an Rialacháin seo* [Leasú 213]

1. ~~Measfar gur imthosca urghnácha iad~~***Is féidir*** na himthosca seo a leanas ***a mheas mar imthosca urghnácha***: **[Leasú 214]**

   ~~(a)~~ ~~imthosca nach bhfuil baint acu le hoibriú an aerárthaigh, amhail:~~ **[Leasú 215]**

   (i) tubaistí nádúrtha ~~nó comhshaoil~~ nach bhfuil comhoiriúnach le hoibriú sábháilte na heitilte; **[Leasú 216]**

   (ii) ~~cúinsí meitéareolaíocha agus~~***staid mheitéareolaíoch atá contrártha le sábháilteacht eitilte nó a rinne*** damáiste don aerárthach ~~atá nasctha le teagmhais mheitéareolaíocha nach~~***le linn eitilte nó ar an tarmac i ndiaidh an deimhnithe scaoilte agus a fhágann go*** bhfuil ~~comhoiriúnach le hoibriú~~***oibriú*** sábháilte na heitilte ~~(amhail buillí tintrí, clocha sneachta, stoirmeacha toirní, suaiteacht thromchúiseach nó gaoth láidir)~~***dodhéanta***; **[Leasú 217]**

(iii) cogadh***, corraíl pholaitiúil, gníomhartha sabaitéireachta nó gníomhartha sceimhlitheoireachta a fhágann nach féidir an eitilt a oibriú go*** ~~nó éirí amach nach bhfuil comhoiriúnach le hoibriú~~ sábháilte ~~na heitilte~~; **[Leasú 218]**

(iv) ~~bagairtí trasteorann~~***rioscaí sláinte nó éigeandálaí liachta a éilíonn go gcuirfear isteach*** ar an ~~tsláinte a thagann faoi raon feidhme Airteagal 2(1) nó (4) de Rialachán (AE) 2022/2371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] agus nach bhfuil comhoiriúnach le hoibriú sábháilte~~***eitilt lena mbaineann nó go gclaonfar ó ruthag*** na heitilte; ~~agus~~ **[Leasú 219]**

(v) ~~imbhuailtí idir an t-aerárthach agus éan nó~~***damáiste d'aerárthach arb é*** rud eachtrach ~~eile nach bhfuil comhoiriúnach le hoibriú sábháilte na heitilte~~***a bhí suite ar rúidbhealach aerfoirt ba chúis leis***; **[Leasú 220]**

~~(b) teagmhais a bhaineann le paisinéir, lena n-áirítear:~~ **[Leasú 221]**

(i) ~~teagmhais a bhaineann le~~***iompraíocht mhícheart paisinéara arb é is cúis leis an bpíolóta atá i gceannas ar an aerárthach an eitilt lena mbaineann a chur ar mhalairt slí chun aerfoirt seachas an t-aerfort teachta chun an paisinéir nó na*** paisinéirí ~~ainrianta de réir bhrí Phrótacal Montréal 2014 nach bhfuil comhoiriúnach le hoibriú sábháilte na heitilte nó a chuireann moill ar imeacht na heitilte~~***sin, agus a mbagáiste, a dhíbhordáil***; **[Leasú 222]**

~~(ii) rioscaí sláinte nó éigeandálaí leighis (amhail breoiteacht thromchúiseach) a thugtar faoi deara go gairid roimh imeacht na heitilte, nó lena n-éilítear go stoptar an eitilt nó go n-imítear ó ruthag na heitilte;~~ **[Leasú 223]**

(c) imthosca eile, amhail: **[Leasú 224]**

~~(i) rioscaí slándála, damáiste de bharr gníomhartha sabaitéireachta nó sceimhlitheoireachta, nó gníomhartha neamhdhleathacha, nach bhfuil comhoiriúnach le hoibriú sábháilte na heitilte;~~ **[Leasú 225]**

(ii) fabht ceilte monaraíochta nó deartha a nochtann an monaróir nó údarás inniúil agus nach bhfuil comhoiriúnach le hoibriú sábháilte na heitilte; **[Leasú 226]**

(iii) ***bainistiú aerthráchta gan choinne nó*** srianta a bhaineann le bainistiú aerthráchta ~~nó le toilleadh aerfort~~***gan choinne***, nó dúnadh aerspáis ***gan choinne, lena n-áirítear dúnadh rúidbhealaigh ag údaráis***; **[Leasú 227]**

~~(iv) dúnadh neamhsceidealaithe aerfoirt, bíodh sé páirteach nó iomlán, lena n-áirítear cliseadh ginearálta ar chórais aerfoirt, gearradh cumhachta agus cliseadh cumarsáide leictreonaí, nó an plean teagmhasach a bheith gníomhachtaithe ag comhlacht bainistithe an aerfoirt;~~ **[Leasú 228]**

(v) ~~stailceanna i~~***díospóidí saothair gan choinne ag an aeriompróir oibriúcháin nó ag*** soláthraithe seirbhísí ~~bunriachtanacha~~***fíor-riachtanacha*** amhail ~~comhlacht bainistithe an~~ aerfoirt~~,~~ ***agus*** Soláthraithe Seirbhísí Aerloingseoireachta, ~~soláthraithe seirbhísí ar an talamh, nó san aeriompróir oibriúcháin i gcás ina bhfuil na~~***gan*** stailceanna ~~nasctha le héilimh lasmuigh de shainchúram an iompróra oibriúcháin~~***ag foireann aerlíne a áireamh ach amháin má eascraíonn siad as éilimh nach féidir ach leis na húdaráis phoiblí a shásamh***; **[Leasú 229]**

~~(vi) ball foirne atá riachtanach d'oibriú na heitilte a bheith as láthair gan choinne, de dheasca breoiteachta nó báis, nuair a tharlaíonn sé sin lasmuigh de bhunáiteanna baile an aeriompróra oibriúcháin nó mar gheall ar phaindéim;~~
[Leasú 230]

(vii) ~~damáiste don~~***imbhualadh aerárthaigh i suíomh páirceála le haerárthach aerlíne eile arbh í gluaiseacht*** aerárthach~~,~~ ~~agus an t-aerárthach ar an talamh, arna dhéanamh ag tríú páirtithe nach bhfuil an t-aeriompróir freagrach astu agus nach bhfuil comhoiriúnach le hoibriú sábháilte na heitilte~~ ***na haerlíne eile ba chúis leis***; **[Leasú 231]**

~~(viii) damáiste do bhonn rotha aerárthaigh arb é rud eachtrach is cúis leis nach bhfuil comhoiriúnach le hoibriú sábháilte na heitilte;~~ **[Leasú 232]**

(ix) ***peitreal a bheith ar*** rúidbhealach ***agus dúnadh an*** aerfoirt ~~a bheith éillithe ar bhealach nach bhfuil comhoiriúnach le hoibriú sábháilte~~***mar thoradh air sin agus, dá bharr sin, moill shuntasach ar eitilt chun an aerfoirt sin nó uaidh, ar choinníoll nach ó aerárthach de chuid an aeriompróra atá ag oibriú*** na heitilte ***an peitreal***;
[Leasú 233]

~~(x) easnaimh sábháilteachta eitilte gan choinne ar threalamh aerárthaigh a fhágann nach bhfuil siad de chaighdeán oibriúcháin inghlactha mar a shainítear sa Mháistirliosta Trealaimh Íosta nó na híosdálaí oibriúcháin trealaimh a bhunaítear ann agus nárbh fhéidir a leigheas le linn cothabháil choisctheach (dá bhforáiltear faoi mhír 2, pointe (a)); agus~~ **[Leasú 234]**

~~(xi) tar éis imeachta, rioscaí sláinte nó éigeandálaí leighis (amhail breoiteacht thromchúiseach) a bhaineann le ball foirne lena n-éilítear go stoptar an eitilt nó go n-imítear ó ruthag na heitilte.~~ **[Leasú 235]**

(xia) imbhualadh idir aerárthach agus éan agus aon damáiste de dheasca imbhualadh den sórt sin; **[Leasú 236]**

(xib) ganntanas foirne ag an aerfort a sholáthraíonn seirbhísí luchtaithe bagáiste; **[Leasú 237]**

(xic) plódú aerfoirt mar gheall ar staid mheitéareolaíoch, ina bhfágtar oibleagáid ar an oibreoir aerárthaí moill a chur ar an eitilt nó an eitilt a chealú; **[Leasú 238]**

(xid) teip ghinearálaithe ar chóras athbhreoslaithe na n-aerárthaí, i gcás ina bhfuil aerfort tionscnaimh na heitilte nó an aerárthaigh lena mbaineann freagrach as córas athbhreoslaithe na n-aerárthaí. **[Leasú 239]**

~~2. Ní mheasfar gur imthosca urghnácha iad na himthosca seo a leanas:~~

~~(a) fadhbanna teicniúla a d'fhéadfaí a leigheas le linn cothabháil choisctheach i gcomhréir le rialacha agus nósanna imeachta an Aontais maidir le haeracmhainneacht leanúnach aerárthaí a bhainistiú;~~

~~(b) cinntí oibríochtúla agus nósanna imeachta a bhaineann le baill foirne atá déanach, seiceáil isteach dhéanach agus bordáil dhéanach; agus~~

~~(c) an fhoireann eitilte nó an fhoireann cábáin gan a bheith ar fáil (ach amháin más stailceanna dá dtagraítear i mír 1, pointe (c)(v), nó neamhláithreachtaí gan choinne de dheasca breoiteachta nó báis dá dtagraítear i mír 1, pointe (c)(vi), is cúis leis sin).~~

1 ~~Rialachán (AE) 2022/2371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE (IO L 314, 6.12.2022, lch. 26, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2371/oj).'~~ **[Leasú 240]**

IARSCRÍBHINN II

‘Annex

Fógra faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 6

FÓGRA FAISNÉISE MAIDIR LE DLITEANAS AERIOMPRÓIRÍ I LEITH PAISINÉIRÍ AGUS A gCUID BAGÁISTE

San fhógra faisnéise seo, déantar achoimre ar na rialacha dliteanais atá á gcur i bhfeidhm ag aeriompróirí de chuid an Aontais faoi mar a cheanglaítear le reachtaíocht an Aontais Eorpaigh agus le Coinbhinsiún Montréal.

CÚITEAMH I gCÁS BÁIS NÓ GORTÚ

Níl aon teorainneacha airgeadais leis an dliteanas i leith gortú do phaisinéir nó bás paisinéara ar tionóisc ar bord an aerárthaigh nó tionóisc le linn aon cheann de na hoibríochtaí a bhaineann le bordáil nó díbhordáil is cúis leis.

Gan dochar d’Airteagal 20 de Choinbhinsiún Montréal maidir leis an aeriompróir a shaoradh, i gcás damáistí suas go dtí an teorainn arna leagan síos faoi Airteagal 21 de Choinbhinsiún Montréal mar a thug an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta cothrom le dáta í de bhun Airteagal 24(2) de Choinbhinsiún Montréal (sonróidh an t-aeriompróir an neasmhéid san airgeadra áitiúil idir lúibíní), ní féidir leis an aeriompróir a dhliteanas a eisiamh ná a theorannú. Maidir le méideanna atá níos airde ná an méid sin, níl an t-aeriompróir faoi dhliteanas má chruthaíonn sé an méid seo a leanas:

– níor tharla an damáiste toisc go raibh an t-aeriompróir nó a chuid seirbhíseach nó a chuid gníomhairí faillitheach nó go ndearna siad gníomh éagórach nó neamhghníomh eile, nó

– an t-aon chúis ar tharla an damáiste is ea go raibh tríú páirtí faillitheach nó go ndearna sé gníomh éagórach nó neamhghníomh eile.

RÉAMHÍOCAÍOCHTAÍ

Má mharaítear nó má ghortaítear paisinéir, ní mór don aeriompróir réamhíocaíocht a dhéanamh, chun riachtanais láithreacha eacnamaíocha a chumhdach, laistigh de 15 lá ón duine atá i dteideal cúitimh a shainaithint. I gcás báis, ní bheidh an réamhíocaíocht sin níos lú ná 16 % den teorainn arna leagan síos faoi Airteagal 21 de Choinbhinsiún Montréal mar a thug an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta cothrom le dáta í de bhun Airteagal 24(2) de Choinbhinsiún Montréal (sonróidh an t-aeriompróir an neasmhéid san airgeadra áitiúil idir lúibíní).

MOILLEANNA A CHUIRTEAR AR PHAISINÉIRÍ

I gcás ina gcuirtear moill ar phaisinéir, tá an t-aeriompróir faoi dhliteanas i leith damáiste ach amháin má rinne sé gach beart réasúnta chun an damáiste a sheachaint nó ach amháin nárbh fhéidir na bearta sin a dhéanamh. Tá an dliteanas i leith moill ar phaisinéirí teoranta don teorainn arna leagan síos faoi Airteagal 22(1) de Choinbhinsiún Montréal mar a thug an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta cothrom le dáta í de bhun Airteagal 24(2) de Choinbhinsiún Montréal (sonróidh an t-aeriompróir neasmhéid san airgeadra áitiúil idir lúibíní).

MOILLEANNA AR BHAGÁISTE

I gcás ina gcuirtear moill ar bhagáiste, tá an t-aeriompróir faoi dhliteanas i leith damáiste suas go dtí an teorainn arna leagan síos faoi Airteagal 22(2) de Choinbhinsiún Montréal mar a thug an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta cothrom le dáta í de bhun Airteagal 24(2) de Choinbhinsiún Montréal (sonróidh an t-aeriompróir an neasmhéid san airgeadra áitiúil idir lúibíní), agus tá feidhm ag an teorainn chúitimh in aghaidh an phaisinéara seachas in aghaidh an phíosa bagáiste a seiceáladh isteach. Ní bheidh an t-aeriompróir faoi dhliteanas má rinne sé gach beart réasúnta chun an damáiste a eascraíonn as an moill sin a sheachaint nó nárbh fhéidir na bearta sin a dhéanamh.

BAGÁISTE A SCRIOSADH NÓ A CHAILLEADH NÓ DAMÁISTE A DHÉANAMH DÓ

Tá an t-aeriompróir faoi dhliteanas i leith damáiste suas go dtí an teorainn arna leagan síos faoi Airteagal 22(2) de Choinbhinsiún Montréal mar a thug an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta cothrom le dáta í de bhun Airteagal 24(2) de Choinbhinsiún Montréal (sonróidh an t-aeriompróir an neasmhéid san airgeadra áitiúil idir lúibíní), agus tá feidhm ag an teorainn chúitimh in aghaidh an phaisinéara seachas in aghaidh an phíosa bagáiste.

I gcás bagáiste a seiceáladh isteach agus a ndearnadh damáiste dó nó a cailleadh, tá an t-aeriompróir faoi dhliteanas ina leith sin murar tharla an damáiste mar thoradh ar fhabht, cáilíocht nó locht a bhí sa bhagáiste cheana.

I gcás bagáiste nár seiceáladh isteach (bagáiste ~~cábáin~~***láimhe***), lena n-áirítear earraí pearsanta, ~~níl an t-aeriompróir~~***ní bheidh an t-aeriompróir*** faoi dhliteanas ach amháin ~~más é~~***má tharla an damáiste mar thoradh ar an*** locht ~~an aeriompróra~~***a bheith air*** féin nó ~~locht~~***ar*** a chuid seirbhíseach nó ***ar*** a chuid gníomhairí ~~ba chúis leis an damáiste~~.
[Leasú 241]

TEORAINNEACHA NÍOS AIRDE DO BHAGÁISTE

Is féidir le paisinéir leas a bhaint as teorainn níos airde dliteanais trí dhearbhú speisialta a dhéanamh tráth na seiceála isteach, ar a dhéanaí, agus trí tháille fhorlíontach a íoc más gá. ~~Beidh an táille fhorlíontach sin bunaithe~~***Is*** ar tharaif a bhaineann leis na costais bhreise ~~atá~~***a bheidh*** i gceist leis an mbagáiste ~~lena mbaineann~~ a iompar agus a chur faoi árachas ~~de bhreis ar theorainn~~***a bhunófar an táille fhorlíontach sin le cois agus os cionn teorainn*** dliteanais na teorann arna leagan síos faoi Airteagal 22(2) de Choinbhinsiún Montréal mar a thug an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta cothrom le dáta í de bhun Airteagal 24(2) de Choinbhinsiún Montréal (sonróidh an t-aeriompróir an neasmhéid san airgeadra áitiúil idir lúibíní). Cuirfear an taraif ar fáil do phaisinéirí arna iarraidh sin dóibh. **[Leasú 242]**

Tabharfar rogha do dhaoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, go córasach, tráth na háirithinte, ag an am céanna leis an bhfógra de bhun Airteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, agus ar a dhéanaí nuair a thugtar an trealamh don aeriompróir agus, i gcás madra cuidithe aitheanta, tráth bordála, dearbhú speisialta leasa a dhéanamh, i bhformáid inrochtana, chun a dtrealamh soghluaisteachta nó a madra cuidithe aitheanta a iompar, gan aon chostas breise.

SAORADH

Má chruthaíonn an t-iompróir gur faillí nó gníomh éagórach nó neamhghníomh eile a rinne an duine a bhfuil cúiteamh á éileamh aige nó aici, nó a rinne an duine óna bhfaigheann sé nó sí a chuid nó a cuid ceart, ba chúis le haon damáiste a chumhdaítear leis na rialacha dliteanais a chuireann aeriompróirí de chuid an Aontais i bhfeidhm mar a cheanglaítear le Rialachán (CE) Uimh. 2027/97 agus le Coinbhinsiún Montréal, lena n-áirítear bás nó gortú, nó gur cuireadh leis an damáiste sin mar gheall ar fhaillí, gníomh éagórach nó neamhghníomh den sórt sin, saorfar an t-iompróir go hiomlán nó i bpáirt ó dhliteanas i leith an éilitheora sa mhéid gurbh í an fhaillí nó gurbh é an gníomh éagórach nó an neamhghníomh ba chúis leis an damáiste nó gur cuireadh leis an damáiste mar gheall ar an méid sin.

TEORAINN AMA CHUN GEARÁIN A DHÉANAMH FAOI BHAGÁISTE

[Leasú 243]

Má dhéantar damáiste don bhagáiste, má chuirtear moill air, má chaillteár é nó má scriostar é, ní mór don phaisinéir i ngach cás gearán a dhéanamh leis an aeriompróir a luaithe is féidir. Ní mór don phaisinéir gearán a dhéanamh laistigh de theorainn ama 7 lá i gcás ina ndearnadh damáiste do bhagáiste a seiceáladh isteach agus laistigh de theorainn ama 21 lá i gcás bagáiste ar cuireadh moill air, agus sa dá chás, ón dáta ar cuireadh an bagáiste ar fáil don phaisinéir. Chuige sin, féadfaidh paisinéirí foirm thiomnaithe a aimsiú ar na suíomhanna gréasáin agus ar fheidhmchláir ar líne na n-aeriompróirí agus is féidir í a thíolacadh ar pháipéar nó ar líne. Ní mór don aeriompróir glacadh leis an bhfoirm ghearáin sin ag an aerfort amhail is gur gearán í. Measfaidh an t-aeriompróir gurb é dáta tíolactha an ghearáin sin dáta comhdaithe an ghearáin de bhun Airteagal 31(2) agus (3) de Choinbhinsiún Montréal, fiú má iarrann an t-aeriompróir tuilleadh faisnéise ar dháta níos déanaí.

DLITEANAS IOMPRÓIRÍ CONARTHACHA AGUS IOMPRÓIRÍ IARBHÍR

Murab ionann an t-aeriompróir atá ag oibriú na heitilte go hiarbhír agus an t-aeriompróir conarthach, tá sé de cheart ag an bpaisinéir gearán a sheoladh chuig ceachtar acu nó éileamh ar dhamáistí a dhéanamh i gcoinne ceachtar acu. Áirítear ar an méid sin cásanna inar comhaontaíodh dearbhú speisialta leasa sa seachadadh le ceachtar den dá iompróir.

TEORAINN AMA I LEITH CAINGNE

Aon chaingean os comhair na cúirte chun damáistí a éileamh, ní mór í a thionscnamh laistigh de 2 bhliain ón dáta a tháinig an t-aerárthach isteach ar an gceann scríbe, nó ón dáta ba cheart go dtiocfadh an t-aerárthach isteach ar an gceann scríbe.

TREALAMH SOGHLUAISTEACHTA A SCRIOSADH, NÓ A CHAILLEADH, DAMÁISTE A DHÉANAMH DÓ NÓ MOILL A CHUR AIR

Tá an t-aeriompróir faoi dhliteanas i leith scriosadh, cailliúint, damáiste nó moill i dtaca le trealamh soghluaisteachta suas go dtí an teorainn arna leagan síos faoi Airteagal 22(2) de Choinbhinsiún Montréal de bhun Airteagal 24(2) de Choinbhinsiún Montréal (sonróidh an t-aeriompróir an neasmhéid san airgeadra áitiúil idir lúibíní), agus tá feidhm ag an teorainn chúitimh in aghaidh an phaisinéara seachas in aghaidh an phíosa bagáiste.

Is féidir le paisinéir tairbhe a bhaint, gan aon chostas breise, as teorainn dliteanais níos airde trí dhearbhú speisialta a dhéanamh ina sonraítear an costas a bhaineann le hathsholáthar an trealaimh soghluaisteachta, tráth na seiceála isteach ar a dhéanaí.

I gcás scriosadh, cailliúint, damáiste nó moill i dtaca le trealamh soghluaisteachta, íocfaidh an t-aeriompróir cúiteamh nach mó é ná an tsuim arna dearbhú sa dearbhú speisialta.

Sula n-íocfar an cúiteamh sin, déanfaidh an t-aeriompróir gach iarracht réasúnach chun athsholáthairtí sealadacha a bhfuil gá leo láithreach a sholáthar le haghaidh trealamh soghluaisteachta tar éis dheireadh thuras na bpaisinéirí lena mbaineann.’

BUNÚS LEIS AN bhFAISNÉIS

Is é Coinbhinsiún Montréal an 28 Bealtaine 1999, a chuirtear chun feidhme san Aontas le Rialachán (CE) Uimh. 2027/97 (arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 889/2002 agus le Rialachán (AE) …/…[1]) agus sna Ballstáit de bharr a reachtaíochta náisiúnta, an bunús leis na rialacha a gcuirtear síos orthu thuas.

---

1 +IO: Cuir isteach, le do thoil, uimhir thagartha an Rialacháin leasaithigh seo.’